



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Lámhleabhar **Líonraí** **Rannpháirtíochta Poiblí**



CLÁR

	Réamhrá	3
	Cúlra PPN	5
1	Réamhrá	7
2	Struchtúr an PPN	23
3	Ballraíocht PPN	29
4	Grúpaí Nasctha agus Téamacha	35
5	Na hIonadaithe	39
6	An Rúnaíocht	51
7	Na nOibrithe PPN	67
8	Na hÚdaráis Áitiúla	77
9	Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna	85
10	An Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail	87
11	Fís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt	91
12	Measúnú ar an PPN	95

Réamhrá

Is é is Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) ann struchtúr ina dtugtar le chéile grúpaí Pobail agus Deonacha, Comhshaoil agus Cuimsiú Sóisialta i ngach ceantar Údarás Áitiúil.

Bunaíodh Líonraí Rannpháirtíochta Pobail de bhun thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach le Rialtas Áitiúil a foilsíodh in 2014, inar moladh ionchur níos mó ag pobail i gcinnteoireacht ag leibhéal rialtas áitiúil. Foráladh san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 bunú foirmiúil PPNanna agus tá siad anois ag feidhmiú i ngach ceantar údarás áitiúil.

Is é príomhfheidhm an PPN a chur ar chumas ballghrúpaí PPN ionchur a bheith acu agus go gcluiní a nguth i struchtúir fhoirmiúla chinnteoireachta an údaráis áitiúil. Is é an PPN anois an príomhbhealach a nascann údaráis áitiúla le grúpaí atá gníomhach ina gceantar. Nuair a bhíonn gá ag an údarás áitiúil le daoine a bheith páirteach i gcomhairliúcháin nó le suí ar choistí amhail Coistí Áitiúla Forbairt Pobail agus Coistí Polasaí Straitéiseach, tá sé d'iallach orthu a iarraidh ar an PPN ionadaithe a roghnú óna mballraíocht le freastal ar na coistí sin. Le PPN, mar sin de, cuirtear meicníocht ar fáil leis an sreabhadh faisnéise dhá threo a éascú idir an t-údarás áitiúil agus a ghrúpaí chun dul i bhfeidhm ar fhorbairt polasaithe agus ar sholáthar seirbhísí don phobal i gcoitinne.

Bíonn an iomad dúshlán roimh eagrais atá faoi cheannaireacht dheonach agus iad ag obair lena bpobail a fheabhsú. Príomhról eile atá ag an PPN spás a chur ar fáil do ghrúpaí pobail chun fás agus forbairt trí réimse de thacaíocht oiliúna. Feidhmíonn siad freisin mar mhol faisnéise agus coinníonn siad an pobal ar an eolas faoi shaincheistanna ábhartha áitiúla maidir le nuacht, imeachtaí, acmhainní agus tacaíocht. Oibríonn PPN i bpáirt lena lán eagrais agus soláthraithe seirbhísí m.sh. Boird Oideachais

agus Oiliúna, Ionaid Saorálaithe nó Comhlachtaí Forbartha Áitiúla chun tacaíocht a éascú, a cheapadh agus a sholáthar dá mballeagraíochtaí. Tá a luach cruthaithe ag PPNanna freisin le linn na géarchéime trína gcroí-ról i dtionscnamh Glao an Phobail a cuireadh ar bun le linn phaindéim Covid-19 in 2020.

Is é an tOllchruinniú an bunghrúpa cinnteoireachta ag gach PPN agus air seo bíonn ionadaithe ó gach ballghrúpa cláraithe den PPN. Tá grúpa ag gach PPN freisin ar a dtugtar an Rúnaíocht a bhfuil a chuid ball neamhspleách ar an údarás áitiúil. Is iad príomhról na Rúnaíochta na cinntí a dhéanann an Grúpa Iomlánach le cois ghníomhaíochtaí an PPN a comhordú, a chinntiú go bhfeidhmíonn an PPN mar is cuí idir cruinnithe den Ollchruinniú.

Níl aon bhaint ag PPN le polaitíocht agus tá ballraíocht ar oscailt do gach grúpa faoi cheannaireacht saorálaithe/neamhbhrabúis nach bhfuil baint acu le páirtí polaitiúil agus a chomhlíonann critéir bhallraíochta. Is eintiteas é PPN atá iomlán neamhspleách ach, rud atá ríthábhachtach, atá cuntasach fós as úsáid ciste poiblí agus as na gníomhaíochtaí a dhéanann siad thar ceann a bpobal.

Ó bunaíodh iad, is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobal agus na húdaráis áitiúla a chómhaoiníonn PPN. Leithdháiltear an maoiniú bliantúil seo go sainiúil chun costas fostú Oibrí Acmhainne agus Oibrí Tacaíochta a íoc le cois costais leanúnacha oibríochta amhail cóiríocht oifige agus oiliúint.

Cé dó an Lámhleabhar seo?

Scríobhadh an lámhleabhar seo i ndiaidh comhairliúcháin chun an Treoir Úsáideora PPN bhunaidh, a foilsíodh in 2016 agus a uasdátáíodh i mí na Bealtaine 2017 a athbhreithniú. Sa Leabhrán tá treoir, tacaíocht agus, mar ar gá, soiléiriú do gach duine dá bhfuil páirteach nó ar suim leo PPNanna. Áirítear orthu seo:

- Balleagraíochtaí Nua agus Reatha – an tOllchruinniú
- Ionadaithe PPN, Coistí agus Bord
- Rúnaíochtaí PPN
- Oibrithe PPN
- Ionadaithe Tofa agus foireann Údaráis Áitiúla
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Leagtar amach sa Lámhleabhar an dea-chleachtas atá i bhfeidhm anois in PPNanna sna 31 ceantar Údarás Áitiúil uile. De réir mar a fhásfaidh agus a athróidh na PPNanna ar aon dul le riachtanais a mBallghrúpaí agus a bpobal, athróidh an Lámhleabhar dá réir. Mar sin de, athbhreithneofar agus uasdátófar an Lámhleabhar go rialta.

Is é feidhm an Lámhleabhair tacú leis na daoine agus na grúpaí atá mar chuid den PPN (ar a dtugtar freisin na Páirtithe Leasmhara) chun an t-eolas atá uathu a rochtain de réir mar is gá. Tá a chuid féin ag gach grúpa díobh seo, rud a fhágann gur chóir go mbeadh an t-eolas ar fad atá uathu in áit amháin gan dul trí gach cuid eile. B'fhéidir gurbh amhlaidh go mbeadh roinnt róil éagsúla ag grúpa – mar shampla, d'fhéadfadh Ballghrúpa a bheith mar chuid de Grúpa Nasctha agus ionadaí tofa acu agus iad mar chuid den PPN. Más amhlaidh, ba ghá fios a bheith acu cad atá i roinnt codanna de chuid an Lámhleabhair seo. B'fhéidir go dtabharfaí faoi deara, mar sin de, beagán athrá. An fáth atá leis sin, go mbeidh cuid den eolas céanna de dhíth ar ghrúpaí difriúla. Más cuid de ghrúpa amháin thú, gheobhaidh tú an t-iomlán i do chuid féin. Más

cuid de a lán grúpaí thú, b'fhéidir go mbeadh sé i gcuid de na codanna s'agatsa nó iontu uile.

Rud nua eile faoin Lámhleabhar seo go bhfuil d'aidhm aige na réimsí ÉIGEANTACHA (na nithe a chaithfear a dhéanamh) don PPN a leagan amach le cois TREOIR dea-chleachtais i réimsí eile. Tá na nithe a chaithfear a dhéanamh aibhsithe i mboscaí. [!] Ní mór gach riachtanas éigeantach a chomhlíonadh ina n-iomláine. D'fhéadfadh impleachtaí maoinithe a bheith ann do PPN nach gcomhlíonann na riachtanais éigeantacha seo.

Agus an pointe deiridh, tá roinnt Aguisíní sa Lámhleabhar. Tá eolas úsáideach agus teimpléid iontu seo a chuir cuid de na PPNanna iad féin ar fáil nó a d'fhorbair údair an Lámhleabhair seo agus tagairtí do dhea-chleachtais agus gnásanna earnála. Is mar threoir amháin a chuimsítear na teimpléid seo (mura maítear a mhalairt). Tá tuilleadh teimpléad agus tacaíochta sa chuid “Mol Pobail” i mbunachar sonraí PPN Salesforce.

Buíochas

Is mian leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a buíochas a ghabháil leo siúd uile a thóg an t-am chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ar fhorbairt Treoir Úsáideoirí PPN in 2019, agus go háirithe dóibh sin a chuir teimpléad ar fáil. I gcuid de na haighneachtaí sin bhí réimsí atá taobh amuigh de scóip comhairliúcháin athbhreithniú Treoir Úsáideoirí PPN ach, mar sin féin, a thug léargas agus moltaí úsáideacha do réimsí eile le haghaidh feabhsúcháin do na PPNanna. Coinneofar na haighneachtaí seo agus breithneofar iad i bhfianaise obair bhreise a dhéanfaidh an Roinn leis na PPNanna feasta.

Cúlra PPN

Is cnámh droma ár bpobal iad na hoibrithe deonacha. Bíonn ionchur ollmhór ag grúpaí agus eagraíochtaí atá faoi stiúir oibrithe deonacha inár sochaí, sa gheilleagar agus sa chomhshaol. Méideanna agus réimsí suime éagsúla a bhíonn ag na grúpaí seo – ó ghrúpaí móra spóirt go cóir bheaga agus cumainn cónaitheoirí; bíonn dúshraith náisiúnta agus líonra de chraobhacha áitiúla ag cuid acu agus cuid eile, is ina bpobal féin go príomha atá siad gníomhach. Is cuma beag nó mór iad, tá ról tábhachtach acu uile. Dáiríre, de réir na Lár-Oifige Staidrimh in 2015, tá breis agus 520,000 oibrí deonach in eagraíochtaí a bhfuil luach coibhéiseach breis agus €1bn sa bhliain orthu (bunaithe ar íosphá).

Croíghné de chuid PPN is ea rannpháirtíocht eagraíochtaí pobail. Tá maíte ag institiúidí idirnáisiúnta amhail AE agus ECFE go bhfuil rannpháirtíocht saoránach sa saol poiblí agus an ceart atá acu ar thionchar ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu féin agus ar a bpobail **ag croílár an daonlathais**.

Leis an gceapadh polasaithe ar bhonn oscailte, uileghabhálach, méadaítear rannpháirtíocht an phobail, feabhsaítear trédhearcacht agus cuntasacht, cuirtear le hacmhainn an phobail agus an toradh air seo uile tuilleadh páirtíochta agus cinnteoireacht níos fearr. Tá an struchtúr PPN ceaptha le bheith ina **chroípháirtí** chun an fhís seo a chomhlíonadh in Éirinn.

Má tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais ar fhorbairt PPN agus dea-chleachtas daonlathas machnamhach, forbraíodh PPNanna de thairbhe moladh ón nGrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach¹ a d'fhoilsigh a dTuarascáil i mí Feabhra 2014. Sa tuarascáil seo tá athbhreithniú mionsonraithe ar litríocht agus cleachtas ar an ábhar. I staidéar eile a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe² tá breac-chuntas ar an dóigh ar fhorbairt PPNanna ó bunaíodh iad agus sonraítear réimsí inar éirigh leo le cois dúshláin a bhí rompu feadh na slí agus an méid a thig linn a fhoghlaim uathu.

1 <https://www.socialjustice.ie/sites/default/files/attach/civil-society-article/3393/wgcereport.pdf>

2 <https://www.ops2020.gov.ie/case-studies/public-participation-network-case-study-june-2020/>





Céard é PPN?

Tháinig ann do Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) i ndiaidh thuascáil an Ghrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach le Rialtas Áitiúil a foilsíodh in 2013, inar moladh níos mó páirtíochta a bheith ag pobail sna cinntí a dhéanann rialtas áitiúil (mar atá, a nÚdaráis Áitiúla nó comhairlí). Is é an bealach inmholta chun é seo a dhéanamh ná trí PPNanna a ritheadh dlí ina leith san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. De bhun an dlí seo ba chóir PPN a bheith i ngach ceantar Rialtais Áitiúil.

An phríomhchúis a bhí le bunú PPN a chur ar chumas grúpaí pobail ionadaíocht a bheith acu agus ionchur a bheith acu i gcinnteoireacht rialtais áitiúil ar bhealach atá cothrom, soiléir agus measúil. Tá trí phríomhréimse spéise ag na PPNanna, ar a dtugtar freisin “Coláistí”:



Coláiste pobail
agus obair dheonach



Coláiste cuimsiú
sóisialta, agus



Coláiste
comhshaoil

Is cnuasach iad na Coláistí seo de Bhallghrúpaí a bhfuil an réimse spéise céanna acu (tá níos mó eolais ar na Coláistí leagtha amach níos moille sa Lámhleabhar seo). Ainmníonn agus toghann na Coláistí daoine ó na Ballghrúpaí le bheith mar ionadaithe dóibh ar chuid de na Boird agus Coistí a chuireann na hÚdaráis Áitiúla agus eagraíochtaí eile ar bun. Tá sé seo ag croí ghné na **rannpháirtíochta** de na Líonraí **Rannpháirtíochta Pobail**. Seo mar a chluintear guth na mBallghrúpaí ó thaobh an phróisis ceaptha polasaithe de.

Tá PPN neamhspleách agus “neamhpholaitiúil”. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé faoi thionchar seachtarach ar bith agus nach cuid de ghrúpa polaitíochta ar bith é. Cé go bhfuil go leor PPN suite go fisiciúil laistigh den fhoirgneamh Údarás Áitiúil ina gceantar agus go bhfostaíonn an tÚdarás Áitiúil go díreach cuid den fhoireann, is gá nach mbíonn aon tionchar ag an Údarás Áitiúil ar obair an PPN.

Grúpa Náisiúnta Comhairleach a dhéanann maoirseacht ar na PPNanna faoi chathaoirleacht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail³.

Tá na staitisticí is déanaí a bhaineann le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail i dTuarascáil Bhliantúil na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail ar shuíomh gréasáin an Rialtais ag <https://www.gov.ie/en/collection/2c4a7a-public-participation-network-annual-reports/>.

3 Féach Cuid 8

Prionsabail agus Luachanna

Tá an-tábhacht ag baint le héiteas an PPN i dtaca leis an dóigh a n-oibríonn sé. Cloíonn gach PPN le sraith de shé phrionsabal agus iad i mbun a cuid oibre. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh gach PPN a bheith:

- **Cuimsitheach** maidir le gach grúpa atá faoi cheannaireacht oibrithe deonacha ina gceantar agus iarracht ghníomhach a dhéanamh grúpaí a chuimsiú nach gcuimsítear de ghnáth nó nach gcluintear a nguth ach go hannamh.
- **Rannpháirteach**, oscailte, fáilteach, measúil, toilteanach comhoibriú agus tacúil lena chéile. Spreagfaidh an PPN rannpháirtíocht ag Ballghrúpaí ina chuid oibre ar fad. Ba chóir cumarsáid shoiléir a bheith idir na Ballghrúpaí trí úsáid réimse chomh leathan agus is féidir de mhodhanna cumarsáide agus chun a chinntiú go ndéantar teagmháil lena oiread daoine agus is féidir. Ba chóir don PPN tacú le Ballghrúpaí nua agus le Ballghrúpaí nach bhfuil mórán taithí acu.
- **Neamhspleách** ar an Údarás Áitiúil agus ar aon suim leasa ar leith (ní mór don PPN a bheith cuntasach don Údarás Áitiúil i leith a bhuiséid ach é neamhspleách ina chuid oibre).
- **Sásta Luach a Chur ar an Éagsúlacht** agus a aithint go bhfuil réimse leathan de thuairimí, eispéiris agus barúlacha ag na daoine agus na Ballghrúpaí atá sna Coláistí. Táthar ag súil go mbeidh ionchur ag PPN sa chinnteoireacht rialtas áitiúil leis an réimse iomlán de dhearcthaí óna Bhallghrúpaí agus a gColáistí.
- **Trédhearcach** i ngach rud a dhéanann sé. Ba chóir dó cumarsáid oscailte, rialta agus shoiléir a dhéanamh le gach Ballghrúpa.
- **Cuntasach** dá Bhallghrúpaí trí pholasaí agus gnáthaimh dea-rialachais a chur i bhfeidhm.

Is é an bealach is fearr chun a chinntiú go gcomhlíontar gach prionsabal agus luach díobh seo ná Struchtúr Cothrom a bheith acu. Ciallaíonn Struchtúr Cothrom nach rialaíonn aon ghuth ná aon ghrúpa an PPN. Tá tuilleadh eolais ar Struchtúr Cothrom agus an dóigh chun é a fheidhmiú i gCuid 2.

Liosta Acrainmneacha / Gluais Téarmaí

Tá réimse leathan de théarmaí agus sainmhínithe a bhíonn in úsáid agus muid ag caint ar PPN agus a chuid oibre. Uaireanta, shílfeá go raibh a theanga féin ag an PPN! Tá cuid de na téarmaí seo mínithe thíos:

Grúpa Comhairleach Grúpa Comhairleach Náisiúnta PPN an bhrí atá leis seo (féach freisin **NAG** agus Cuid 9).

Ráiteas Torthaí Comhaontaithe achoimre ghearr ar an méid a aontaíodh ar chruinniú, torthaí aon phlé a bhí ann an bhrí atá leis seo (ní chiallaíonn sé seo mionsonraí iomlána gach plé ach ba chóir torthaí a shonrú) le cois aon ghníomh atá le déanamh roimh dháta an chéad chruinnithe eile.

Baill Chomhlacha Is Ballghrúpaí iad seo nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh ballraíocht iomlán den PPN agus níl cead vótála acu.

Coláistí Ciallaíonn sé seo na Coláistí Pobail agus Deonacha; Cuimsiú Sóisialta; agus Comhshaoil a phléitear níos mine i gCuid 2.

Pobal tagraíonn sé seo d'áit (comharsanacht nó limistéar níos mó), d'fhéiniúlacht (amhail grúpa eitneach) nó réimse spéise (amhail tiomantas in éineacht le daoine eile, mar shampla, cearta lucht míchumais).

DoS Stiúrthóir Seirbhísí (Údarás Áitiúil) an bhrí atá leis seo.

Daonlathas Machnamhach an chiall atá leis seo, cineál daonlathais agus cinnteoireachta a bhfuil machnamh, rannpháirtíocht ghníomhach agus plé ina chroílár.

An **Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** a dhéanann maoirseacht ar oibríocht agus forbairt an chórais rialtais áitiúil agus trína gcuirtear ar fáil an creat beartais ina bhfeidhmíonn Údaráis Áitiúla agus ina seachadann siad seirbhísí do na pobail a bhfuil siad ina n-ionadaithe orthu agus ar a bhfreastalaíonn siad. Ó mhí Iúil 2017, tá an creat beartais maidir le LCDC, LECP agus PPN aistrithe ón **Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** go dtí an **Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**. Aithnítear in Airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann ról an rialtais áitiúil chun fóram a chur ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach pobal agus chun cumhachtaí arna dtíolacadh de réir an dlí a chleachtadh agus a fheidhmiú.

An **Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**. (**RFTP/ an Roinn**) a bunaíodh i mí Iúil 2017 chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus chun tacú le pobail bheoga, uileghabhálacha, inbhuanaithe ar fud na hÉireann. Maidir le PPN, is í an Roinn an príomh-mhaoinitheoir, a cheapann Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Chomhairligh agus ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as forbairt agus maoirseacht na PPNanna.

Is í an **Chomhairle Thofa** fóram déanta polasaithe an Údaráis Áitiúil; déanann baill an Cheantair Bhardsaigh cinntí a théann i bhfeidhm ar a gCeantar (áit ar ann do Cheantair Bhardasacha sa cheantar Údarás Áitiúil). Feidhmíonn Comhairlí Tofa 'feidhmeanna forchoimeáda' (a chiallaíonn gur comhairlí tofa amháin a fhéadann na rudaí seo a dhéanamh) san iomad réimsí amhail buiséad Údarás Áitiúil, trádáil, cleamhnas pobal

agus dá réir. An feidhmeannas a bhíonn i mbun bainistíocht laethúil Údarás Áitiúil .i. na hoifigigh lánaímseartha faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá de dhualgas ar an bPríomhfheidhmeannach comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle Thofa i leith chur i ngníomh a fheidhmeanna.

JPC (Comhchoiste Póilíneachta): is Coiste Údarás Áitiúil é ar a bhfuil comhairleoirí, TDanna, na Gardaí agus páirtithe seachtracha amhail PPN a thugann moltaí polasaí ar cheisteanna póilíneachta. Foráiltear in Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána i leith bunú JPC i ngach ceantar riaracháin Údarás Áitiúil agus mar chuid de struchtúir Rialtas Áitiúil.

LAGS Riartar Clár Leader ag leibhéal áitiúil trí Ghrúpaí Gnímh Áitiúla (**LAG**).

LCDC: Coiste Áitiúil Forbairt Pobail – Coiste Údarás Áitiúil ar a bhfuil idir bhaill phoiblí agus phríobháideacha a dhéanann maoirseacht ar chlár forbairt pobail, lena n-áirítear LEADER agus SICAP. Ní mór 5 bhall ar a laghad a bheith ag LCDC arna dtoghadh trí PPN – 2 Cuimsiú Sóisialta, 2 Pobal agus Deonach agus 1 Comhshaoil. Ba chóir freisin tromlach duine amháin a bheith ag baill neamhphoiblí i gcomparáid le baill phoiblí. Is é aidhm LCDC cuir chuige shoiléire, chomhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

LEADER an clár maoiniúcháin a sheachadtar trí LAG ar aidhm dó tacú le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil i gceantair thuaithe. Is clár é LEADER a thacaíonn le fiontraíocht phríobháideach agus grúpaí pobail araon chun tionscadail a sheachadadh a bhfuil de chuspóir acu an saol i gceantair thuaithe a fheabhsú agus éagsúlú gníomhaíocht eacnamaíoch i gceantair thuaithe a chur chun cinn.

LECP an bhrí atá leis seo an **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail** i ngach ceantar eacnamaíochta. Foráiltear san Acht um Athleasú Rialtais Áitiúil 2014 i leith réiteach an LECP. Is é aidhm an LECP leagan amach na gcuspoirí agus na ngníomhartha atá de dhíth chun forbairt eacnamaíochta agus forbairt áitiúil agus pobail ceantar údarás áitiúil a chur chun cinn agus tacú leo. An LCDC agus an SPC Eacnamaíochta a roinneann an fhreagracht as an LECP.

Grúpa Nasctha: Grúpa de Bhallghrúpaí PPN ar spéis leo ceist ar leith a thagann le chéile chun moltaí polasaí a dhéanamh agus a oibríonn i ndlúthpháirt le hlonadaithe PPN ar Bhoird nó Coistí bainteacha, m.sh. Grúpa Nasctha Comhshaoil a oibríonn i bpáirt leis an SPC Gníomhú ar son na hAeráide. Is cuid rithábachtach iad den PPN óir bíonn ionchur acu i mandáid na hlonadaithe.

Údarás Áitiúla (LA): Croíróil atá acu seo chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus fiontraíocht ag leibhéal áitiúil. Is de chroí an scéil tacaíocht phraiticiúil Rialtas Áitiúil má tá rath le bheith ar an iomad tionscnamh a thugann pobail áitiúla chun cinn. Tá réimse leathan i gceist, ó fhéilte agus imeachtaí áitiúla; dearadh sráid-dhreach agus scéimeanna athnuachana sráidbhaile; tacaíocht do mhicri-fhiontair, páirceanna gnó agus aonaid chothaithe fiontar; páirtíocht i dtionscadail éifeachtúlacht fuinnimh; cur chun cinn leathanbhanda tuaithe; pleanáil i gcomhair mór-infheistíochtaí sa gheilleagar glas.

Comhlachtaí Forbartha Áitiúla (LDC): Eagraíochtaí a bhfuil ról acu chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta ina gceantair féin. Is iondúil go dtugtar Conradh do PDC chun cláir ar nós an Chláir Forbartha Tuaithe (LEADER), Clár Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhaíochtúcháin Pobail (SICAP) agus Tús a sheachadadh.

An tAcht um Athleasú Rialtais Áitiúil 2014 – foráiltear leis seo réimse athruithe ar eagrú agus ar obair na nÚdarás Áitiúil. I measc nithe eile, foráiltear i leith cumasc roinnt Údarás Áitiúla; cealú comhairlí baile; cealú boird forbartha cathrach agus contae; bunú Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil agus réimse athruithe ar fheidhmeanna Údarás Áitiúla. Tháinig Alt 46 den Acht um Athleasú Rialtais Áitiúil 2014 in éifeacht ar 1 Meitheamh 2014 agus foráladh leis bonn reachtaíochta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN).

MOU Meamram Tuisceana an bhrí atá leis seo (comhaontú idir LA agus PPN) maidir le maoiniú, earcaíocht, riachtanais plean oibre agus dá réir sin.

Ceantar Bardasach (MD): Fo-roinn de cheantar Údarás Áitiúil. Tagann comhairleoirí le chéile ag leibhéal Ceantar Bardasach le cois na Comhairle Iomláine. Bunaíodh MD i ndiaidh gur ritheadh an tAcht um Athleasú Rialtais Áitiúil 2014.

NAG Grúpa Náisiúnta Comhairleach an PPN an bhrí atá leis seo.

Eagraíochtaí neamhbhrabúis Is eagraíochtaí iad seo a oibríonn ar son leas na sochaí, an phobail agus/nó suim leasaithe ar leith. Ní shaothraíonn siad brabús agus aon ioncam a shaothraíonn siad a sháraíonn a bhfuil de dhíth orthu chun an eagraíocht a reáchtáil, infheistítear arís é san eagraíocht chun í a fheabhsú nó a choinneáil ag gabháil. Ní dhéantar aon íocaíocht le scairshealbhóirí. Is iomaí cineál eagraíocht neamhbhrabúis ann, ghrúpaí atá an-bheag go carthanachtaí ollmhóra.

Crann Taca i dtaca leis an Lámhleabhar seo, is é atá i gceist, Crann Taca Pobail agus Deonach; Crann Taca Cuimsiú Sóisialta; Crann Taca Comhshaoil. Is iad na cainéil aitheanta iad i gcomhair cumarsáide leis an Rialtas ar cheisteanna ar suim lena mballraíocht iad.

Ollchruinniú: Gach Ballghrúpa de chuid PPN. Is é an tOllchruinniú an príomhghrúpa cinnteoireachta ag PPN ar shaincheisteanna oibríochta agus polasaí áitiúil. Roinneann na toscairí Ollchruinnithe feidhmeanna laethúla an PPN ar Rúnaíocht an PPN.

Daonlathas Rannpháirtíochta féach sainmhíniú Daonlathas Machnamhach.

Buiséad PPN an tsuim bhliantúil a bhíonn ar fáil do PPN, arna chur ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ag an Údarás Áitiúil agus foinsí eile.

Salesforce is córas bainistíochta sonraí agus faisnéise é seo a mbaineann gach PPN úsáid as. Cuireann sé ar chumas PPN faisnéis a chlárú agus a bhainistiú faoi Bhallghrúpaí; stóráiltear ann mionsonraí faoi eagraíochtaí agus grúpaí pobail agus líonraí; bainistítear maoiniú, feachtais agus ollseoladh r-phoist; agus tuairiscí sainoiriúnaithe a chruthú.

Rúnaíocht a chinntiú go n-eagraítear an PPN go hiomchuí idir ollchruinnithe; gníomhaíochtaí an PPN a chomhordú; cumarsáid rialta a dhéanamh le gach Ballghrúpa PPN agus eolas faoi ghníomhaíochtaí uile an PPN a scaipeadh chomh leathan agus is féidir; agus Oibrithe PPN a éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla agus iad ag cur cuspóirí PPN i ngníomh (féach Ciorclán CVSP2 2014). Tá tuilleadh eolais ar ról agus dualgaí na Rúnaíochta i gCuid 2 (Cé hiad an PPN?) agus 6 (An Rúnaíocht).

SICAP (Clár Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhaíochtúcháin Pobail) bochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn a chuspóir. Oibríonn gach SICAP i gcomhar le daoine aonair agus grúpaí pobail araon i gcathair/contae nó fo-roinn díobh, agus an fócas ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste agus ar cheantair a n-ainmnítear iad a bheith faoi mhíbhuntáiste.

SLA Comhaontú Seirbhíse (idir an PPN agus soláthraí seirbhíse nó an tÚdarás Áitiúil agus soláthraí seirbhíse) i leith ghníomhaíochtaí oibríochta an PPN.

Cuimsiú Sóisialta Gníomhaíocht atá dírithe ar obair chun deiseanna saoil daoine a mhaireann ar imeall na sochaí, atá bocht agus/nó dífhostaithe a fheabhsú. Úsáideann eagraíochtaí nó grúpaí a phléann le cuimsiú sóisialta samhail forbartha pobail chun pobail inbhuanaithe a chruthú, mar a gcuirtear chun cinn luachanna an chomhionannais agus an chuimsithe agus ina bhfuil meas ar chearta an duine.

SPC (Coiste Polasaí Straitéiseach): Is coistí de chuid na nÚdarás Áitiúil iad i gComhairlí Cathrach agus Contae agus áirítear lena gcuid ball Comhairleoirí Tofa, ionadaithe gnó, páirtithe leasmhara feirmeoireachta, grúpa comhshaoil/caomhnaithe, ceardchumainn agus baill phobail agus dheonacha. Is é tasc an Choiste Polasaí Straitéisigh (SPC), mar choistí Comhairle, cúnamh agus comhairle a thabhairt ar cheapadh, forbairt agus athbhreithniú polasaithe. Níl aon ról acu i ngnáth-nithe oibríochta soláthar seirbhísí. Is é cuspóir an chórais SPC deis a thabhairt do Chomhairleoirí agus d'ionadaithe SPC a bheith lánpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta ó na luathchéimeanna.

Páirtithe Leasmhara is iad seo na daoine, grúpaí, comhlachtaí Stáit agus Ranna Rialtais, idir áitiúil agus náisiúnta, go léir a dtéann oibríocht agus feidhm an PPN i bhfeidhm orthu nó ar suim leo é. Tá tuilleadh mionsonraí ar Pháirtithe Leasmhara leagtha amach i gCuid 2.

Forbairt Inbhuanaithe forbairt ina bhfreastalaítear ar riachtanais an ama i láthair gan a chur as do chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Grúpa Téamach: braisle de ghrúpaí PPN ag obair ar théama polasaí cothrománach, m.sh. míchumas, cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht.

Tús: scéim shocrúchán oibre ina dtugtar deiseanna gearrthéarmacha oibre do dhaoine dífhostaithe.

Fís Folláine Pobail i gcomhthéacs an PPN agus a Bhallghrúpaí, is cur síos é seo ar phobal a bhfreastalaítear ar a bhunriachtanais, mar a bhfuil aidhmeanna le baint amach ag daoine agus ina mothaíonn siad go dtig leo spriocanna tábhachtacha a ghnóthú, le bheith páirteach sa tsochaí agus ina bhfuil luach lena saol. Tá próiseas chun Fís Folláine Pobail a fhorbairt ar fáil do gach PPN le cuidiú leo dul i gcomhairle lena mBallghrúpaí ar ábhar na Físe. Tá tuilleadh eolais ar Fhís Folláine Pobail leagtha amach i gCuid 11.

Eagraíochtaí faoi Cheannaireacht Saorálaithe is grúpaí iad seo ar oibrithe deonacha atá i gceannas orthu agus iad ag feidhmiú mar choiste, bord nó struchtúr eile. D'fhéadfadh baill foirne íoctha a bheith ag roinnt eagraíochtaí faoi cheannaireacht saorálaithe a dhéanann tascanna laethúla thar ceann lucht ceannaireachta.

Grúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach bunaíodh é i Meán Fómhair 2013. Ba é a ról moltaí a thabhairt ar ionchuir níos leithne, níos éagsúla ag saoránaigh sna próisis chinnteoireachta ag leibhéal Rialtas Áitiúil. Foilsíodh an tuarascáil ar Ghrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach ar an 28 Feabhra 2014 agus ba é toradh a chuid moltaí bunú na PPNanna.

Oibrí, is é sin Oibrí Acmhainne, Oibrí Tacaíochta nó oibrí eile ceaptha ag an PPN lena chuid dualgas a chur i bhfeidhm.



Cé hiad an PPN? – Na Páirtithe Leasmhara

D'fhonn é a mhíniú go simplí, is iad na Páirtithe Leasmhara na daoine, grúpaí, eagraíochtaí, Ranna agus eile a théann i bhfeidhm ar obair na heagraíochta nó a dtéann obair na heagraíochta i bhfeidhm orthu. Bunaíodh PPN chun guth a thabhairt do ghrúpaí atá gníomhach ina bpobail áitiúla i gcinnteoireacht ar pholasaithe a théann i bhfeidhm orthu. Má tá obair an PPN le cur i gcrích, ní mór do gach duine comhoibriú agus ciallaíonn sé sin na Páirtithe Leasmhara uile. Tá introir gharr ar Pháirtithe Leasmhara PPN thíos.

An tOllchruinniú (Na Bail agus na Ballghrúpaí)

Ní mór do na Ballghrúpaí a bheith páirteach i ngach cinneadh polasaí oibríochta agus áitiúil de chuid an PPN. Is iad suimeanna leasaithe na mBallghrúpaí príomhsuimeanna leasaithe an PPN, rud a chiallaíonn gurb iad a shocraíonn tosaíochtaí agus clár oibre an PPN.

Is é an tOllchruinniú (na balleagraíochtaí uile le chéile) a dhéanann bunchinntí an PPN ar cheisteanna oibríochta agus ar fhócas polasaí áitiúil don PPN. Tagann sé i gceann a chéile dhá uair sa bhliain. Is é a ról oibríocht an PPN a stiúradh, polasaí agus próisis fhoriomlána PPN a shocrú, mar shampla an Plean Oibre bliantúil, an Buiséad agus eile a chomhaontú.

Caithfear cinntí a dhéantar idir Ollchruinnithe a chur i láthair le go ndaingnítear iad (faomhadh) ar an gcéad chruinniú eile. Tá vóta amháin ag gach Ballghrúpa neamhspleách ar an Ollchruinniú. Is fóram sármhaith iad Ollchruinnithe do Bhallghrúpaí teacht le chéile, líonrú agus a chloisteáil faoi ábhar is spéis leo. Is cruinniú ríthábhachtach é freisin óir socraíonn sé an treo s rachaidh an PPN.

An Rúnaíocht

Is í an Rúnaíocht eagrais riaracháin an PPN. Feidhmíonn sí na cinntí a dhéanann an tOllchruinniú agus cinntíonn go ndéantar obair laethúil an PPN. Ba chóir ballraíocht na Rúnaíochta a bheith chomh leathan agus is féidir le go léireofaí réimse Bhallghrúpaí an PPN.

Ba chóir gur léiriú é pearsanra na Rúnaíochta ar an PPN ina iomláine. Chun go gcomhlíontar ciorclán na Roinne (CVSP 1/2014), ní mór go mbeadh i Rúnaíocht an PPN ar a laghad:

- ionadaí amháin as gach Ceantar Bardasach contae (nó ceantair gheografacha ar leith sna cathracha), agus
- an líon céanna (ach beirt ar a laghad) as na trí choláiste toghcháin uile (Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach).

Nuair a thagann folúntas aníos, ba chóir iad a líonadh a luaithe agus is féidir.

Is gá gur Ballghrúpa a ainmníonn daoine a thoghtar ar an Rúnaíocht óna gceantar (geografach) nó Coláiste (Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach) féin.

D'fhéadfadh sé freisin gur mhian le roinnt PPN baill Rúnaíochta a cheapadh ar bhonn Naisc / Grúpaí Téamacha, ach ar an gcoinníoll i gcónaí go bhfuil baill na Rúnaíochta ag cur leis an gCiorclán Roinne thuasluaite. Is é an ní is tábhachtaí go ngníomhaíonn an Rúnaíocht ar son an PPN uile agus í i mbun gnó.

Ba chóir go gcloífi le próiseas daonlathach i dtoghadh Bhaill na Rúnaíochta atá ag cur le héiteas an daonlathais PPN. I roinnt PPN, níl cead vótála ar son ainmní ach ag Ballghrúpaí a bhfuil baint acu leis an gceantar nó Coláiste céanna. Mar shampla, má ainmníonn grúpa sa Choláiste Cuimsiú Sóisialta iarrthóir i gceantar bardasach áirithe, níl cead ach ag Ballghrúpaí ar cuid den Choláiste Cuimsiú Sóisialta iad sa cheantar sin vótáil ar a son. I roinnt eile, is é an tOllchruinniú ina iomláine a thoghann gach ionadaí PPN.

Le córas na gColáistí cinntítear go bhfuil ionadaíocht chothrom ag na trí ghuth ar leith (Comhshaoil, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach) sa PPN agus go gcuirtear in iúl go soiléir iad. Is ról riaracháin amháin ata ag an Rúnaíocht agus tá a bhfuil i gceist leis sin thíos:

- Cuidiú chun cinntí oibríochta an Ollchruinnithe a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil an PPN ag feidhmiú mar is ceart idir Ollchruinnithe ar son na mBallghrúpaí.
- Gníomhaíochtaí PPN a eagrú nó cuidiú chun iad a eagrú ar son na mBallghrúpaí.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh le gach Ball PPN faoi gach gníomhaíocht ar bhonn chomh leathan agus is féidir.
- Taifid bheachta, chothrom le dáta a choinneáil ar ghnó PPN, lena n-áirítear miontuairiscí cruinnithe agus a chinntiú go scaiptear clár cruinnithe go tráthúil.
- A bheith mar phointe teagmhála PPN don Údarás Áitiúil, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, PPNanna eile, an Grúpa Náisiúnta Comhairleach agus do pháirtithe leasmhara an PPN.
- Déileáil leis an gcomhfhreagras ar fad thar ceann an PPN trí chóipeanna a sheoladh agus freagraí a scríobh.
- Oibrithe an PPN a éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla chun cuspóirí PPN a fheidhmiú.



Chun rannpháirtíocht a sholáthar dáiríre, ní mór don PPN a chinntiú go ndéantar ról ionadaithe, amhail an Rúnaíocht, a athnuachan go rialta.

Is gá Rúnaíochtaí a athnuachan gach 3–5 bliana ar a laghad le cothroime a chinntiú idir an gá ata le roinnt ball a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar obair an PPN agus an gá atá lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag an mballraíocht.

Nuair a bhíonn an Rúnaíocht á hathnuachan, ba chóir do na baill is faide seirbhís éirí as ar dtús chun ligean do ghuthanna úra teacht isteach. Lena chois sin, níor chóir do bhall ar bith den Rúnaíocht níos mó ná dhá théarma i ndiaidh a chéile a dhéanamh.

Ní mór do PPN an timthriall toghchán Rúnaíochta a dheighilt ón timthriall toghchán áitiúil Comhairleoirí chun a chinntiú go bhfuil Rúnaíocht acu a bhfuil taithí acu nuair is gá ionadaithe nua a thoghadh ar Bhoird agus Coistí Údarás Áitiúil. Nuair nach mbíonn sé seo amhlaidh, ní mór do PPN é seo a chur i bhfeidhm a luaite agus is féidir.



Líonra Rúnaíochta

Cuireadh Líonra Rúnaíochta náisiúnta ar bun in 2019 chun deis a thabhairt do bhaill Rúnaíochta líonrú, smaointe agus dea-chleachtas a roinnt agus tacaíocht ghinearálta a thabhairt dá chéile. Tá ball amháin den Rúnaíocht mar ionadaí an PPN agus féadann baill éagsúla a bheith i gceist. Tagann an líonra seo le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad.

Iarrtar ar Rúnaíochtaí freisin teacht i gceann a chéile agus comhoibriú faoi struchtúir neamhfhoirmiúla ag leibhéal réigiúnach.

Oibrithe

Oibrí Acmhainne

Is é ról an Oibrí Acmhainne a bheith ag obair thar ceann an Ollchruinnithe chun tacú le forbairt pleananna agus gníomhartha thar ceann an PPN agus iad a chur i bhfeidhm. Eagraíonn na hOibrithe Acmhainne cruinnithe agus imeachtaí do Bhaill, Rúnaíochtaí agus do pháirtithe leasmhara eile, cuireann siad an PPN chun cinn, spreagann daoine le bheith ina mbaill, eagraíonn comhairliúcháin pobail agus sainaitníonn agus eagraíonn siad oiliúint chun freastal ar riachtanais Bhallghrúpaí PPN chun a n-acmhainn a fhorbairt ionas go bhféadann siad a bheith iomlán rannpháirteach. Lena chois sin, déanann siad obair eile a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, ar bhonn réasúnach, thar ceann an PPN.

Is féidir Oibrithe Acmhainne a fhostú faoi réimse socrúithe lena n-áirítear ón Údarás Áitiúil, á n-óstáil ag eagrais seachtrach nó fostaithe go díreach ag Comhlacht Tacaíochta PPN (féach Ciorclán na Roinne CVSP1/2015).

Is í an Rúnaíocht, thar ceann an Ollchruinnithe laistigh de na struchtúir atá leagtha amach sa Lámhleabhar seo, a éascaíonn agus a chumasaíonn gníomhaíochtaí laethúla an Oibrí Acmhainne chun cuspóirí an PPN a sholáthar. Oibríonn siad go neamhspleách ar an Údarás Áitiúil agus is do Rúnaíocht an PPN amháin atá siad cuntasach agus iad ag gabháil dá gcuid oibre PPN. Sa chás ina bhfuil an tOibrí Acmhainne fostaithe ag an Údarás Áitiúil/Eagrais Óstála/Eagrais Tacaíochta, is fúthu sin a bheidh cúrsaí AD agus riarachán párolla.

Oibrí Tacaíochta

Tugann an tOibrí seo tacaíocht don Oibrí Acmhainne agus don Rúnaíocht. Tacaíonn siad le heagrú cruinnithe agus imeachtaí do Bhaill, Rúnaíochtaí agus do pháirtithe leasmhara eile, cuireann siad an PPN chun cinn chomh maith leis an mballraíocht, eagraíonn siad comhairliúcháin pobail agus tacaíonn siad leis an Oibrí Acmhainne chun oiliúint a shainaithint agus a eagrú le freastal ar riachtanais Bhallghrúpaí an PPN chun a n-acmhainn rannpháirtíocht iomlán a fhorbairt. Lena chois sin, téann siad i mbun aon róil eile a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, ar bhonn réasúnach, thar ceann an PPN.

Is féidir Oibrithe Tacaíochta a fhostú faoi réimse socruithe lena n-áirítear ón Údarás Áitiúil, á n-óstáil ag eagrais seachtrach nó fostaithe go díreach ag Comhlacht Tacaíochta PPN.

Is é an tOibrí Acmhainne bainisteoir líne an Oibrí Tacaíochta agus is chucu a thuairiscíonn siad. Oibríonn siad go neamhspleách ar an Údarás Áitiúil agus iad cuntasach do Rúnaíocht/Oibrí Acmhainne an PPN ina gcuid oibre. Sa chás go mbíonn an tOibrí Tacaíochta fostaithe ag an Údarás Áitiúil/Eagrais Óstála/Eagrais Tacaíochta, is fúthu sin a bheidh cúrsaí AD agus riarachán párolla agus ba chóir é seo a leagan amach go soiléir sna socruithe sannta.

Oibrithe eile

Féadann PPN oibrithe eile/rannpháirtithe scéim Tús a earcú más mian leo, agus as a mbuiséad féin, faoi réir socruithe áitiúla.

Líonra Oibrithe Acmhainne

Bunaíodh Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainne in 2016 chun deis a thabhairt d'Oibrithe Acmhainne líonrú, smaointe agus dea-chleachtas a roinnt agus tacaíocht ghinearálta a thabhairt dá chéile. Tagann an líonra seo le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad agus tacaíonn agus éascaíonn an Roinn é go díreach (seachas costais taistil lucht tinrimh a chumhdaíonn an PPN).

Ionadaithe PPN

Tá feidhm thábhachtach ag Ionadaithe PPN thar ceann a gcuid PPN. Ballghrúpaí ina gColáiste/ceantar a thoghann iad le bheith ina n-ionadaithe ag an PPN ar Bhoird nó Coistí Údarais Áitiúla thar ceann an PPN. Chuige seo, déanann siad ionadaíocht thar ceann Ollchruinniú an PPN, a gCeantair (Bhardasaigh) agus a gColáiste. Is ról rithábhachtach é seo do PPN óir is iad na hionadaithe a thugann “guth PPN ag an mbord”.



Caithfidh Ionadaithe PPN aiseolas a thabhairt do struchtúir bhainteacha (Grúpa Nasc / Coláistí), faoi laincísí na rúndachta, faoinar pléadh ag na coistí bainteacha agus torthaí an phlé seo. Is de chúram na hionadaithe PPN an t-aiseolas seo a thabhairt agus é a dhéanamh a luaithe agus is féidir i ndiaidh an chruinnithe. Is gá próiseas tuairiscithe a bheith ag gach PPN dá hionadaithe.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi ról, cearta agus freagrachtaí na hionadaithe i gCuid 5 den Lámhleabhar seo.

Grúpaí Nasctha agus Grúpaí Téamacha

Is trí na Grúpaí Nasctha a fhéadann Ballghrúpaí PPN ionchur fíor a bheith acu i bpolasaí ina réimse oibríochta. Nuair a iarrann Bord nó Coiste Údarás Áitiúil lonadaíocht ar PPN, iarrann an PPN go mbunófar Grúpa Nasctha. Le Grúpaí Nasctha, tugtar le chéile eagraíochtaí ar mian leo ionchur a bheith acu in obair Boird nó Coiste chun a dtuairimí agus réimsí spéise a phlé agus mandáid a thabhairt d'lonadaí PPN.

Ainmníonn, agus i gcásanna áirithe toghann, na grúpaí seo lonadaithe PPN ar Bhoird nó Coistí, faigheann aiseolas ó na hlonadaithe seo agus tugann tuairimí agus eolas a chuirtear le mandáid na hlonadaithe. Féadann na Grúpaí Nasctha freisin tosaíochtaí polasaí a shocrú a thugann na hlonadaithe chun cinn le cois ionchur i gcomhairliúcháin thar ceann an PPN.

Is cuidiú é a bheith mar chuid de Ghrúpa Nasctha chun tuiscint níos doimhne a fháil ar conas a dhéantar cinntí ag leibhéal rialtas áitiúil. Is é an dóigh is fearr é freisin lena chinntiú go gcluintear do ghuth. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é ról an Ghrúpa Nasctha spás a thabhairt do Bhallghrúpaí réimse leathan de thuairimí agus ionchuir a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Bhord nó Coiste lena bhfuil baint acu a chur in iúl. Tá sainchúram an-leathan ag bunús na gCoistí, go háirithe na Coistí Polasaí Straitéiseach agus, mar sin de, is tábhachtach go bhfuil a oiread guthanna éagsúla agus is féidir mar chuid den Ghrúpa Nasctha.

Féadann PPN freisin (bíodh sé de rogha ar Ghrúpaí Nasctha nó lena gcois) Grúpaí Téamacha a bheith acu a bhaineann le réimsí spéise (ní gá gur réimse áirithe polasaí ná Coistí a bheadh i gceist). Ag brath ar an PPN, féadann na grúpaí seo lonadaithe PPN a ainmniú, nó i gcásanna áirithe a thoghadh, agus cláir chruinnithe Boird agus Coistí a shocrú ar an gcaoi chéanna, a bheag nó a mhór, le Grúpaí Nasctha.

Nuair a bhíonn Grúpaí Nasctha agus Téamacha araon ag PPN, ní mór dó a shocrú conas is fearr iad a úsáid chun obair an PPN a thabhairt chun cinn faoi mar a chuireann an tOllchruinniú iallach air.

Údaráis Áitiúla

Tá 31 Údarás Áitiúil in Éirinn, a chuireann ar fáil réimse leathan de sheirbhísí a bhaineann le bóithre; trácht; pleanáil; tithíocht; forbairt eacnamaíochta agus pobail; seirbhísí comhshaoil, fóillíocht agus saoráidí; seirbhísí dóiteáin agus cothabháil chlár na dtoghthóirí.



Chun obair an PPN a thabhairt chun tosaigh, ní mór do na hÚdaráis Áitiúla comhoibriú go héifeachtach chun leas a chéile a dhéanamh. Is é an PPN an príomhbhealach trína bhfaigheann Údaráis Áitiúla ionchuir i gcomhairliúcháin lena bpobail agus le hionadaithe pobail ar a mBoird agus Coistí. Mar sin de, tá croílíol ag PPN chun tacú le forbairt gach ceantar Údarás Áitiúil. Tugann Údaráis Áitiúla, ar a seal, tacaíocht ríthábhachtach don iomad PPN le cois maoiniú a thabhairt. Cé go gcoinnítear i gcónaí neamhspleáchas an PPN agus an Údarás Áitiúil araon, is tábhachtach dea-chaidreamh oibre a bheith eatarthu.

Féadann PPN freisin tacú le hobair an Údarás Áitiúil trí chomhairliúcháin a eagrú lena mBallghrúpaí agus tacaíocht a spreagadh do chlár bhainteacha de chuid Údaráis Áitiúla má tá siad le leas a mBallghrúpaí.

Tugann gach Údarás Áitiúil freisin maoiniú i leith chostas oibríochta an PPN.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (An Roinn) atá freagrach as feidhmiú na Straitéise chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn, ina bhfuil leagtha amach fíis fhadtéarmach dár bpobail in Éirinn agus a bhfuil forbairt PPNanna mar bhunchuspóir aige. Is orthu atá freagracht ag leibhéal rialtais as na PPNanna. Is iad príomh-mhaoinitheoirí PPN iad agus tugann siad tacaíocht straitéiseach agus treoir don líonra. Ionadaí de chuid na Roinne atá ina c(h)athaoirleach ar Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach PPN.

Ósteagraíochtaí

Is eagraíocht pobail í ósteagraíocht a ligeann do PPN a hacmhainní a úsáid – mar shampla. spás oifige, trealamh, foireann riaracháin agus mar sin de – ar tháille de ghnáth. In amanna, is fostóirí na nOibrithe PPN iad freisin.

Caithfidh Ósteagraíocht agus PPN (agus Údaráis Áitiúla más cuí) comhaontú nó meamram tuisceana a bheith acu chun a chinntiú go bhfuil gach páirtí ar an eolas faoina ról, freagrachtaí agus teorainneacha.



Comhlachtaí Tacaíochta PPN faoi Theorainn Ráthaíochta

Tacaíonn, agus óstálann, comhlachtaí saincheaptha faoi theorainn ráthaíochta le roinnt PPN. Corpraíodh na comhlachtaí seo chun réimse taca a thabhairt don PPN agus seirbhísí Ósteagraíochta a chur ar fáil.

Grúpa Náisiúnta Comhairleach PPN

Ar an nGrúpa Náisiúnta Comhairleach PPN tá ionadaí amháin ó na hearnálacha Pobail agus Deonach, Comhshaoil agus Cuimsiú Sóisialta, triúr Saorálaithe PPN – duine amháin ó na trí Choláiste éagsúla- triúr Oibrithe Acmhainne PPN agus beirt bhall foirne Údaráis Áitiúla (duine ag leibhéal Stiúrthóir Seirbhíse agus duine a thacaíonn go díreach le PPN). Is ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail atá cathaoirleacht an Ghrúpa agus is iadsan freisin a chuireann seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa.

Chomh maith lena ról monatóireachta, is faoin nGrúpa Náisiúnta Comhairleach freisin atá sé comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi PPNanna a fhorbairt.

Na Coláistí

Nuair a dhéantar ball de PPN díobh, iarrtar ar gach eagraíocht Coláiste a roghnú a léiríonn a bpríomhréimse spéise.

Pobal agus Deonach

Do Bhallghrúpaí arb é a bpríomhfhocas freagairtí pobail do shaincheisteanna áitiúla agus a gcuireann a ngníomhaíochtaí folláine fhoriomlán a bpobail chun cinn atá an Coláiste Pobail agus Deonach. I measc samplaí atá sa Choláiste seo tá Cumainn Cónaitheoirí, Comhairlí Pobail, Grúpaí Scor Gníomhach, Grúpaí Ealaíne, Grúpaí Óige srl.

Cuimsiú Sóisialta

Ballghrúpaí atá páirteach in obair chun deiseanna saoil daoine atá ar imeall na sochaí atá sa Choláiste Cuimsiú Sóisialta. Ar na samplaí d'eagraíochtaí sa Choláiste seo tá grúpaí Lucht Taistil, grúpaí a thacaíonn le pobail nua, lucht míchumais, grúpaí feasachta meabhairshláinte agus féinmharaíthe, grúpaí Ban agus dá réir sin.

Comhshaoil

Ballghrúpaí arb iad a bpríomhaidhmeanna agus gníomhaíochtaí cosaint an Chomhshaoil (i.e. éiceolaíocht) agus/nó inbhuanaitheacht comhshaoil. Áirítear leis na gníomhaíochtaí seo cosaint dúlra, cúram sainspeicis, gairneoireacht nó oideachas orgánach, oideachas nó cosaint chomhshaoil, inbhuanaitheacht chomhshaoil, éifeachtacht acmhainní agus athchúrsáil, cosc/baint speicis choimhthíocha ionracha.



Mar riachtanas de chuid an Chrainn Taca Comhshaoil, le bheith mar chuid den Choláiste Comhshaoil, ní mór do ghrúpaí critéir ar leith a chomhlíonadh, arna gcur ar fáil sa Chrann Taca Comhshaoil.



2

Struchtúr an PPN



Struchtúr Cothrom

Tá na PPNanna ag feidhmiú mar Struchtúr Cothrom. Níl aon sainmhíniú cruinn ar cad is Struchtúr Cothrom ann, ach go bunúsach ciallaíonn sé nach rialaíonn aon duine, grúpa ná earnáil an PPN.

Tá bainistiú laethúil an PPN díláraithe agus bíonn deis ag gach Ballgrúpa ionadaíocht a bheith acu ar an Rúnaíocht agus/nó ar Bhord nó Coiste Údarás Áitiúil. Mar shampla, ciallaíonn Struchtúr Cothrom, i dtaca leis an Rúnaíocht de, go mbeidh deis ag gach ball den Rúnaíocht iad féin a chur in oiriúint do ról dhifriúla ó am go chéile de réir mar a roinntear na ról seo i measc na mball.

Níl aon ordlathas sainmhínithe ann agus má bhogtar ar shiúl ó struchtúr ordlathais bíonn faill ag gach duine ionchur agus rannpháirt iomlán a bheith acu. Ciallaíonn sé freisin go bhfuil comhfhreagracht ar gach duine as an obair a dhéanann an PPN agus as aidhmeanna an Phlean Oibre a bhaint amach.

Má bhíonn Struchtúr Cothrom i bhfeidhm, ní hé amháin go dtíg le gach duine ionchur a bheith acu sa phróiseas cinnteoireachta, ach cuirtear ar chumas na mball freisin an uile ghné den phróiseas a thuiscint. Is de chroí an phróisis forbartha acmhainne é ag an PPN.

Ní hionann Struchtúr Cothrom agus a bheith gan cheannaireacht ná bainistíocht ach go spreagann lucht ceannais na baill agus tacaíonn siad leo a bheith rannpháirteach agus freagracht a ghlacadh as tiomantais a mhaoirsiú. Sampla de seo is ea ról Éascaitheoir Uainíochta na Rúnaíochta. Ba chóir tréimhse shainiúil a bheith ag an Éascaitheoir Uainíochta (moltar 6 mhí) seachas a bheith ina C(h)athaoirleach ar feadh tréimhse níos faide. Leis seo, tugtar go leor cuntasachta don PPN trí chroítheagmhálaí a bheith acu lena chinntiú go gcuirtear an Plean Oibre i bhfeidhm agus go mbíonn deis ag gach duine seal a bheith acu cruinnithe den Rúnaíocht a éascú.



Conas Struchtúr Cothrom a Choinneáil

1. Roinn an Grá (agus an t-ualach oibre)!

Is de chroí na ceiste maidir le Struchtúr Cothrom nach mbíonn líon beag daoine ag gabháil do líon mór píosaí oibre/cinnteoireachta. Ba chóir gurbh é an aidhm an obair agus an chinnteoireacht a chomhroinnt i measc na mball (féach thíos). Tá an-tábhacht ag baint lena chinntiú go bhfuil eolas soiléir ag Ballghrúpaí, i bhformáid a chuireann lena riachtanais agus lena rannpháirtíocht ghníomhach sa ról seo.



2. Cuir do Phrionsabail chun Cinn!

Is tábhachtach go gcuirtear prionsabail Struchtúr Cothrom chun cinn sa chumarsáid uile chuig Ballghrúpaí agus go bhfuil an teanga a úsáidtear uileghabhálach agus go spreagtar rannpháirtíocht leathan, oscailte. Ba chóir Ollchruinnithe, cruinnithe den Rúnaíocht, Grúpaí Nasctha, Ceantair Bhardasacha agus dá réir a bheith eagraithe ionas go mbíonn siad chomh cuimsitheach agus is féidir agus gur rannpháirtíocht chomhionann an aidhm. Áirítear le samplaí inar oibrigh sé seo go maith in PPN:

- Éascaitheoir Uainíochta ag a bhfuil tréimhse theoranta (moltar 6 mhí. Cathaoirleach Uainíochta / Éascaitheoir Uainíochta a thugtar ar an ról seo faoi láthair).
- Cruinnithe a thionól ag amanna éagsúla agus in ionaid éagsúla nó lárnacha, ar a seal, ionas gur féidir lena oiread daoine agus is féidir teacht i láthair. Is iondúil go bhfeileann deireadh seachtaine, am lóin (i gcás cruinnithe gearra) agus an oíche d'oibrithe deonacha. Is minic nach bhféadann daoine atá ag obair freastal ar chruinnithe i rith an lae. Is cuidiú é seiceáil le do Bhallghrúpaí lena fháil amach cad a fheileann dóibh agus a bheith cinnte go seiceálann tú le Ballghrúpaí nuachláráithe.
- A chinntiú go scaiptear eolas agus doiciméid go tráthúil roimh an gcruinniú ionas gur féidir léamh tríothu agus aon cheist nó pointí a bheadh acu a ullmhú. Tá tábhacht ar leith leis seo nuair a chaithfidh duine dul i dteagmháil le daoine eile san eagraíocht nó sa ghrúpa roimh an gcruinniú.
- A chinntiú go gcuireann leagan amach an tseomra ar chumas daoine líonrú, plé agus teacht i dteagmháil agus go bhfuil go leor ama ar an gclár chun ceisteanna a ardú agus a phlé mar is ceart. Má táthar in amhras, iarr míreanna den chlár roimh an gcruinniú agus tosaigh le clár gairid ionas go mbeidh go leor ama ann don phlé.
- Deiseanna a bheith ag daoine do phlé i ngrúpaí beaga nó plé saineuila le grúpaí níos lú chun croícheisteanna a phlé.
- Nóta a dhéanamh de gach pointe a dhéantar le linn an chruinnithe agus iad a chuimsiú i miontuairiscí an chruinnithe. Ba chóir na miontuairiscí a dháileadh ar gach duine a bhí ar an gcruinniú le go bhfaomhfar iad roimh a seoladh chuig an ngrúpa níos leithne. Ar an gcaoi seo, bíonn a fhios ag daoine gur éisteadh lena bpointí agus gur tugadh ar bord iad.
- Má bhímid oscailte do theicneolaíochtaí nua nó nuálacha (agus bhí dianchúrsa againn uile sa chineál seo le déanaí!) cuirtear ar chumas daoine nach bhfuil in ann a bheith ar an gcruinniú go fisiciúil a bheith páirteach ann go fóill.
- Am a chur i leataobh le bheith ag líonrú roimh, le linn agus i ndiaidh cruinnithe agus a bheith cinnte go mbíonn comhrá againn le daoine nua nó leo siúd nach bhfuil aithne acu ar mhórán daoine eile ar an gcruinniú.
- Cruinnithe a mheas ina ndiaidh, lena n-áirítear gach rannpháirtí agus aiseolas ionraic a iarraidh (agus a ghlacadh).

Comhlachtaí PPN

Roghnaigh roinnt PPN comhlachtaí tacaíochtaí nó comharchumainn a bhunú. Nuair is amhlaidh, ba chóir go bhfeidhmeodh na comhlachtaí nó comharchumainn seo i gcáil tacaíochta amháin, ar nós na hÓsteagraíochta. Níor chóir dó struchtúr ordlathach a fheidhmiú ná baint de Struchtúr Cothrom an PPN.

Nuair a bhunaítear comhlacht, is de chúram gach oifigeach comhlachta (Stiúrthóir, Rúnaí Comhlachta, Cisteoir agus dá réir) a bheith láneolach ar a ról agus a bhfreagracht agus go gcomhlíonann an comhlacht, mar eintiteas dleathach ar leith, Acht na gCuideachtaí 2014 agus an reachtaíocht agus rialacháin ar fad a ghabhann leis. Tá tuilleadh eolais ar na ról seo ar fáil do PPN agus a gcuid oifigeach sa treoir ar shuíomh gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, www.cro.ie.

Tá sé beartaithe ag an Roinn athbhreithniú struchtúrtha a dhéanamh ar PPNanna. Rachfar i gcomhairle le gach páirtí leasmhar mar chuid den athbhreithniú seo.

Go dtí go ndéanfar an t-athbhreithniú struchtúrtha, aon PPN ar mian leo struchtúr comhlachta a bhunú, is gá dóibh ar dtús cás mionsonraithe a chur faoi bhráid na Roinne ina leagfar amach réasúnaíocht an mholta acu.



Ceantair Bhardasacha

Tá gach contae eagraithe anois ina gCeantair Bhardasacha, mar a bhfuil cumhachtaí áirithe ag na comhairleoirí agus ag an bhfoireann Údarás Áitiúil a bhaineann le hoibríochtaí agus oibreacha cothabhála sa cheantar. Ba chóir freisin PPN a bheith ag gach Ceantar Bardasach chun plé le nithe a bheadh spéisiúil ag a mBallghrúpaí ag an leibhéal áitiúil.

Is é is PPN Ceantar Bardasach ann, cruinniú de na Ballghrúpaí uile a bhfuil seoladh poist acu sa Cheantar Bardasach sin. Ba chóir do gach PPN Ceantar Bardasach Fís Folláine Pobail a fhorbairt dá gceantar le cois tabhairt faoi cheisteanna áitiúla polasaí agus a bheith rannpháirteach le foireann Údarás Áitiúil agus le baill thofa. In ionad obair bhreise a chruthú do Bhallghrúpaí, d'fhéadfadh an leibhéal áitiúil rannpháirtíochta seo a bheith bainteach lena gcuid riachtanas seachas a mórcheantar Údarás Áitiúil nó PPN Contae. I gcathracha, áit nach ann do struchtúr Ceantar Bardasach, b'fhéidir gur mhian leo fo-PPN a bhunú i gceantair gheografacha ar leith, bunaithe ar thoghcheantair.

Maoiniú PPN

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Príomh-mhaoinitheoir) agus na hÚdaráis Áitiúla (cómhaoinitheoir) a chuireann maoiniú ar fáil do PPN. Féadann PPN cur isteach ar mhaoiniú ó fhoinsí eile faoi choinne tionscadail ar leith, faoi réir na tionscadail sin a bheith ag cur le bunobair an PPN faoi mar atá leagtha amach ag an Ollchruinniú. Ní mór dóibh freisin a bheith ag cur le ról agus cuspóirí an PPN.



Tá an maoiniú seo a chuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar fáil imfhálaithe agus ní féidir é a úsáid ach ar chúiseanna forbartha agus cothabhála an PPN. Ar na feidhmeanna is coitianta maoinithe, dar leis an Roinn, bheadh:

- Costas fostú Oibrí Acmhainne agus Oibrí Tacaíochta (coibhéiseach lánaimseartha)
- Spás oifige, bonneagar agus ábhair don Oibrí Acmhainne agus Oibrí Tacaíochta
- Speansais a thabhaíonn an PPN i mbun a ghníomhaíochtaí .i. cruinnithe a thionól, oiliúint, toghcháin, ábhair phoiblíochta, árachas srl.
- Speansais na Rúnaíochta agus ionadaithe PPN ar choistí Údarás Áitiúil (nuair nach féidir iad seo a athghnóthú in áit eile).




3

Ballraíocht PPN



Is é an tOllchruinniú .i.e. na Ballghrúpaí uile le chéile, a thoghann an Rúnaíocht. Is Ballghrúpaí iad freisin na Grúpaí Nasctha/Grúpaí Téamacha a thagann i gceann a chéile faoi thacar áirithe ceisteanna nó Bord nó Coiste. Toghann na Grúpaí Nasctha seo, agus i roinnt cásanna Líonraí Téamacha (ag brath ar conas a oibríonn an PPN na grúpaí seo) ionadaithe le suí ar Bhoird agus ar Choistí.



Ba chóir go gcuimseofaí ar PPN an réimse iomlán, éagsúil d'eagrais faoi stiúir oibrithe deonacha ina gceantar Údarás Áitiúil, Tá ballraíocht ar oscailt do ghrúpaí:

- Atá gníomhach agus a bhfuil seoladh poist acu sa cheantar Údarás Áitiúil. Is de chúram an PPN aitheantas a Bhallghrúpaí a bhailíochtú.
- A fheidhmíonn ar bhonn neamhbhrabúis.
- Atá faoi stiúir oibrithe deonacha (féadann eagrais baill foirne íoctha a bheith acu ach ní mór dóibh a bheith faoi stiúir dheonach).
- Atá neamhspleách agus is féidir brainsí áitiúla agus réigiúnacha d'eagrais náisiúnta a bheith san áireamh.
- Ar a laghad triúr ball a bheith acu agus iad oscailte do bhaill nua.

- A bhfuil struchtúr cuí rialachais acu m.sh. sraith rialacha/bunreacht/gnáthaimh airgeadais.
- A mbíonn cruinnithe rialta acu.
- Ar ann dóibh le sé mhí ar a laghad.
- Nach bhfuil baint acu le páirtí polaitíochta.

Caithfidh gach balleagras ansin, a roghnú a bheith mar chuid de cheann amháin de na trí Cholaíste toghcháin – Pobal agus Deonach; Cuimsiú Sóisialta; nó Comhshaol.

Buntáistí Bhallraíocht PPN

Rannpháirtíocht sna polasaithe a théann i bhfeidhm ar an phobal. Is é an príomhbhuntaíste atá le ballraíocht PPN an deis a bheith páirteach sa daonlathas machnamhach mar a bhfuil an páirteachas (rannpháirtíocht agus plé) ag croílár na bpróiseas cinnteoireachta. Cuireann sé seo ar chumas Ballghrúpaí a bheith iomlán rannpháirteach i múnú pobal agus cuidíonn leo a chinntiú go mbíonn guth an phobail mar bhonn eolais i gceapadh polasaí Rialtas Áitiúil.

Ba chóir do gach Ballghrúpa a bheith páirteach i:

- **Plean Straitéiseach an PPN a fhorbairt**

Ba chóir Plean Straitéiseach a bheith ag gach PPN ina gcumhdaítear, faoi réir maoiniúcháin, trí go cúig bliana. Ba chóir do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach seo a fhorbairt; arna dhréachtú ag an Rúnaíocht agus na hOibrithe; agus arna chur faoi bhráid an chéad Ollchruinnithe eile le go bhfaomhaí é.

- **Cumarsáid**

Cinntoidh Rúnaíocht agus Oibrithe gach PPN go gcoinneofar na Ballghrúpaí ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus comhairlúcháin a bhaineann leo. Uasdátaítear suíomhanna gréasáin agus meáin shóisialta PPN go rialta agus cuireann bunús gach PPN nuachtlitir agus/nó r-fheasachán rialta ar fáil ina mbíonn eolas agus uasdátaithe ar réimse leathan de shaincheistean pobail.

- **Tacaíocht**

Ar chlárú leis an PPN, tabharfar paca iondúchtúcháin do Bhallghrúpaí le fáilte a chur rompu chuig an PPN agus ina leagtar amach na buntáistí agus ionchais a bhaineann le ballraíocht PPN. I roinnt ceantar, bíonn cuireadh ar bhaill nua chuig Seisiún Faisnéise PPN agus tugtar Lámhleabhar na mBall dóibh.

Cinntíonn Rúnaíocht gach PPN go mbíonn polasaithe agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ionas go bhfeidhmíonn an PPN ar dhóigh oscailte, thrédhearcach agus chuntasach. Tá roinnt samplaí de na polasaithe agus nósanna imeachta seo in Aguisíní an Lámhleabhair seo agus cuid eile, b'fhéidir, ar fáil go díreach ón PPN.

- Oiliúint agus Líonrú

Feidhm thábhachtach de chuid an PPN acmhainn a fhorbairt i measc a Bhallghrúpaí le bheith iomlán páirteach sa daonlathas machnamhach ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus, i roinnt cásanna, náisiúnta.

Cuireann gach PPN oiliúint ar fáil do Bhallghrúpaí ar ábhair ina dtacaítear leis an rannpháirtíocht seo de réir mar a oireann dá mballraíocht. Tá an oiliúint saor in aisce nó ar chostas an-íseal agus iarrtar ar Bhallghrúpaí freastal nuair a chuireann sé lena riachtanais.

Le cois na hoiliúna, cuireann an iomad PPN imeachtaí líonraithe ar siúl do Bhallghrúpaí lena dtaithí a roinnt agus tacú lena chéile trí dhea-chleachtais.

Fógraítear imeachtaí oiliúna agus líonraithe ar shuíomhanna gréasáin PPN, ar chainéil meáin shóisialta, r-litreacha agus ar chainéil eile chumarsáide atá ar fail do PPN.

Clárú mar Bhall

Chun clárú le haghaidh ballraíocht PPN, ní mór do ghrúpaí teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an PPN agus foirm chlárúcháin a chomhlánú (féadann sé a bheith ar páipéar nó ar líne, ag brath ar an PPN bainteach).

Is furasta teacht ar PPN – tá suíomh gréasáin ag gach PPN agus meáin shóisialta ag go leor díobh m.sh. leathanach Facebook agus/nó cuntas Twitter. Tá liosta iomlán de shonraí teagmhála gach PPN ar fáil i Rannán PPN de shuíomh gréasáin na Roinne.

Tacaíocht do Bhallghrúpaí

Ba chóir go mothódh na Ballghrúpaí go bhfuiltear ag tacú leo agus go dtugann rannpháirtíocht sa PPN cumhacht dóibh. Má tá aon ghearán ag Ballghrúpa faoi fheidhmiú nó gníomhaíochtaí PPN, ba chóir dóibh féachaint leis an gceist a phlé go díreach leis an PPN ach cloí le Nós Imeachta Gearáin an PPN. Ní phléifidh an tÚdaráis Áitiúil le gearáin faoi PPN.



Ní mór do gach PPN Nós Imeachta Gearáin a bheith i bhfeidhm acu. Tá Nós Imeachta Gearáin samplach leagtha amach in Aguisín 2.

D'fhonn Ballghrúpaí a choinneáil cothrom le dáta, forbróidh na hOibrithe PPN tuairisc don Ollchruinniú ar obair an PPN ó dháta an Ollchruinnithe deiridh.

Riachtanais Bhallraíocht PPN

Tá ról tábhachtach ag baill an PPN i múnú polasaithe a théann i bhfeidhm ar a bpobail. Suíonn ionadaithe PPN ar Bhoird agus Coistí Údarás Áitiúil le dearchtaí a nGrúpaí Nasctha, a gColáistí agus an Ollchruinnithe (i. gach Ballghrúpa den PPN) a chur in iúl. Iarrtar ar Bhallghrúpaí teagmháil a choinneáil lena PPN lena chinntiú go gcluintear a dtuairimí agus go bhfuil ionchur acu i múnú ghníomhartha agus thosaíochtaí an PPN. Féadann baill seo a dhéanamh trí:

- Freastal ar na hOllchruinnithe
- Clárú le Grúpa Nasctha /Grúpa Téamach PPN agus a bheith rannpháirteach sna cruinnithe (féach Cuid 4)
- Bheith i dteagmháil leis an PPN ar dhóigh a chuireann le Bunreacht an PPN
- Tacú le forbairt Físe don Fholláine Pobail
- Bheith cothrom le dáta maidir le nuacht PPN
- Bheith rannpháirteach in imeachtaí oiliúna agus líonraithe

Freastal ar na hOllchruinnithe

Is é an tOllchruinniú (i. gach Ballghrúpa neamhspleách de chuid an PPN) foras cinnteoireachta an PPN ar chóir dó, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, teacht i gceann a chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad lena athbhreithniú conas atá an PPN ag feidhmiú agus leis an gclár oibre don chéad tréimhse eile a shocrú.

Is é príomhról an Ollchruinnithe oibríochtaí an PPN a stiúradh, polasaí agus gnáthaimh fhoriomlána PPN a shocrú agus an Plean Oibre agus buiséad bliantúil a chomhaontú. Is í an Rúnaíocht thofa atá freagrach as riarachán an PPN idir Ollchruinnithe. Cuirtear bonn eolais faoin bpróiseas freisin trí Fho-ghrúpaí den PPN amhail Ceantar Bardasach agus Grúpaí Nasctha/Téamacha.

Is Ollchruinniú bailí é má bhíonn ionadaíocht ag 15 faoin chéad ar a laghad den na Balleagraíochtaí agus, lena chois sin, má bhíonn ceathrar dá bhfuil i láthair ina mbaill den Rúnaíocht. Is gá freisin fógra baránta 21 lá a chinntiú roimh an Ollchruinniú.

Ní mór cinntí a dhéantar idir Ollchruinnithe a chur i láthair chun go ndaingneofar iad ag an gcéad Ollchruinniú eile. Tá vóta amháin ag gach Ballghrúpa neamhspleách iomlán ag an Ollchruinniú. Is ar Ollchruinniú is fearr do Bhallghrúpaí teacht le chéile agus líonrú agus éisteacht le nithe is spéis leo.



Bheith rannpháirteach leis an PPN ar dhóigh a chuireann le Bunreacht an PPN



Ní mór do gach PPN bunreacht a bheith acu lena gcuid gníomhaíochtaí a rialú. Forbraíonn an PPN an bunreacht i gcomhairle lena Bhallghrúpaí agus le faomhadh an Ollchruinnithe. Ba chóir an bunreacht a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go bhfuil sé ar aon dul leis an Lámhleabhar seo agus leis na Ciorcláin Roinne uile.

Is é an bunreacht an príomhdhoiciméad rialachais ag an PPN agus leagtar amach ann sraith rialacha a chaithfidh gach páirtí leasmhar a chomhlíonadh. Ba chóir do Bhallghrúpaí iad féin a chur ar an eolas faoi Bhunreacht an PPN a luaithe agus is féidir.

Tá roinnt bunreachtanna samplacha leagtha amach in Aguisín 1.

Tacú le Forbairt Físe don Fholláine Pobail

Iarrtar ar Bhallghrúpaí freisin a dtuairimí, taithí agus saineolas a thabhairt chun Fís don Fholláine Pobail a fhorbairt ina sainaitnítear na croicheisteanna atá, dar le Ballghrúpaí i gceantar PPN, tábhachtach dá bpobail agus gurb iad is fearr don ghlúin seo agus na glúnta atá le teacht (an Fhís).

Is é atá sa phróiseas chun an Fhís seo a forbairt, sraith cruinnithe comhairliúcháin i ngach Ceantar Bardasach. Is comhairliúcháin dhiana, bunaithe ar an rannpháirtíocht iad agus cuireann siad bonn eolais díreach faoi dhoiciméad deiridh na Físe, a chuirtear faoi bhráid an Ollchruinnithe le go bhfaomhfar é.

Úsáidtear doiciméad na Físe ansin chun eolas a thabhairt d'lonadaithe ar Bhoird agus Coistí, aighneachtaí áitiúla agus náisiúnta ar réimse leathan de cheisteanna agus is cuid den oiliúint ionduchtúcháin é. Spreagtar baill a bheith páirteach sna comhairliúcháin seo chun baint a bheith acu le múnú a bpobal san am atá le teacht.

Tá tuilleadh mionsonraí ar phróiseas forbartha na Físe seo leagtha amach i gCuid 11.

4

Grúpaí Nasctha agus Téamacha



Is iad na Grúpaí Nasctha an dóigh a bhféadann Ballghrúpaí PPN ionchur fíor a bheith acu i bpolasaí ina réimse oibríochta. Tugann Grúpaí Nasctha eagrais le chéile a bhfuil comhspéis acu lena dtuairimí nó údair shuime i réimse polasaí ar leith atá nasctha le Coiste nó le Bord ar a bhfuil ionadaíocht PPN a phlé.

Clárú Grúpa Nasctha PPN

Iarrtar ar gach Ballghrúpa clárú le Grúpa Nasctha PPN amháin ar a laghad. Is fo-ghrúpaí PPN iad seo a bhfuil feidhm ar leith acu atá meaitseáilte le Coistí nó Boird Údarás Áitiúil agus le gníomhaireachtaí eile sa cheantar Údarás Áitiúil. Tugann Grúpaí Nasctha Ballghrúpaí le chéile a bhfuil comhspéis acu i gclár oibre na gCoistí nó na mBord seo. Féadann an clár oibre seo a bheith an-leathan agus cuimsítear ann réimsí spéise Ballghrúpaí as na trí Cholaíste uile agus réimse leathan de cheisteanna.

Nuair a bhíonn Grúpaí Nasctha agus Grúpaí Téamacha araon ag PPN, ní mór dó a shocrú conas is fearr iad a úsáid le hobair an PPN a thabhairt chun cinn faoi mar a chuireann an tOllchruinniú iallach orthu.

Grúpaí Nasctha

Tá baint ag Grúpaí Nasctha le Boird nó Coistí Údarás Áitiúil. Nuair a iarrann Údarás Áitiúil ionadaíocht ar PPN, ba chóir don PPN Grúpa Nasctha a thabhairt le chéile. Ainmníonn na grúpaí seo, agus i roinnt cásanna toghann siad lonadaithe PPN ar Bhoird nó Coistí, faigheann siad aiseolas ó na hlonadaithe seo agus stiúirann siad a ngníomhaíocht trí chruinnithe a thionól nó na ceisteanna a thagann aníos a phlé agus baint a bheith acu le cúram na hlonadaithe ar chruinniú Boird nó Coiste. Féadann siad freisin ionchur a bheith acu i gcomhairliúcháin thar ceann an PPN. Is cuidiú é seo freisin le go bhfaighidh na Ballghrúpaí tuiscint níos doimhne ar an bpróiseas polasaí áitiúil óir bíonn faill acu obair na mBord nó na gCoistí seo a phlé leis an lonadaí, ionchuir a thabhairt don lonadaí le tabhairt chun cinn ag a gcuid cruinnithe agus aiseolas a fháil ón lonadaí.

D'áireofaí le samplaí de ghrúpa nasctha (ag brath ar an PPN) Sábháilteacht Pobail agus Comhphóilíneacht, a nascann le Coiste Comhphóilíneachta an Údaráis Áitiúil; Tithíocht, Pleanáil agus Iompar, a nascann le Coistí Tithíochta, Pleanála agus Iompair an Údaráis Áitiúil le cois gníomhaireachtaí náisiúnta amhail Iarnród Éireann, Bonneagar Iompair Éireann agus mar sin de.

Is tábhachtach a thabhairt do d'aird gurb é ról an Ghrúpa Nasctha a chur ar chumas eagraíochtaí agus a éascú dóibh réimse leathan de dhearcthaí agus réimsí spéise a chur in iúl laistigh den chóras rialtais áitiúil. Is é a chuspóir cur le rannpháirtíocht na mBallghrúpaí seachas teacht ina hionad nó í a laghdú ar dhóigh ar bith.

Trí chlárú le Grúpa Nasctha, féadann Ballghrúpa tionchar díreach a bheith aige ar cheapadh polasaí agus ar chinnteoireacht ina cheantar trí lonadaithe a ainmniú i dtoghcháin, agus i roinnt cásanna lonadaithe a thoghadh le suí ar Bhoird agus Coistí a bhunaigh an tÚdarás Áitiúil agus páirtithe leasmhara eile de chuid an phobail. Is

iad na Grúpaí Nasctha a stiúrann na hlonadaithe seo, bíonn ionchur acu faoi mar a chomhaontaíonn an Grúpa agus tugann aiseolas don Ghrúpa Nasctha trína gcinntítear trédhearcacht agus cuntasacht.

Tá tuilleadh mionsonraí ar ról na lonadaithe leagtha amach i gCuid 5.

Grúpaí Téamacha

Féadann PPN freisin (de rogha ar Ghrúpaí Nasctha nó chomh maith leo) Grúpaí Téamacha a bheith acu a bhaineann le réimsí spéise (ní gá sainréimse polasaí, Boird ná Coistí a bheith i gceist). I roinnt PPN tig leis na grúpaí seo lonadaithe PPN a ainmniú, agus i roinnt cásanna iad a thoghadh, agus cláir oibre a shocrú do Bhoird agus Coistí ar an dóigh chéanna, a bheag nó a mhór, a ndéanann na Grúpaí Nasctha.

I measc samplaí de ghrúpaí téamacha bheadh grúpaí a mbeadh suim ar leith acu i saincheistanna míchumais, comhshaoil agus mar sin de. Féadann na grúpaí téamacha seo teacht i gceann a chéile chun straitéisí a fhorbairt don PPN i gcomhréimsí spéise agus ionchur a bheith acu i bpolasaithe bainteacha áitiúla agus náisiúnta.

Ballraíocht agus na Grúpaí Nasctha/Téamacha (mar a gceadaítear ainmniúcháin agus toghcháin trí Ghrúpaí Téamacha)

Tugann an PPN cuireadh do gach Ballghrúpa clárú le Grúpa Nasctha/Téamach. Ballghrúpaí ar mian leo clárú, ainmníonn siad duine le freastal ar chruinnithe ar a son.

Is é ról an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh

- lonadaí(ithe) a ainmniú, agus i roinnt cásanna iad a thoghadh, ar an mBord nó Coiste bainteach reachtúil/Údarás Áitiúil, gan LCDC san áireamh óir is iad baill an Cholaíste bhaintigh a thoghann na hlonadaithe siúd.
- Na cúrsaí a bhíonn á bplé ag an mBord nó Coiste bainteach reachtúil/Údarás Áitiúil a chaibidil chun lonadaí(ithe) a chur ar an eolas agus, más ábhartha, seasamh polasaí a chur in ord tosaíochta agus a fhorbairt.
- Tacú leis na hlonadaithe chun a ról a chomhlíonadh trí thuairimí éagsúla a chur chun cinn i measc an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh leis an mBord nó Coiste bainteach reachtúil/Údarás Áitiúil.
- Modh cumarsáide leis an lonadaí(ithe) agus lena chéile a chomhaontú agus a fheidhmiú agus é éifeachtach agus réadúil (m.sh. grúpaí teachtaireachtaí, r-phost, glaonna gréasáin, duine le duine srl.).
- Comhoibriú leis an Rúnaíocht chun an tlonadaí(ithe) a cháineadh nó a chur as oifig mura bhfuil siad ag comhlíonadh a dtéarmaí ceapacháin.
- Comhoibriú le Rúnaíocht PPN agus tuairisciú leis an Ollchruinniú de réir mar is gá.
- Obair i bpáirt le Grúpaí Nasctha/Téamacha eile agus le hlonadaithe chun aidhmeanna an PPN a thabhairt chun cinn.

Is iad cearta an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh

- Faisnéis ábhartha a fháil faoi obair an Bhoird nó an Choiste bhaintigh reachtúil/Údarás Áitiúil chun cuidiú leo a bheith iomlán rannpháirteach.
- Cumarsáid rialta a fháil (ar a laghad chomh minic le cruinnithe Boird nó Coiste bhaintigh reachtúil/Údarás Áitiúil) ón Ionadaí ar chúrsaí ar nós
 - o Dátaí cruinnithe Boird nó Coiste
 - o Cláir cruinnithe Boird nó Coiste
 - o Tuairiscí cruinnithe Boird nó Coiste
 - o Nithe ar gá a n-ionchur ina leith
- Plé rialta a bheith acu i bhformáid chomhaontaithe (duine le duine/glao comhdháil/r-phost. grúpaí meáin shóisialta srl.).
- An tIonadaí a saincheisteanna a chur i láthair.
- Éascú plé Grúpaí Nasctha/Téamach ar dhóigh oscailte, uileghabhálach, riar ar thuairimí na mball uile.

Freagrachtaí Bhaill na nGrúpaí Nasctha/Téamacha

- Feidhmiú de réir phrionsabail agus luachanna an PPN.
- Ionchais réadúla faoin méid is féidir le hIonadaí a bhaint amach agus na srianta rúndachta a d'fhéadfadh a bheith orthu a thuiscint.
- Bheith i bhfách le heagraíochtaí nua clárú leis an nGrúpa Nasctha/Téamach agus ionchur gach grúpa ar suim leo an ceantar a iarraidh go gníomhach, go háirithe iad siúd nach gcuimsítear de ghnáth.
- Cumarsáid shoiléir, oscailte a dhéanamh leis an Ionadaí agus le baill eile de chuid an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh, ag aithint go bhféadfadh dearcthaí éagsúla a bheith acu ar chúrsaí agus go gcaithfidh an tIonadaí an réimse tuairimí a chur i láthair an Bhoird nó an Choiste.
- An t-am a ghlacadh le míreanna cumarsáide a fhaightear a léamh agus a thuiscint agus, má tá rud éigin doiléir, labhairt leis an Ionadaí/Ball den Rúnaíocht/Oibrí PPN bainteach le soiléiriú a iarraidh.
- Moltaí réadúla polasaí a fhorbairt chun tabhairt faoi fhadhbanna agus tacú leis an Ionadaí chun tuairimí a thabhairt chun cinn, trí fhórais agus taighde ábhartha a chur ar fáil nuair is féidir.
- Aiseolas a thabhairt dá mBallghrúpaí féin ar obair an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh agus an Bhoird nó an Choiste.
- An PPN ina iomláine a chur ar an eolas faoi chroícheisteanna agus seasamh polasaí.
- Taifid a choinneáil de dhátaí, tinreamh, aschuir srl cruinnithe (go fóirúil nó duine le duine).

5

Na hlonadaithe



Tá réimse Coistí agus Bord ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag na forais áitiúla eile chun tacú leo polasaí a fhorbairt trí shaineolas seachtrach a aimsiú. Is féidir an saineolas seo a fháil ó pháirtithe leasmhara eanála ar nós fostóirí, feirmeoirí, ceardchumann agus an phobail. **Is bunfheidhm de chuid an PPN an ionadaíocht pobail – an earnáil Pobail agus Dheonach, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaoil.** Grúpaí eile a bhfuil ionadaíocht acu ó chrainn taca na comhpháirtíochta sóisialta m.sh. ceardchumann, feirmeoireacht agus eagrais ghnó, ní thig leo ionadaíocht a iarraidh tríd an PPN. Ní mór don Údarás Áitiúil a úsáid chun Ionadaithe Pobail a cheapadh ar na Boird agus Coistí seo agus a chinntiú go n-éistear leo.

Ansin, ní mór d'Ionadaithe PPN aiseolas a thabhairt don PPN agus dá nGrúpa Nasctha, laistigh de shrianta rúndachta, faoina bpléitear ar a gcruinnithe agus faoi thorthaí an phlé seo. **Is de chúram na hIonadaithe PPN an t-aiseolas seo a thabhairt.**

Cé atá i dteideal a bheith ina (h)ionadaí?

Tá feidhm an-tábhachtach ag na hIonadaithe thar ceann PPN. Ballgrúpaí ina gColáiste/réimse rannpháirtíochta a thoghann iad agus bíonn siad páirteach ar Bhoird nó Coistí ag na hÚdaráis Áitiúla thar ceann an PPN. Mar sin de, déanann siad ionadaíocht thar ceann an PPN ina iomláine, a gCeantair Bhardasaigh féin, a gColáiste agus a ngrúpa.

Baineann na rialacháin maidir le baill foirne Údarás Áitiúil a bheith ina n-ionadaithe tofa i rialtas áitiúil, náisiúnta agus na hEorpa le hionadaíocht PPN freisin. Níl baill foirne Údarás Áitiúil os cionn an ghráid shainithe incháilithe ar ionadaíocht PPN ar Bhoird nó Coistí ag na hÚdaráis Áitiúla fiú nuair a bhíonn baint acu le Ballgrúpa. I ndiaidh na teorach a tugadh i gCiorclán Roinne CVSP 01/2014, beidh na critéir seo a leanas i bhfeidhm i leith cinneadh a dhéanamh ar cé atá le hainmniú:

- Taithí an ainmní ar obair ar an tsaincheist arb é fócas an fhóraithe ionadaíochta é.
- Cumas an ainmní ionchur éifeachtach a bheith aige/aici.
- Rannpháirtíocht daoine a bhfuil taithí acu ar an bhfadhb/saincheist a bhfuiltear le tabhairt fúithi ar an bhfóram ionadaíochta.
- Cé acu atá nó nach bhfuil an fhadhb/saincheist a bhfuiltear le tabhairt fúithi ar an bhfóram ionadaíochta ina 'croícheist' don bhall den PPN.
- Réimse cothrom dearcthaí i gceantair éagsúla geografacha a chinntiú, a oiread agus is féidir.
- Cothroime inscne a chinntiú, a oiread agus is féidir.
- Tiomantas ón duine/daoine atá le bheith iomlán rannpháirteach leis an nGrúpa Nasctha, lena n-áirítear tuairisciú ar ais.

Ról, Cearta agus Freagrachtaí an Ionadaí

Toghtar Ionadaí ar feadh téarma seasta leis na saincheisteanna atá ag Ballghrúpaí ar Bhord nó Coiste ar leith a chur in iúl. Ba chóir mionsonraí faoin téarma beacht oifige a chur ar fáil leis an bhfaisnéis ina n-iarrtar ainmniúcháin don ról. Maidir le cuid de na Boird agus Coistí seo, is polasaithe a bpríomhfhócas, seachas a bheith ina gcomhlachtaí oibríochta, ach is oibríochtaí atá mar an aon fhócas amháin ag cuid eile. Eagraítear toghcháin ar na Boird agus Coistí seo de réir nósanna imeachta a fhorbraíonn an Rúnaíocht agus a fhaomhann an tOllchruinniú. Tá sampla den phróiseas seo leagtha amach níos faide ar aghaidh sa Chuid seo.

Is ról gníomhach, rannpháirteach é ról an Ionadaí PPN agus is gá tiomantas agus am ina leith. Tá d'iallach ar Ionadaithe tuairimí a nGrúpa Nasctha/Théamaigh ina n-iomláine a chur in iúl (nuair a úsáidtear Grúpaí Téamacha le hIonadaithe a ainmniú agus a thoghadh) seachas a mbarúlacha pearsanta féin ná tuairimí a gCeantair Bhardasaigh, Earnála nó Foras Ainmniúcháin féin. Sula socraíonn Ionadaí féideartha gur mian leis/léi go n-ainmneofar é/í, ba chóir Cairt Ionadaithe a PPN a léamh ina hiomláine agus a fhiafraí dá nOibrí Acmhainne PPN an bhfuil ceisteanna ar bith acu nó ar gá aon rud a shoiléiriú. Tá Cairt Ionadaithe shamplach leagtha amach in Aguisín 3 den Lámhleabhar seo.

Is gá d'Ionadaithe cumarsáid rialta a dhéanamh lena nGrúpaí Nasctha/Téamacha lena chinntiú go bhfuil siad ag tabhairt saincheisteanna comhaontaithe, ábhartha chuig na Boird agus Coistí ar a suíonn siad. Tá d'iallach orthu freisin tuairisciú ar ais leis na Grúpaí Nasctha/Téamacha, ag úsáid an teimpléid chaighdeánaigh tuairiscithe PPN. Tá Teimpléad Tuairiscithe samplach leagtha amach in Aguisín 4.

Ról an Ionadaí

Is ról fiúntach é ról an Ionadaí. Tá tiomantas ama agus fuinnimh ag gabháil leis freisin chun a chinntiú go bhfeidhmítear é ina iomláine. Chuige seo, caithfidh an tIonadaí:

- Freastal ar chruinnithe Grúpa Nasctha/Théamaigh agus Boird nó Coiste, lena n-áirítear aon fho-ghrúpa ar a gceapfaí iad.
- Saincheisteanna an Ghrúpa Nasctha a chur i láthair an Bhoird nó an Choiste le gur féidir leo iad a mheas, lena n-áirítear míreanna a chur ar an gclár. Níl siad ansin go díreach chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann a ngrúpa nó a dtuairime féin.
- Comhoibriú leis an nGrúpa Nasctha/Téamach chun saincheisteanna, taighde, polasaí, moltaí srl. a shainaithint ar údair spéise nó imní iad ag an nGrúpa.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh (ar a laghad chomh minic agus a eagraítear cruinnithe) leis an nGrúpa Nasctha/Téamach faoi
 - Dátaí cruinnithe Boird nó Coiste
 - Cláir cruinnithe Boird nó Coiste
 - Tuairiscí cruinnithe Boird nó Coiste
 - Níthe ar gá a n-ionchur ina leith agus/nó ar spéis leis an nGrúpa Nasctha/Téamach iad

- Líonrú agus comhoibriú go straitéiseach le baill eile Boird nó Coiste thar ceann an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh agus an PPN, lena n-áirítear a bheith in ann teacht ar chomhréiteach ach cloí le bunchuspóir comhaontaithe an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh.

Ceartha an Ionadaí

Nuair a chuirtear san áireamh an tiomantas a iarrtar ar an Ionadaí, ba chóir, ar ndóigh, iad a bheith i dteideal cearta áirithe. Is iad seo a leanas na cearta:

- Rannpháirtíocht ghníomhach ón nGrúpa Nasctha/Téamach, lena n-áirítear freagraí tráthúla ar cheistanna a ardaítear.
- Go n-éistear leo agus go léirítear meas orthu mar bhall iomlán, comhstádas ag an nGrúpa Nasctha/Téamach agus an Bord nó Coiste agus go dtuigtear gur saorálaithe iad.
- Go dtacaíonn an Grúpa Nasctha/Téamach agus na baill Boird nó Coiste leo agus meas acu ar an PPN agus ar a ionchur.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas, fáil a bheith ar Ráiteas Torthaí Comhaontaithe nó miontuairiscí cruinnithe ar féidir iad a scaipeadh a luaithe agus is féidir ina dhiaidh.
- Dul faoi oiliúint ábhartha le go mothóidh siad ar a gcompord chun páirt a ghlacadh ar an mBord nó ar an gCoiste.
- Speansais a fháil ón Údarás Áitiúil as freastal ar chruinnithe Boird nó Coiste lena n-áirítear aon fho-ghrúpa agus oiliúint ábhartha a chuireann an tÚdarás Áitiúil ar fáil.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas, a iarraidh ar an Údarás Áitiúil ar a laghad roinnt cruinnithe a thionól ag am agus in áit a oireann dóibh.
- Paca ionduchtúcháin a fháil don Bhord nó don Choiste (arna chur ar fáil ag an mBord nó Coiste) ar dhul i mbun an cheapacháin dóibh, ina gcuimsítear:
 - Téarmaí tagartha
 - Orduithe seasta/nósanna imeachta
 - Sceidil, ionaid agus amanna, cláir agus cáipéisí cruinnithe le léamh roimh ré (ar a laghad coicís roimh ré, níos faide más féidir), lena n-áirítear
 - Sonraí teagmhála gach Ball Boird nó Coiste (faoi réir RGCS)
 - Fáil ar thacaíocht theicniúil nuair is gá
- Go n-eagraítear cruinnithe ar dhóigh a éascaíonn rannpháirtíocht, plé oscailte agus cinnteoireacht thrédhearcach.

Freagrachtaí an Ionadaí

Tá freagrachtaí ar an Ionadaí freisin leis an PPN agus an leis an nGrúpa Nasctha/Téamach. Áirítear leo sin:

- Cruinnithe Grúpa Nasctha/Téamach agus cumarsáid éifeachtach le baill an Ghrúpa Nasctha a eagrú.
- Bheith ina ann cumarsáid bhunúsach leictreonach a úsáid go héifeachtach (.i. r-phost agus brabhsáil idirlín) nó rogha oiriúnach eile.
- Ullmhú go hiomlán ina gcomhair agus freastal agus rannpháirt a ghlacadh i gcruinnithe Grúpa Nasctha agus Boird nó Coiste thar ceann an PPN amháin, ag fágáil suimeanna leasaithe pearsanta, gnó nó polaitíochta i leataobh.
- Comhoibriú go hoscailte agus i gcomhpháirt le baill an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh chun saincheistanna, taighde, moltaí polasaí srl. a shainaithint ach meas a léiriú ar an réimse tuairimí a chuirtear in iúl.
- Tuairimí/barúlacha an Ghrúpa Nasctha/Théamaigh a chur in iúl don Bhord nó Coiste agus aiseolas soiléir (gan bhéarlagair) a thabhairt don Ghrúpa Nasctha/Téamach.
- Freastal ar imeachtaí ábhartha oiliúna nó líonraithe a eagraíonn an PPN nó an Coiste.
- Bheith oscailte agus ionraic nuair a bhítear ag plé le páirtithe leasmhara.
- Dea-chaidreamh a chothú le baill eile Boird/Coiste nuair is le leas an PPN é.
- An PPN agus an Grúpa Nasctha/Téamach a chur i láthair ar dhóigh dhearfach, phraiticiúil.

Tiomantas Ama

Ar na gnéithe is luachmhaire de bheith ar PPN tá cur in iúl tuairimí PPN ar Bhord nó Coiste ach tá tiomantas ama ag gabháil leis. Bíonn tiomantais éagsúla ann, ag brath ar an mBord nó Coiste. Leis an bhfaisnéis a sheoltar amach leis na foirmeacha ainmniúcháin do gach Bord nó Coiste, ba chóir go mbeadh tiomantas ama measta, bunaithe ar thaithí an PPN roimhe seo. Ní bhíonn ann riamh ach meastachán óir mar gheall ar chúinsí eile, d'fhéadfadh níos mó nó níos lú cruinnithe a bheith de dhíth.

Próiseas Ainmniúcháin

Ag brath ar an mBord nó Coiste, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith idir an próiseas ainmniúcháin Ionadaithe ó PPN go chéile. Is próiseas *samplach* ainmniúcháin é seo a leanas:

- D'fhéadfadh an PPN gairm ainmniúcháin a chur amach ó na Ballghrúpaí Coláistí/Grúpaí Nasctha/Téamacha, ag tabhairt fógra 10 lá ar a laghad roimh dháta deiridh ainmniúcháin. Cuimseofar san fhaisnéis a chuirfear amach leis an bhfoirm ainmniúcháin léargas ginearálta ar obair an Bhoird nó an Choiste atá i gceist agus tiomantas measta ama na hIonadaithe.
- Is gá gur baill lánchláraithe den PPN iad na heagraíochtaí ainmniúcháin nach bhfuil a gclárú dulta in éag. Ba chóir do Bhallghrúpaí a bhfuil a gclárú dulta in éag clárú laistigh den tréimhse fógra. Is faoin PPN a bheidh sé a shocrú an bhféadann an Ballghrúpa sin ainmniúchán a dhéanamh.
- Ní mór don Bhallghrúpa an Fhoirm Ainmniúcháin a chomhlánú (tá sampla in Aguisín 5). Ní ghlacfaidh an PPN ach Foirmeacha comhlánaithe, sínithe.
- Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha.
- Ní mór don ainmní a dhearbhu go dtuigeann sé/sí ról an Ionadaí, go gcomhlíonfaidh sé/sí Bunreacht an PPN agus Cairt na hIonadaithe agus go ngníomhóidh sé/sí i gcónaí chun cuspóirí an PPN a thabhairt chun cinn.
- I ndiaidh dháta deiridh na n-ainmniúchán, athbhreithnítear gach ainmniúchán agus, má tá gach rud in ord, glacann Rúnaíocht an PPN leo.
 - Má fhaightear níos mó ainmniúchán ná a bhfuil de shuíocháin ar fáil, beidh toghchán ann (féach Próiseas Toghcháin samplach sa Chuid seo den Lámhleabhar).
 - Más ionann líon na n-ainmniúchán bailí agus líon na suíochán atá ar fáil, glactar leis go bhfuil an t-ainmní/na hainmnithe tofa.
 - Má fhaightear níos lú ainmniúchán ná líon na suíochán atá ar fáil, d'fhéadfadh an PPN Ionadaí eatramhach a lorg as measc a bhallraíochta lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag an PPN ar an mBord nó Coiste atá i gceist. Ansin, cuirfí an ceapachán seo chuig an Ollchruinniú le go bhfaomhfar é.
- Níl cead ag duine a bheith mar ionadaí PPN ar Bhord nó Coiste amháin (is eisceachtaí iad baill Rúnaíochta, a bhfuil cead acu poist a bheith acu ar Rúnaíocht an PPN le cois Bord nó Coiste amháin eile, i ndiaidh na ngnáthphróiseas ainmniúcháin agus toghcháin).
- Sa chás go n-ainmnítear duine le haghaidh, agus go dtoghtar an duine sin, níos mó ná suíochán amháin, caithfidh siad an Bord nó Coiste is fearr leo a roghnú. Ansin, líonfar an suíochán ar an mBord nó Coiste nár roghnaíodh leis an ainmní leis an dara líon is airde vótaí (más infheidhme) nó athfhógróidh an PPN é le haghaidh toghcháin.

- Sa chás gur Ionadaí reatha Boird nó Coiste é duine agus ansin go n-ainmnítear é/ í agus go dtoghtar é/ í i suíochán eile, caithfidh siad an Bord nó Coiste is fearr leo a roghnú.
 - Sa chás gur fearr leo leanúint dá ról reatha Ionadaíochta, líonfar an suíochán ar an mBord nó Coiste nár roghnaíodh leis an ainmní leis an dara líon is airde vótaí (más infheidhme) nó athfhógróidh an PPN é le haghaidh toghcháin.
 - Sa chás gur mian leo ról a ghlacadh ar an mBord nó Coiste nua, caithfidh siad éirí as an ról reatha Ionadaíochta. Fógróidh agus líonfaidh an PPN an folúntas ar an mBord nó an Coiste sin ar an ngnáthshlí.
- Is i gcúinsí eisceachtúla amháin, agus is faoin Ollchruinniú a bheidh sé, agus ar bhonn sealadach nó eatramhach a bheadh cead ag duine suí ar níos mó ná Bord nó Coiste amháin.
- Ballghrúpaí a ainmníonn Ionadaithe i ndiaidh próiseas oscailte, trédhearcach ainmniúcháin. Mura ann don fhoras bunaidh ainmniúcháin, nó mura bhfuil baint ag an Ionadaí leis níos mó, glactar leis gur éirigh an tIonadaí as a ról agus roghnófar duine eile i ndiaidh próiseas ainmniúcháin eile.



Próiseas Toghcháin

Nuair a bhíonn toghcháin de dhíth, féadann PPNanna próisis éagsúla a bheith acu le riar ar riachtanais a mBallghrúpaí agus na hachair ama atá i gceist. Is próiseas *samplach* toghcháin é seo a leanas. **Is do Ballghrúpaí iomlána amháin a thagraíonn an téarma “Ballghrúpaí” sa chuid seo. Níl cead ag Ballghrúpaí Comhlacha páirt a ghlacadh i dtoghcháin:**

- Beidh toghcháin saor agus inrochtana ag gach Ballghrúpa incháilithe, a oiread agus is féidir ar bhonn réasúnach. D’fhéadfadh sé gur ghá, i roinnt cásanna, toghcháin a theorannú, mar shampla, do bhaill Coláiste ar leith. Nuair is gá srianta, ba chóir dóibh a bheith trédhearcach agus fáth leo a mhaítear go follasach.
- Féadtar toghcháin a eagrú trí r-phost, foirmeacha ar líne, post (le clúdach SAORPHOIST nó le clúdach ar a bhfuil stampa agus seoladh) nó modhanna inrochtana eile.
- Seolfaidh an PPN na hábhair uile toghcháin chuig an bpríomhsheoladh teagmhála a thugann gach Ballghrúpa ar chlárú/athchlárú dóibh. Is de chúram Ballghrúpaí a chinntiú go bhfuil a sonraí teagmhála go cruinn agus cothrom le dáta.
- Bíonn ábhair thoghcháin éagsúla ag PPNanna, ach, ar a laghad, ba chóir go n-áireofaí leo:
 - Forléargas ina mínítear cad chuige an toghchán, cé a ainmníodh (lena n-áirítear a mBallghrúpa agus ballraíocht Choláiste) agus mionsonraí iomlána ar conas vótaí a sheoladh ar ais agus an dáta chuige sin.
 - CV gearr ar gach ainmní, a bhaineann leis an toghchán atá idir lámha (níl sé beartaithe go dtabharfaidh ainmnithe CV iomlán gairme).
 - Nuair is infheidhme (m.sh. don vótáil r-phoist agus sa phost) d’fhéadfaí páipéir vótála a chur ar fáil freisin ina leagfaí amach an líon uasta vótaí atá ar fáil i ngach vóta agus mar ba chóir an vóta a thabhairt (.m.sh. X, rogha uimhriúil srl.).
 - Nuair is infheidhme, clúdach SAORPHOIST nó clúdach ar a bhfuil stampa agus seoladh le páipéir vótála a sheoladh ar ais.
 - Is faoin Rúnaíocht a bheidh sé, má fhaomhann an tOllchruinniú, liosta de Bhallghrúpaí incháilithe vótála a chuimsiú mar a bhfuil vótáil teoranta. Is Ballghrúpaí incháilithe iad na Ballghrúpaí siúd (ní Baill Chomhlacha) atá cláraithe faoi láthair le PPN agus nach ndeachaigh a mballraíocht in éag.
 - Má bhíonn comhscór ann, cuirfear ar chrainn é agus toghfar an chéad ainm a tharraingeofar amach.

- Ceadófar 10 lá ar a laghad le páipéir vótála a sheoladh ar ais, ach amháin go gcaithfear vótáil laistigh d'achar ama níos giorra mar gheall ar chúinsí eile agus go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta ag an Rúnaíocht a chinntiú go bhfuil an vótáil inrochtana ag gach Ballghrúpa.
- Nuair a úsáidtear páipéir vótála chlóite, déanfar iad seo a stóráil, gan oscailt, i mbosca faoi ghlas go dtí lá agus am an chuntais, mar a mhaítear ar bhileog eolais na vótála.
- Rúnaíocht an PPN a bhíonn i mbun an chuntais agus cuireadh ar na hiarrthóirí a bheith i láthair le breathnú.
- Taifeadtar torthaí in ord an líon is airde vótaí a fhaightear agus cuirtear painéal le chéile ó na hiarrthóirí nár éirigh leo.
- Más gá don iarrthóir a toghadh le linn an téarma, nó má roghnaíonn sé/sí gan an post a ghlacadh, tógfaidh an chéad duine eile ar an bpainéal an post. Fanfaidh gach ball den phainéal go ceann bliana nó go dtí an chéad dáta athchláraithe ballraíochta eile, cibé a thagann ar dtús.



Ionadaithe PPN agus Oifig Rialtais

Chomh maith le critéir roghnaithe Ionadaí, atá leagtha amach sa Chuid seo thuas, is gá na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:



- Ní féidir ionadaithe tofa Údarás Áitiúil a ainmniú tríd an bpróiseas seo.
- Má shocraíonn aon duine a ainmnítear tríd an bpróiseas seo dul le polaitíocht toghchánaíochta, ní mór do/dí éirí as a ról mar Ionadaí PPN láithreach agus roghnóidh an t-aonad cuí ainmniúcháin (Coláiste/Grúpa Nasctha Toghcháin) ionadaí eile ina (h)áit.
- Níor chóir duine a bhí ina (h)ionadaí tofa ag aon leibhéal rialtais (áitiúil, náisiúnta nó Eorpach) a roghnú in aon ról ionadaíoch PPN go ceann bliana i ndiaidh a dtéarma oifige a chur i gcrích.
- Más ann do choimhlint leasa, ní féidir fostaithe/gairmithe a ainmniú.
- Caithfidh gach ionadaí PPN na critéir atá leagtha síos ag an aonad (Coláiste / Grúpa Nasctha) a ainmníonn iad ina ról ionadaíochta a chomhlíonadh.

Toghadh in oifig Rialtais



D'fhonn neamhspleáchas an PPN a choinneáil, níl cead ag Ionadaithe reatha PPN seasamh i dtoghchán d'aon oifig Rialtais, bíodh sé ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, má tá siad ina n-ionadaithe PPN fós. Má shocraíonn Ionadaithe seasamh i dtoghchán d'oifig Rialtais, caithfidh siad éirí as a bpost láithreach roimh a n-ainm a chur chun tosaigh le go n-ainmneofar iad.

- Mura n-éiríonn le hionadaí ina n-iarracht le bheith ainmnithe i gcomhair toghcháin d'oifig Rialtais, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh an dáta ar cuireadh in iúl dóibh nár éirigh lena n-iarracht ar ainmniúchán roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán mar Ionadaí PPN.
- Dá n-ainmneofaí an t-ionadaí i gcomhair toghcháin ach nach n-éireodh leo, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta an toghcháin roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán mar Ionadaí PPN.
- Dá dtoghfaí an t-ionadaí, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta dulta in éag a dtéarma oifige roimh a ghlacadh i dtoghchán mar Ionadaí PPN.

Oiliúint Ionductúcháin agus Tacaíocht Leanúnach

Cuirfidh an PPN oiliúint ionductúcháin ar fáil do gach Ionadaí nuacheaptha. Féadann Ionadaithe eile, nach bhfuil nuacheaptha ach ar mhian leo “cúrsa athnuachana” a dhéanamh freastal ar an oiliúint seo freisin, má bhíonn spás ann ach go mbeidh tús áite acu sin atá nuathofa. Más féidir, ba chóir oiliúint a chur ar fáil freisin d'oifigigh agus do chomhairleoirí Údarás Áitiúil chun cur lena dtuiscint ar PPN.

Ar a laghad, ba chóir go gcumhdófaí san oiliúint seo:

- Ról an PPN ar Bhoird agus ar Choistí
- Ról, Cearta agus Freagrachtaí an Ionadaí
- Cairt na nIonadaithe
- Úsáid Theimpléad Tuairiscithe na nIonadaithe

Féadann an PPN freisin comhoibriú leis an Údarás Áitiúil le hoiliúint a chur ar fáil a bhaineann go sonrach leis an mBord nó Coiste ar a suífidh an tIonadaí.

Féachfaidh an PPN leis an ionductú seo a chur ar fáil a luaithe agus is féidir i ndiaidh cheapadh an Ionadaí. Mura ann do chúinsí eisceachtúla, faoi mar a fhaomhfaidh an Rúnaíocht lena dhaingniú ag an Ollchruinniú, caithfidh an tIonadaí a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar oiliúint ionductúcháin roimh fhreastal ar chruinnithe Boird nó Coiste ar a gceaptar iad.

Óstálann an PPN agus baineann feidhm as seisiúin éagsúla oiliúna a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ag na hIonadaithe i rith na bliana mar chuid dá Phlean Oibre. Ní mór d'Ionadaithe féachaint le freastal ar oiliúint is ábhartha leo agus lena ról ar a mBord nó Coiste.

Tuairisciú

Ceanglas éigeantach é ag Ionadaithe PPN tuairisciú ar ais chuig an nGrúpa Nasctha/Téamach agus an PPN. Is gá tuairisc ó gach cruinniú ar a bhfreastalaíonn an tIonadaí mar Ionadaí PPN.

Ba chóir go bhfaighfí tuairiscí tráth nach déanaí ná coicís i ndiaidh an chruinnithe/teagmhála agus iad san fhormáid chuí (féach Foirm Thuairisc Ionadaí in Aguisín 4). Ba chóir don Oibrí Acmhainne cóip a fháil freisin den Tuairisc Ionadaí chomhlánaithe le cur i dtaifid an PPN.

Mura dtiocfaidh an tIonadaí chuig trí chruinniú i ndiaidh a chéile nó mura dtabharfar Tuairiscí go tráthúil agus, dar le Rúnaíocht an PPN, gan cúis mhaith, d'fhéadfaí a iarraidh orthu éirí as a ról. Féadann an tIonadaí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo ar aon dul le Nós Imeachta Gearáin PPN (féach Aguisín 2) laistigh de 10 lá.

Mura n-éireoidh leis an achomharc nó mura ndéanfar aon achomharc, roghnóidh an PPN ionadaí eile ón bpainéal, más ann dó, nó eile ach cloí leis an gCuid seo den Lámhleabhar.

Taisteal agus Speansais



Is é polasáí Taistil agus Speansais an Údaráis Áitiúil aonair a rialóidh íocaíocht taistil agus speansais le freastal ar chruinniú Bord nó Coiste Údarás Áitiúil. Déanfar gach íocaíocht taistil agus speansais de réir rialacha na hearnála poiblí agus ní bhaineann siad ach le taisteal sa chontae i gcomhair cruinnithe nó lasmuigh den chontae i gcúinsí eisceachtúla amhail oiliúint, freastal ar chomhdháil PPN nó cruinnithe Lónra Rúnaíochta.



6

An Rúnaíocht



Is cuid thábhachtach den PPN í an Rúnaíocht. Is í an brainse riaracháin í agus is é an tOllchruinniú (na Ballghrúpaí uile) a stiúran í.

Ionadaithe Ballghrúpaí as na trí Choláiste uile (Pobal agus Deonach, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaol) is ea an Rúnaíocht. Is é ról na Rúnaíochta a chinntiú go bhfeidhmítear na cinntí a dhéanann an tOllchruinniú, comhlacht oibríochtúil cinnteoireachta, an PPN. Déanann sí maoirseacht freisin ar fheidhmiú an Phlean Straitéisigh. Más gá don Rúnaíocht cinntí oibríochta a dhéanamh idir Ollchruinnithe, caithfear iad a fhaomhadh (a dhaingniú) ag an gcéad Ollchruinniú eile.

Cé atá sa Rúnaíocht?



Ba chóir go léireofaí sa Rúnaíocht nádúr an PPN ina iomláine. Le ciorclán na Roinne (CVSP 1/2014 a chomhlíonadh, caithfidh na daoine seo ar a laghad a bheith ar Rúnaíocht PPN:

- ionadaí amháin as gach Ceantar Bardasach i gcontae (nó ceantair ar leith geografach sna cathracha), agus
- an líon céanna daoine (ach beirt ar a laghad) as na trí choláiste toghcháin uile (Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach).

Nuair a bhíonn folúntais ann, ba chóir iad a líonadh a luaithe agus is féidir.

Is gá gur Ballghrúpa óna gceantar (geografach) nó Coláiste (Pobal agus Deonach, Cuimsiú Sóisialta, Comhshaol) féin a ainmneoidh daoine a thoghtar ar an Rúnaíocht.

Níl cead ach ag Ballghrúpaí a bhaineann leis an gceantar nó Coláiste céanna vótáil do gach ainmní. Mar shampla, má ainmníonn grúpa sa Choláiste Cuimsiú Sóisialta i gCeantar Bardasach ar leith iarrthóir, níl cead ach ag Ballghrúpaí sa Choláiste Cuimsiú Sóisialta vótáil ar a son. B'fhéidir gur mhaith le roinnt PPN baill Rúnaíochta a cheapadh ar bhonn Grúpaí Nasctha freisin. Is é is tábhachtaí go ngníomhaíonn an Rúnaíocht thar ceann an PPN iomláin – gach Ballghrúpa PPN – agus í i mbun a cuid dualgas.

I gcóras na gColáistí, cinntítear go bhfuil comhionadaíocht ag na trí ghuth ar leith (Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach) sa PPN ar an Rúnaíocht agus is féidir a dtuairimí a chur in iúl go soiléir.

Níl cead ag baill foirne Údarás Áitiúil a bheith ina mbaill de Rúnaíocht PPN, fiú más cuid de Bhallghrúpa PPN iad.

Toghadh in oifig Rialtais

D'fhonn neamhspleáchas an PPN a choinneáil, níl cead ag Baill Rúnaíochta PPN seasamh i dtoghchán d'aon oifig Rialtais, bíodh sé ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, agus fanacht sa Rúnaíocht PPN. Má shocraíonn Ball de Rúnaíocht PPN seasamh i dtoghchán d'oifig Rialtais, caithfidh siad éirí as a bpost láithreach roimh a n-ainm a chur chun tosaigh le go n-ainmneofar iad.

Mura n-éiríonn le ball Rúnaíochta ina n-iarracht le bheith ainmnithe i gcomhair toghcháin d'oifig Rialtais, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh an dáta ar cuireadh in iúl dóibh nár éirigh lena n-iarracht ar ainmniúchán roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán Rúnaíochta.

Má ainmnítear an ball Rúnaíochta i gcomhair toghcháin ach nach n-éireoidh leo, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta an toghcháin roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán Rúnaíochta.

Dá dtoghfaí an ball Rúnaíochta, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta dulta in éag a dtéarma oifige roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán Rúnaíochta.

Ról na Rúnaíochta

Is foras riaracháin í an Rúnaíocht atá faoi stiúir Ollchruinniú an PPN. Is é a ról:

- Cuidiú a thabhairt chun cinntí oibríochta an Ollchruinnithe a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil an PPN ag oibriú mar is ceart idir Ollchruinnithe thar ceann na mBallghrúpaí.
- Gníomhaíochtaí PPN a eagrú, nó cuidiú a thabhairt ina leith, thar ceann na mBallghrúpaí.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh le gach Ball PPN agus eolas a roinnt chomh leathan agus is féidir faoi ghníomhaíochtaí uile PPN.
- Taifid chruinne, cothrom le dáta a choinneáil ar ghnó PPN, lena n-áirítear miontuairiscí cruinnithe agus a chinntiú go scaiptear clár cruinnithe go tráthúil.
- Bheith mar phointe teagmhála PPN don Údarás Áitiúil, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, PPNanna eile, An Grúpa Comhairleach Náisiúnta agus do pháirtithe leasmhara eile an PPN.
- Déileáil leis an gcomhfhreagras ar fad thar ceann an PPN trí chóipeanna a sheoladh agus freagraí a scríobh.
- Oibrithe PPN a éascú agus cuidiú leo ina ngníomhaíochtaí laethúla agus iad ag feidhmiú chuspóirí an PPN.

Ainmniúcháin agus Téarma Oifige

Ba chóir toghadh na mBall den Rúnaíocht a bheith ar aon dul le mandáid dhaonlathach na PPNanna.



D'fhoill rannpháirtíocht a bhaint amach dáiríre, ní mór don PPN a chinntiú go ndéantar ról na nIonadaithe, amhail an Rúnaíocht a athnuachan go rialta.

Ba chóir Rúnaíochtaí a athnuachan gach 3–5 bliain ar a laghad chun a chinntiú go mbíonn cothroime idir an gá atá le baill a bheith acu ag a bhfuil an t-eolas agus an tuiscint ar an obair atá an PPN a dhéanamh agus an gá a chinntiú go bhfuil ionadaíocht chuí ag na baill. Nuair a bhítear ag athnuachan na Rúnaíochta, ba chóir do na baill is faide seirbhís éirí as ar dtús chun go bhféadfaidh guthanna nua teacht isteach. Lena chois sin, níor chóir d'aon bhall den Rúnaíocht níos mó ná dhá bhliain a dhéanamh i ndiaidh a chéile.



Ní mór do PPN timthriall toghcháin na Rúnaíochta a dheighilt ó thimthriall toghcháin áitiúil na gComhairleoirí, chun a chinntiú go mbíonn Rúnaíocht a bhfuil taithí aici ann nuair is gá ionadaithe nua a thoghadh ar Bhoird agus Coistí Údaráis Áitiúla. Nuair nach amhlaidh, ní mór do PPN beartú chuige seo a luaithé agus is féidir.



Ba chóir do Bhallghrúpaí baill den Rúnaíocht a ainmniú i ndiaidh próiseas oscailte, trédhearcach ainmniúcháin. Más amhlaidh nach ann níos mó don fhoras ainmniúcháin bunaidh nó nach bhfuil baint ag an Rúnaíocht leo a thuilleadh, glacfar leis gur éirigh an ball den Rúnaíocht as an ról agus roghnófar duine eile i ndiaidh próiseas ainmniúcháin eile.

Tá ballraíocht Rúnaíochta bailí ar feadh 3–5 bliain, ag brath ar an PPN.



Ní mór go gcuimseofar foráil chun téarma oifige na Rúnaíochta a chéimniú i ngach Bunreacht PPN. Mura cuid de Bhunreacht PPN í cheana féin, ba chóir í a chuimsiú a luaithé agus is féidir, cé go n-aithnítear go mb'fhéidir gur ghá leasú foirmiúil bunreachtá agus Cruinniú Ginearálta Speisialta chuige seo. Fanann trian den ghrúpa in áit d'fhoill leanúnachas a chinntiú.

Ba chóir Cathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta a bheith ag gach Rúnaíocht, a cheaptar as measc na ballraíochta. Ar aon dul leis an Struchtúr Cothrom, ba chóir teorainn ama a bheith le ról an Chathaoirligh/Éascaitheora Uainíochta agus é ar fáil do gach ball den Rúnaíocht uair amháin ar a laghad le linn a dtéarma oifige. Chun a chinntiú go mbíonn faill ag gach ball den Rúnaíocht a bheith mar Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta, moltar gur chóir an ról seo a mhalartú i ndiaidh gach cruinniú, ach gach 6 mhí ar a laghad. Caithfidh gach ball den Rúnaíocht a ghlacann ról an Éascaitheora Uainíochta dul faoi oiliúint sna freagrachtaí/inniúlachtaí riachtanacha, amhail cathaoirleacht cruinnithe agus scileanna maíthe cumarsáid foirne. Íocfar as an oiliúint seo as buiséad PPN.

Is tábhachtach go gcloítear le prionsabail agus cleachtais an Struchtúir Chothroim (m.sh. cuimsitheacht, rannpháirtíocht, gníomhaíochas na mball uile, neamh-ordlathach) beag beann ar cibé teideal atá ar ról ar leith ar an Rúnaíocht, amhail Éascaitheoir nó Cathaoirleach.

Is é ról an Chathaoirligh/Éascaitheora Uainíochta:

- Cruinnithe a éascú go gníomhach le linn a dtéarma mar Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta.
- A chinntiú go bhfeidhmítear gníomhartha a aontaíodh ar chruinnithe a eagraítear le linn a dtéarma Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta agus, más gá, an tOllchruinniú iad a fhaomhadh (a dhaingniú).
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Rúnaíochta ar chruinnithe agus ar imeachtaí ábhartha le linn a dtéarma mar Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta.
- Aon dualgas riachtanach eile a dhéanamh thar ceann an PPN de réir mar is gá.

Cód Iompair

Ní mór do gach PPN Cód Iompair Rúnaíochta a bheith acu lena chinntiú go bhfeidhmíonn an Rúnaíocht ar dhóigh oscailte, thrédhearcach agus í chomh cuimsitheach agus is féidir. Tá Cód Iompair samplach leagtha amach in Aguisín 8.



Cruinnithe den Rúnaíocht

Ba chóir don Rúnaíocht sceideal bliantúil cruinnithe a aontú ag tús gach bliana mar chuid dá Plean Oibre. Ba chóir cruinnithe a thionól in áiteanna agus ag amanna is oiriúnaí do bhunús bhaill na Rúnaíochta.

Ba chóir don Rúnaíocht líon na gcruinnithe a bhíonn de dhíth gach bliain a aontú chun a chur ar a gcumas an Plean Oibre a chur i gcrích. B'fhéidir go mbeadh gá le cruinnithe breise chun déileáil le himeachtaí nach mbeadh coinne leo, ach ní mór gur cúinsí eisceachtúla iad seo.

Tá freastal ar chruinnithe Rúnaíochta riachtanach. Mura bhfreastalaíonn aon bhall den Rúnaíocht ar thrí chruinniú i ndiaidh a chéile agus, dar leis an Rúnaíocht PPN, gan cúis mhaith, baintear an ról díobh.



Féadann an ball den Rúnaíocht achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo ar aon dul leis an Nós Imeachta Gearáin PPN sainiúil (féach an sampla in Aguisín 2).

Mura n-éireoidh leis an achomharc, nó mura ndéanfar aon achomharc, lorgóidh an PPN ball eile den Rúnaíocht ón gCeantar Bardasach/Coláiste bainteach.

Oiliúint Iondúchtúcháin agus Tacaíocht Leanúnach

Cuirfidh an PPN oiliúint iondúchtúcháin ar fáil do gach ball nuacheaptha den Rúnaíocht. Féadann baill den Rúnaíocht eile, nach bhfuil nuacheaptha ach ar mhian leo “cúrsa athnuachana” a dhéanamh freastal ar an oiliúint seo freisin, ag brath ar an líon daoine, ach go mbeidh tús áite acu sin atá nuathofa. Ba chóir go gcumhdófaí, ar a laghad, san oiliúint seo:

- Ról an PPN, a luachanna agus prionsabail
- Ról na Rúnaíochta
- Cód iompair na Rúnaíochta
- Forléargas ar fheidhmiú an PPN, a pholasaithe agus nósanna imeachta.



Tá oiliúint iondúchtúcháin Rúnaíochta éigeantach. Féachfaidh an PPN leis an oiliúint iondúchtúcháin seo a chur ar fáil a luaithe agus is féidir i ndiaidh ceapadh baill nua den Rúnaíocht.

An Líonra Náisiúnta Rúnaíocht PPN

Ionadaithe ón 31 Rúnaíocht PPN atá sa Líonra Náisiúnta Rúnaíocht PPN. Tagann an grúpa seo i gceann a chéile chun dea-chleachtas a phlé i ngach cuid den líonra PPN agus chun comhoibriú le go neartófar an PPN ina iomláine ach a bheith eolach ar dhifríochtaí áitiúla agus réigiúnacha agus glacadh leo.

Taisteal agus Speansais

Íocfar taisteal agus speansais le baill den Rúnaíocht i leith a n-ionadaíochta oifigiúla thar ceann an PPN, seachas a ról mar Ionadaithe PPN ar Bhord nó Coiste Údarás Áitiúil.



Déanfar gach íocaíocht i leith taistil agus speansais de réir rialacha na hearnála poiblí agus Pholasáí Taistil agus Speansais PPN (féach an sampla in Aguisín 6). Ní bhaineann speansais den sórt ach le taisteal sa chontae i gcomhair cruinnithe rúnaíocht PPN nó lasmuigh den chontae i gcúinsí eisceachtúla amhail oiliúint, freastal ar chomhdháil PPN nó cruinnithe Líonra Rúnaíochta.

Is é an tÚdarás Áitiúil seachas an PPN a chúitíonn speansais Ionadaithe PPN ar Bhord nó Coiste Údarás Áitiúil (féach Cuid 4).

Feidhmeanna na Rúnaíochta – Léargas Ginearálta

Feidhmeanna riaracháin is ea príomhfheidhmeanna na Rúnaíochta, téitear i mbun dualgas faoi stiúir an Ollchruinnithe. Áirítear leis na feidhmeanna seo:

- Forbairt agus feidhmiú an Phlean Straitéisigh
- Oibrithe PPN a éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla chun cuspóirí PPN a fheidhmiú
- A chinntiú go gcloítear leis an Struchtúr Cothrom
- An PPN agus a Bhallraíocht a chur chun cinn
- Bunachar sonraí bhallraíocht PPN a bhainistiú (faoi réir rialacháin RGCS)
- Toghcháin Ionadaithe PPN a mhaoirsiú
- Bheith cuntasach don Ollchruinniú agus a dtreoracha a chur i bhfeidhm

Caithfear an ról a shainmhíniú go soiléir agus a leagan amach i mBunreacht an PPN. Ba chóir an Bunreacht a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go bhfuil sé ag cur le téarmaí an Lámhleabhair seo agus le gach ciorclán Roinne.



Forbairt agus Feidhmiú an Phlean Straitéisigh

Ba chóir Plean Straitéiseach a bheith ag gach PPN ina gcumhdaítear tréimhse, faoi réir leithdháiltí bliantúla maoinithe, trí go cúig bliana. Ba chóir do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach seo a fhorbairt; an Rúnaíocht agus Oibrithe lena scríobh; an tOllchruinniú lena fhaomhadh.

Ansin, an Rúnaíocht a mhaoirsíonn agus a fheidhmíonn an Plean Straitéiseach thar ceann an Ollchruinnithe. Ba chóir don PPN cuireadh a thabhairt don Údarás Áitiúil, mar pháirtí leasmhar agus cómhaoinitheoir, le hionchur a bheith acu i bPlean Straitéiseach an PPN. Ba chóir go gcuirfí san áireamh sna hionchuir seo neamhspleáchas an PPN, agus é i mbun a chuid oibre, agus chuspóirí PPN.

Oibrithe PPN a Bhainistiú

Ba chóir cur síos ról atá sainmhínithe go soiléir a bheith ag Oibrithe Acmhainne agus ag Oibrithe Tacaíocht, atá ar aon dul le feidhmiú an phlean oibre agus a chomhaontaítear ag tús na bliana. Ba chóir don Choiste Idirchaidrimh Foirne an cur síos ar na ról seo a athbhreithniú dá réir. Ba chóir don Rúnaíocht treoir shoiléir a thabhairt do na hOibrithe PPN ar ghníomhartha leantacha a bhíonn de dhíth i ndiaidh gach cruinniú agus iad a chur in iúl go soiléir do na hOibrithe PPN.

Éascaíonn agus cumasaíonn an Rúnaíocht gníomhaíochtaí laethúla Oibrithe PPN i soláthar cuspóirí PPN thar ceann an Ollchruinnithe agus cinntíonn go gcomhlíonann Oibrithe PPN a ndualgais faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Oibre PPN. Sa chás ina bhfuil

na hOibrithe PPN fostaithe ag an Údarás Áitiúil/Ósteagraíocht/Eagraíocht Tacaíochta, is fúthu sin a bheith cúraimí AD agus riarachán párolla agus is gá na ról ar leith seo a leagan amach go soiléir i gcomhaontú sannacháin.



Déanann an Rúnaíocht maoirseacht ar obair an PPN idir Ollchruinnithe agus éascaíonn agus cumasaíonn gníomhaíochtaí laethúla an Oibrí Acmhainne, Oibrí Tacaíochta agus aon bhall foirne sealadach, páirtaimseartha nó Scéime atá fostaithe ag an PPN lena chuspóirí a thabhairt chun cinn. Ós rud é nach féidir le suas le 15 dhuine ar Rúnaíocht amháin a bheith freagrach as tacaíocht laethúil na mBall Foirne, ní mór do gach Rúnaíocht Coiste Idirchaidrimh Foirne a cheapadh ar a bhfuil triúr ball den Rúnaíocht a dhéanfaidh caidreamh díreach leis an bhfoireann maidir lena ngníomhaíochtaí laethúla.

A luaithe agus is féidir i ndiaidh cheapadh an Choiste Idirchaidrimh Foirne, ní mór don triúr a chinntiú go bhfreastalóidh siad ar oiliúint AD agus bainistíochta roimh dhul i mbun a ról mar chuid den Choiste Idirchaidrimh Foirne.

Maidir le gach Oibrí PPN a earcú agus a roghnú, is ceart do Rúnaíocht an PPN agus don Oibrí Acmhainní, nuair is cuí, a bheith rannpháirteach go hiomlán i bpróiseas soiléir agus trédhearcach atá cuí chun riachtanais an PPN ar leith agus an tuairisc ghaolmhar ar phost a chomhlíonadh.

Aithnítear go bhféadfadh Oibrithe PPN a bheith fostaithe ag roinnt páirtithe leasmhara éagsúla, agus go bhféadfadh meascán de chonarthaí buana agus sealadacha a bheith i gceist, ag brath ar a gconradh fostaíochta, agus mar sin moltar go bhfostaítear Oibrithe Acmhainní agus Oibrithe Tacaíochta le bheith ag obair leis an PPN, faoi réir ag leithdháilte maoinithe, ar feadh thréimhse trí bliana ar a laghad, nuair is féidir sin. Ní chuirtear cosc ar na hOibrithe PPN leas a bhaint as deiseanna gairme eile, sa chás go dtiocfadh siad chun cinn go mbeadh spéis ag na hOibrithe PPN iontu.



Ní mór do gach PPN a chinntiú go leantar dea-chleachtais Acmhainní Daonna agus go gcloíonn an PPN leis na rialacháin ar fad maidir le fostaíocht. An Rúnaíocht atá freagrach as sin. Chuige sin, is ceart don Rúnaíocht a chinntiú go bhfuil ar a laghad na beartais seo a leanas i bhfeidhm ag an PPN. Is ceart do gach ball den Rúnaíocht agus do gach Oibrí PPN na beartais sin a shíniú lena chur in iúl gur léigh siad agus gur thuig siad go hiomlán iad:

- Beartas Taistil agus Costas (féach sampla in Aguisín 6)
- Beartas Úsáide Idirlín agus Ríomhphoist (féach sampla in Aguisín 7)
- Nós Imeachta faoi Chasaid (féach sampla in Aguisín 9)
- Beartas maidir le Tiomáint chun críocha na hOibre (féach sampla in Aguisín 10)
- Beartas Aosach LEOCHAILEACH (féach sampla in Aguisín 11)
- Beartas maidir le Dínit san Áit Oibre (féach sampla in Aguisín 12)
- Beartas agus Treoirínite maidir le Cosaint Sonraí (sampla le tabhairt)

Ní mór don PPN IOMLÁNACH beartas agus nósanna imeachta arna bhforbairt ag an Rúnaíocht a fhaomhadh/dhaingniú.

An Rúnaíocht atá freagrach as Plean Oibre an PPN a fhorbairt freisin. Déantar sin i gcomhar leis na hOibrithe PPN agus trí bhíthin chomhairliúcháin le Ballghrúpaí an PPN. Cuirtear an Plean Oibre sin ar aghaidh chuig an PPN Iomlánach lena cheadú. Cuirtear sampla de Plean Oibre leis an sampla de Mheabhrán Tuisceana a scaipeann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail agus a leagtar amach in Aguisín 13.

An Struchtúr Cothrom a Chothabháil

D'fhonn an Struchtúr Cothrom a chothabháil, ní mór do Rúnaíochtaí bealaí praiticiúla le bheith ag obair a fhorbairt, amhail:

- An Cathaoirleach / tionólaí cruinnithe a uainiú ar bhonn rialta. Le linn a gcuid ama mar Chathaoirleach / Éascaitheoir Uainíochta, féadfaidh an duine sin doiciméid a shíniú, etc., thar ceann an PPN, ar an gcoinníoll go dtugann an Rúnaíocht sainordú dóibh sin a dhéanamh.
- Grúpa Cathaoirleach / Éascaitheoirí / tionólaíthe uainíochta a bheith ann, e.g. bíonn an Cathaoirleach / Éascaitheoir Uainíochta isteach ag obair i gcomhar leis an gCathaoirleach / Éascaitheoir Uainíochta reatha chun an próiseas a threorú. Is ceart ról an Chathaoirligh / Éascaitheora Uainíochta a uainiú i ndiaidh gach cruinníú, nó gach sé mhí ar a laghad, lena chinntiú go mbeidh deis ag gach ball den Rúnaíocht bheith ina éascaitheoir.
- Foghrúpaí tasc-bhunaithe gearrthéarmacha a bhunú, a thuairiscíonn chuig an Rúnaíocht agus chuig an PPN Iomlánach ar deireadh, e.g. Airgeadas, Cumarsáid, Ballraíocht, Earcaíocht, etc.
- Athmheasúnú rialta a dhéanamh ar an tslí a gcuirtear na foghrúpaí sin le chéile agus a dtugtar uainíocht iontu do dhaoine. Tá baill PPN nach baill den Rúnaíocht iad incháilithe dul isteach sna foghrúpaí sin más cuí.
- Próisis agus nósanna imeachta soiléire a bheith ag an PPN arna gceadú ag an PPN Iomlánach.
- A chinntiú go gcuirtear na cláir oibre agus na miontuairiscí ar fad ó chruinnithe PPN Iomlánacha agus Rúnaíochta, chomh maith leis na tuarascálacha a eisíonn Ionadaithe PPN ar bhoird agus coistí Údarás Áitiúil ar fáil in am trátha ar láithreán gréasáin an PPN, chun an trédhearcacht is mó is féidir a chinntiú.

An PPN agus Ballraíocht a Chur Chun Cinn

Is ceart go mbeadh ballraíocht na PPNanna chomh héagsúil agus is féidir, rud a léireodh an ghníomhaíocht faoi stiúir oibrithe deonacha sa limistéar Údarás Áitiúil agus atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta. Seans nach eol do go leor eagraíochtaí gur ann don PPN agus gur iomaí tairbhe a bhaineann leis. Tá ról ag an Rúnaíocht ballraíocht a chur chun cinn ar fud a limistéir Údarás Áitiúil.

Is ceart don PPN a bheith réamhghníomhach chun na tairbhí a bhaineann le hionadaíocht an phobail ar Bhoird agus ar Choistí a chur chun cinn. Ar a laghad, ní mór gach Ionadaí pobail ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil a cheapadh trí bhíthin an PPN.

Is ceart do PPNanna a bheith oscailte do bhaill nua agus go háirithe do ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu de ghnáth. Dírítear ar go leor de na grúpaí sin faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) arna reáchtáil ag Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, agus bheadh sé áisiúil don PPN comhoibriú le SICAP chun teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí sin. Is ceart do Rúnaíocht PPNanna líonrú a dhéanamh lena mBallghrúpaí freisin ach freastal ar imeachtaí oiliúna agus líonraithe arna n-eagrú ag an PPN.



I gcásanna ina moltar athrú ar na critéir bhallraíochta, ní mór don Rúnaíocht na critéir bhallraíochta nua a chur faoi bhráid an PPN lomlánaigh lena gceadú. Sa chás gur mian le grúpa clárú agus nach léir go gcomhlíonann siad na critéir, féadfaidh an Rúnaíocht tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an ngrúpa sin (féadfaidh an Rúnaíocht an obair sin a tharmligean chuig na hOibrithe PPN).

I gcásanna áirithe, féadfar an chatagóir Ballraíocht Chomhlach a úsáid le haghaidh grúpaí na gcomhlíonann na critéir ar fad. Bheadh grúpaí den sórt sin in ann faisnéis agus oiliúint a aimsiú, etc., ach bheadh vótáil faoi lánrogha an PPN agus de réir a Bhunreachta.

Is ceart do Bhallghrúpaí a bheith in ann iad féin a roghnú mar eagraíochtaí Pobail agus Deonacha nó mar eagraíochtaí Uilechuimsitheachta Sóisialta bunaithe ar na sainmhínithe a chuirtear ar fáil, agus a bheith cláraithe mar chuid de na Coláistí sin. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Rúnaíocht treoir a thairiscint do Bhallghrúpaí molta más theastaíonn soiléireacht.



Mar riachtanas den Cholún Comhshaoil, ní mór go mbeadh grúpaí ar mian leo a bheith catagóirithe mar chuid den Choláiste Comhshaoil a bheith ceadaithe ag an gColún Comhshaoil. Ní mór don Rúnaíocht liosta de na grúpaí iarratasóra sin, chomh maith le tuairisc ar a ngníomhaíochtaí comhshaoil, a sheoladh chuig an gColún Comhshaoil, Ionad MACRO, 1 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, Teileafón: 01 878 0116 Ríomhphost: office@ien.ie

An Bunachar Sonraí Ballraíochta a Bhainistiú

Is ceart do ghrúpaí ath-chlárú leis an PPN gach dhá bhliain ar a laghad lena chinntiú go mbeidh a gcuid faisnéise cothrom le dáta. Is féidir sin a dhéanamh níos minice, ag brath ar riachtanais an PPN. Sa chás go dtagann an PPN ar an eolas go bhfuil athrú tagtha ar an bhfaisnéis atá acu faoi Bhallghrúpa, is ceart dó an fhaisnéis nua a dheimhniú agus a bhunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta chomh luath agus is féidir. Is ceart don Rúnaíocht agus d'Oibrithe PPN oibriú le chéile chun teacht ar bhealach le Ballghrúpaí a ath-chlárú nach mbeadh an iomarca ama i gceist leis agus nach mbeadh deacair ó thaobh riaracháin de, don Rúnaíocht, do na hOibrithe PPN nó do na Ballghrúpaí.

Is ceart do gach PPN prótacal maidir le hath-chlárú a dhréachtú. Tá sampla de phrótacal in Aguisín 14.

Tá an pointe/na pointí teagmhála PPN i mball-eagraíocht thar a bheith tábhachtach ó thaobh nuachtlitreacha agus faisnéis eile a scaipeadh. B'fhearr seoladh ríomhphoist a bheith san áireamh sna sonraí teagmhála, ach a choinneáil ar intinn gur seans nach mbeadh rochtain ar ríomhphost ag grúpaí áirithe, is faoin Rúnaíocht é mionsonraí teagmhála a dheimhniú, le ceadú ón PPN lomlánach.

Nuair is féidir é, ní ceart go mbeadh duine amháin ina phointe teagmhála do níos mó ná grúpa amháin. Mar gheall go bhfuil deighilt idir feidhmeanna Ionadaithe Poiblí agus an PPN, ní ceart go mbeadh Ionadaithe Colúin, daoine a bhfuil ról polaitiúil acu (i.e. Comhairleoirí, TDanna, Seanadóirí agus FPEanna), ná baill foirne na nÚdarás Áitiúil ina bpointe teagmhála PPN d'eagraíochtaí. Is ceart do gach PPN seoladh ríomhphoist PPN ginearálta a úsáid (e.g. 'info@sampleppn.ie') mar phríomh-mhodh teagmhála, seachas seoladh ríomhphoist a bhaineann le duine faoi leith.

Chun rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh, is ceart do Bhallghrúpaí faisnéis rialta a fháil faoin PPN, faoin tslí a n-oibríonn sé agus faoin tslí a bhféadfaidh siad a bheith níos rannpháirtí ann.

PPNanna Ceantair Bhardasaigh

Tá formhór mór na gcontaetha eagraithe ina gCeantair Bhardasacha anois, áit a bhfuil cumhachtaí áirithe ag comhairleoirí agus ag baill foirne na nÚdarás Áitiúil maidir le hoibreacha oibríochta agus cothabhála sa Cheantar. Moltar do PPNanna Ceantair Bhardasaigh a eagrú i ngach Ceantar Bardasach i gceantar PPN. Is é sin an áit a ndéantar cinnteoireacht agus is ceart láithreach i ngach Ceantar Bardasach a bheith ag gach PPN lena chinntiú go gcloistear guth an phobail. Is ceart do Rúnaíocht an PPN agus d'Oibrithe an PPN oibriú leis na Ballghrúpaí chun iad a spreagadh a bheith rannpháirteach ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh, nó ar leibhéal fo-struchtúir ar bith eile i gcathracha, ach na buntáistí a bhaineann leis sin a chur in iúl ar bhealach soiléir agus inrochtana.

I gcathracha nach bhfuil struchtúr Ceantair Bhardasaigh iontu, seans gur mian le PPNanna fo-PPNanna a bhunú i limistéir gheografacha sainithe, bunaithe ar Thoghanna nó ar Choistí Ceantair Áitiúil an Údaráis Áitiúil, b'fhéidir.

An Bunachar Sonraí Ballraíochta

Tá an Rúnaíocht freagrach as an mbunachar sonraí ballraíochta a bhainistiú trí bhíthin Salesforce (faoi réir ag comhlíonadh iomlán RGCS). Féadfaidh sí a hoibríochtaí a tharmligeann chuig Oibrí nó tríú páirtí, ach ní mór don bhunachar sonraí ballraíochta a bheith faoi rialú agus faoi stiúir na Rúnaíochta.

Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go gcomhlíonann rochtain ar an mbunachar sonraí Salesforce an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí an t-am ar fad agus go bhfuil beartais agus treoirlínte um chosaint sonraí i bhfeidhm.

Tacú le Fís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt

Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fís a leagan amach le haghaidh folláine an phobail don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Is tionscadal tábhachtach don PPN é a chinntiú go gcuireann PPNanna am ar leataobh chun an méid ar mian leis na

Ballghrúpaí a bhaint amach dá bpobal a fhiosrú, le go bhféadfaidh na huaillmhianta sin a bheith mar bhonn eolais d'obair na PPNanna. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid acu mar bhonn eolais dá gcomhairliúcháin agus don ionchur ó Ionadaithe. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Is fiú go mór an próiseas chun Fís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt, cé go bhfuil go leor ama i gceist leis. Teastaíonn comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sheoladh chuig an PPN lomlánach lena cheadú, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir. Agus í ag tacú le forbairt na físe sin, beifear ag súil go bhfreastalóidh an Rúnaíocht ar oiliúint ar an bpróiseas a úsáidtear chun an Fhís a fhorbairt agus, nuair is gá, ar na scileanna éascaithe a theastaíonn chun comhairliúcháin le Ballghrúpaí a éascú.

Is ceart do bhaill na Rúnaíochta a bheith ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ionchur do na comhairliúcháin agus chun an dréacht-fhoclaíocht don chomhairliúchán a fhorbairt.

Maoirseacht ar Thoghcháin Ionadaithe PPN

Nuair a chuardaíonn Údarás Áitiúil nó gníomhaireacht, Bord nó Coiste eile Ionadaí PPN, is ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht PPN leis na mionsonraí seo a leanas:

- Teideal an Bhoird nó an Choiste
- Feidhm agus raon feidhme an Bhoird nó an Choiste
- Baill reatha an Bhoird nó an Choiste
- An tiomantas a bhfuiltear ag súil leis ó Ionadaí PPN e.g. am agus áit cruinnithe, rannpháirtíocht i bhfoghgrúpaí, bheith ina stiúrthóir cuideachta, etc.
- Na scileanna ar mian leo go mbeadh ag an Ionadaí. (Tugtar ar aird: ní féidir leo a bheith ró-shrianta, e.g. ghlacfaí le “spéis sna saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus eolas orthu”, ach seans nach nglacfaí le “bheith ina g(h)airmí cúraim sláinte cáilithe”.)
- Cad iad na costais iníoctha.
- Srianta ar bith ar bhallraíocht ar an mBord nó ar an gCoiste, e.g. gan a bheith ina f(h)ostaí nó ina b(h)all d'eagraíocht a fhaigheann maoiniú go díreach ón mBord nó ón gCoiste (coinbhleacht leasa), nó gan a bheith ina b(h)all d'earnáil ainmniúcháin eile, e.g. feirmeoireacht a bhfuil ionadaíocht aici ar an mBord nó ar an gCoiste cheana féin, nó bheith as limistéar geografach nó cineál eagraíochta áirithe. Mar shampla, d'fhéadfadh Local Link Ionadaí a lorg ó gach Ceantar Bardasach i limistéar Údarás Áitiúil; d'fhéadfadh Comhpháirtíocht Spóirt Ionadaithe a lorg as spriocghrúpaí difriúla, e.g. daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas etc.

- Aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh tionchar aici ar rannpháirtíocht iomlán Ionadaí ar an mBord nó ar an gCoiste.
- Cúrsaí ábhartha eile.

Sa chás nach dtugtar na mionsonraí sin, is ceart don Rúnaíocht iad a iarraidh ón Údarás Áitiúil nó ón ngníomhaireacht a bhfuil Ionadaíocht PPN á lorg aici.

Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go ndéantar ainmniúcháin agus toghcháin d'áiteanna ar Bhoird agus ar Choistí go tráthúil agus de réir na bpróiseas a bhunaigh an PPN. Tugtar sampla díobh sin i gCuid 4.



Agus na próisis sin á bhforbairt, ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Is ceart do Nascghrúpa / Ghrúpa Téamach Ballghrúpaí na hIonadaithe PPN ar fad ar Bhoird nó ar Choistí a ainmniú (agus iad a thógadh, i gcásanna áirithe). Is ceart do Bhoird nó do Choistí tuairisciú chuig Nascghrúpa / Grúpa Téamach Ballghrúpaí agus déanamh de réir a dtreoracha. Ní dhéanann siad ionadaíocht ar a leasanna féin ná ar leasanna a n-eagraíochta féin.
- Leis struchtúr an Nascghrúpa / an Ghrúpa Théamaigh, tugtar deis grúpa daoine sa phobal a fhorbairt a bhfuil tuiscint níos doimhne acu ar shaincheistean beartais agus ar an tionchar a bhíonn acu. Is cuid lárnach d'obair Rúnaíocht PPN é struchtúr Nascghrúpa/ Ghrúpa Théamaigh a chur ar bun agus é a fhorbairt.
- Is ceart ionadaíocht a leathnú amach ó thaobh cúrsaí inscne, geografacha agus cineál eagraíochta.
- Ní ceart do dhuine ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN ach ar Bhord nó ar Choiste amháin (seachas i gcás bhaill den Rúnaíocht a bhfuil cead acu ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN ar Bhord nó ar Choiste amháin chomh maith lena n-ionadaíocht ar an Rúnaíocht). Cé go bhféadfaidh imthosca eisceachtúla teacht chun cinn, is ceart gurb é raon Ionadaithe a chinntiú an bunphrionsabal.
- Bunaítear ionadaíocht PPN in eagraíochtaí atá faoi stiúir oibrithe deonacha agus is próiseas ar leithligh é ó Pholaitíocht Rialtais, e.g. TDanna, FPEanna, Seanadóirí, Comhairleoirí, etc. Dá bharr sin:
 - Ní féidir Ionadaithe tofa de chuid Údaráis Áitiúla, comhaltaí Oireachtais ná FPEanna a ainmniú leis an bpróiseas sin.
 - Ní féidir le duine a chuir é féin chun cinn lena ainmniú le bheith tofa, duine a sheas i dtoghchán ná a d'fhóin ina ionadaí tofa ar leibhéal rialtais ar bith (áitiúil, náisiúnta nó Eorpach), ní féidir leis ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN faoi ról Ionadaíochta ar bith, lena n-áirítear ar an Rúnaíocht, ar feadh thréimhse 12 mhí i ndiaidh an dáta ar cuireadh in iúl dó nár éirigh lena iarracht ar ainmniúchán, nó, sa chás gur ainmníodh é, 12 mhí i ndiaidh dháta an toghcháin, nó sa chás gur toghadh é, 12 mhí i ndiaidh a théarma oifige a chur isteach.

An Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil

Is cuid lárnach de rannpháirtíocht an phobail le struchtúir rialtais áitiúil é an PPN. Féadfaidh PPNanna tacú le hobair an Údaráis Áitiúil ach comhairliúcháin lena mBallghrúpaí a éascú agus tacaíocht do thionscnaimh ábhartha Údarás Áitiúil a spreagadh, nuair is chun leasa a mbaill iad.

Beartais an Údaráis Áitiúil

De bharr an dlúthchaidrimh idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, d'fhéadfadh beartais áirithe an Údaráis Áitiúil tionchar a imirt ar an PPN. Ní mór don Rúnaíocht plé leis an Údarás Áitiúil ar bhealach measúil agus comhoibríoch, agus a choinneáil ar intinn go bhfuil freagrachtaí ar Údaráis Áitiúla nach mór dóibh a chomhlíonadh agus beartais nach mór cloí leo agus iad ag feidhmiú a ndualgais (e.g. tuairisceáin airgeadais).

Meabhrán Tuisceana

Ní mór do gach PPN Meabhrán Tuisceana a chomhaontú leis an Údarás Áitiúil agus le heagraíochtaí ábhartha eile. Is ceart na príomhréimsí idir an dá struchtúr a bheith san áireamh ann, agus is ceart go dtabharfadh sé soiléireacht maidir le ról agus caidrimh, chomh maith le dúbláil a sheachaint.

Ar a laghad, is ceart don Mheabhrán Tuisceana an méid a leanas a chuimsiú:

- Rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus ionadaíocht, i.e. toghcháin, Ionadaithe agus Nascghrúpaí / Grúpaí Téamacha a bhainistiú, rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin agus i bhfóiraim eile, an seasamh ó thaobh príomh-shaincheisteanna a fhorbairt, etc.
- Fostaíocht, éascaíocht agus tacaíocht ó thaobh Oibrithe PPN, lena dteastaíonn tuiscint shoiléir ar chásanna ina bhfuil Oibrithe PPN fostaithe ag an Údarás Áitiúil ach ag fáil tacaíochta ó Rúnaíocht an PPN.
- Earcaíocht agus roghnú Oibrithe PPN agus ról an Údaráis Áitiúil agus na Rúnaíochta sa phróiseas earcaíochta agus roghnaithe sin.
- Méadú Acmhainneachta i.e. oibriú le Ballghrúpaí chun a dtuiscint ar an PPN agus a rannpháirtíocht leis a mhéadú; measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus oiliúint ábhartha a chur ar fáil, líonrú a éascú agus dea-chleachtas a roinnt idir Bhallghrúpaí; líonraí a fhorbairt, etc.
- Comhroinnt faisnéise agus cumarsáid, i.e. oibriú le baill, láithreán gréasáin a fhorbairt agus a chothabháil, nuachtlitir rialta a dhearadh agus a fhoilsiú.
- Gníomhaíochtaí eile, i.e. oifig agus foireann a bhainistiú, cruinnithe rialta den Rúnaíocht, PPNanna Ceantair Bhardasaigh agus PPN lomlánach a thionól, idirchaidreamh leis an Údarás Áitiúil, an bunchar sonraí a bhainistiú, faireachán agus meastóireacht, riarachán ginearálta, etc.

Tugtar sampla de Mheabhrán Tuisceana in Aguisín 13. Tá an Meabhrán Tuisceana sin mar chuid de Phlean Oibre bliantúil an PPN agus is ceart é a athbhreithniú gach bliain lena chinntiú go bhfuil sé cuí agus ábhartha.

Réiteach Díospóidí – Údarás Áitiúla

Is ceart gach díospóid idir an PPN agus an t Údarás Áitiúil a réiteach go háitiúil ar bhealach a léiríonn an caidreamh oibre idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus meas ar neamhspleáchas an dá thaobh.

Díospóid ar bith nach féidir a réiteach go háitiúil idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, déanfar é a tharchur chuig eadráin arna héascú ag eadránaí neamhspleách. Is trí bhíthin chomhaontú idir an Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil a roghnófar an t-eadránaí. Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú i ndáil le headránaí, ceapfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail eadránaí neamhspleách. Beidh feidhm leis sin freisin maidir le headránaí ionaid a cheapadh, sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa ag an eadránaí bunaidh nó nach féidir leis feidhmiú ar chúis ar bith eile. I gcás eadrána, íocfaidh an tÚdarás Áitiúil agus an PPN leath de chostais na headrána agus de chostais ghaolmhara, i.e. íocfaidh an PPN a sciar de chostas na headrána as a bhuiséad féin agus íocfaidh an tÚdarás Áitiúil a sciar óna acmhainní féin. Ní féidir leis an Údarás Áitiúil an méid sin a bhaint óna leithdháileadh don PPN.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail cinneadh faoin gceist agus is cinneadh críochnaitheach é a bheidh ceangailteach ar an PPN agus ar an Údarás Áitiúil.

Socruithe Óstála

Déantar roinnt PPNanna a óstáil ag eagraíochtaí lasmuigh de struchtúir an PPN nó an Údarás Áitiúil. Sna cásanna sin, ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go bhfuil na comhaontuithe seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn téarmaí an tSocráithe Óstála a leagan amach agus lena chinntiú gur léir na fóireacha:

- i Meabhrán Tuisceana idir an tÚdarás Áitiúil agus an PPN i ndáil leis an mbliain reatha.
- ii Comhaontú Seirbhíse idir an Eagraíocht Óstála agus an PPN.
- iii Comhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás Áitiúil agus an Eagraíocht Óstála.

Freagracht Bhuiséid

Cibé struchtúr atá in úsáid ag an PPN agus neamhspleáchas na PPNanna ina gcuid oibre á chur san áireamh, is é an PPN atá freagracht as airgead poiblí a chaitheamh. Ní ceart buiséad an PPN a úsáid ach amháin le haghaidh obair an PPN, ag tacú le cuspóirí an PPN. Ní mór soláthar a dhéanamh i mBunreacht an PPN don tslí ar féidir buiséid PPN a chaitheamh. Agus buiséad an PPN á chaitheamh, ní mór don PPN cloí le Plean Oibre agus le Plean Straitéiseach an PPN agus le Ciorcláin na Roinne.

Tá an Rúnaíocht freagrach don PPN iomlánach, don Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail agus don Údarás Áitiúil i ndáil le buiséad bliantúil an PPN. €50,000 a bhí sa leithdháileadh bliantúil bunaidh do gach PPN ón Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail,

agus bhí ar a laghad €30,000 le teacht ón Údarás Áitiúil. Le blianta beaga anuas, tá leithdháileadh breise déanta ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail chun post breise d'Oibrí Tacaíochta a áirithiú. Cuirfidh Údaráis Áitiúla forlíonadh le leithdháileadh na Roinne trí bhíthin leithdháileadh breise i gcomhréir le Ciorclán CVSP 2/2019 ón Roinn.



Ní mór don PPN an leithdháileadh maoinithe don Oibrí Acmhainní agus an leithdháileadh maoinithe breise chun an tOibrí Tacaíochta a earcú a imfhálú chun críocha an PPN agus ní ceart iad a úsáid chun aon chríocha eile.

Is ceart don Rúnaíocht oibriú leis na hOibrithe PPN chun an Buiséad bliantúil a cheapadh lena cheadú ag an PPN lomlánach.

Cé go bhféadfaidh comhlacht eile é a riar, ní mór don bhuiséad sin a bheith faoi rialú an PPN. Tá an PPN saor chun iarratas a dhéanamh ar dheontais agus ar mhaoiniú breise chun tacú le hoibreacha eile arna ndéanamh i gcomhréir le Plean Oibre an PPN. Sa chás go bhfuil an maoiniú PPN á choinneáil i gcuntas bainc a fheidhmíonn an tÚdarás Áitiúil, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil iarraidh ar an PPN caiteachas a dhearbhu ag teacht le ghnáth-nósanna imeachta airgeadais an Údaráis Áitiúil sin. Ní fhéadfaidh an tÚdarás Áitiúil faisnéis a iarraidh taobh amuigh de na nósanna imeachta oibrithe airgeadais sin, ná iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an tslí a gcaitheann an PPN a bhuiséad. Sa chás go dtagann díospóid chun cinn, déanfar í a tharchur chuig eadránaí agus íocfaidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil araon sciar cothrom den chostas ar fad a bhaineann leis an eadráin óna n-acmhainní féin.

Bunaítear an leithdháileadh maoinithe chuig an PPN ar dhearbhu ón PPN go bhfuil próiseas buiséid stuama i bhfeidhm aige agus go bhfuil modh soiléir cuntasachta agus cinnteoireachta ar leibhéal an PPN lomlánach. Is ceart don Rúnaíocht nithe a bhaineann leis an mbuiséad a cheadú agus na beartais sin a leanúint acu.

An Rúnaíocht agus an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail

Anuas ar mhaoiniú, tugann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail tacaíocht do PPNanna maidir le cúrsaí oibriúcháin, trí bhíthin chiorcláin ón Roinn.



Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go scaiptear na Ciorcláin sin ón Roinn ar gach duine a mbeadh tionchar acu orthu nó nach mór a bheith ar an eolas fúthu agus ní mór don PPN iad a chomhlíonadh go hiomlán. Sa chás nach bhfuil an Rúnaíocht cinnte faoi cad atá i gceist ag an Roinn i gclóclán ar bith, is ceart di iarraidh ar an Roinn soiléireacht a thabhairt, chomh luath agus is féidir. Sa chás go n-eisíonn an Roinn ciorclán nua, is ceart don PPN a chinntiú go ndéantar aon athrú riachtanach ar a dhoiciméadúchán rialála agus é sin a dhaingniú ansin ag an gcéad chruinniú eile leis an PPN lomlánach.

7

Na hOibrithe PPN



Tá Oibrí Acmhainní ag gach PPN (cé go bhféadfaidh teidil dhifriúla a bheith i bhfeidhm i PPNanna difriúla, úsáidtear an téarma 'Oibrí Acmhainní' sa Lámhleabhar seo). Is é ról an Oibrí Acmhainní tacú leis an Rúnaíocht agus leis an PPN lomlánach agus dualgais agus tascanna a dhéanamh thar ceann an PPN, i gcomhréir le Plean Oibre an PPN. Ó 2019 i leith, tugann Oibrí Tacaíochta tacaíocht d'obair an Oibrí Acmhainní i bhformhór na PPNanna. Féadfaidh na hOibrithe Acmhainní agus na hOibrithe Tacaíochta (na hOibrithe PPN, i dteannta a chéile) a bheith fostaithe ag an Údarás Áitiúil, ag an Eagraíocht Óstála nó ag Cuideachta Tacaíochta PPN sainchuspóireach.

Is í an Rúnaíocht a éascaíonn agus a chumasaíonn gnáthghníomhaíochtaí na nOibrithe PPN thar ceann an PPN lomlánach. Agus sin á dhéanamh, is tábhachtach go leanantar dea-chleachtais Acmhainní Daonna.



Ní mór Coiste Idirchaidrimh Foirne, a bheadh comhdhéanta de thriúr ball den Rúnaíocht, a bhunú, chun plé go díreach leis na hOibrithe PPN agus chun tacú leo ina ról. Ní mór oiliúint acmhainní daonna a chur ar bhaill an Choiste Idirchaidrimh Foirne seo sula dtosaíonn siad amach ina bpost ar an gCoiste Idirchaidrimh Foirne.

Cibé slí a bhfuil na hOibrithe PPN fostaithe, oibríonn siad thar ceann an PPN amháin agus is ceart dóibh iad féin a chur ar an eolas faoi na beartais agus na nósanna imeachta a bhaineann lena PPN.

Maidir le roinnt Oibrithe PPN atá fostaithe ag an Údarás Áitiúil, d'fhéadfadh struchtúr bainistíochta líne laistigh den Údarás Áitiúil sin a bheith i gceist leo. De bharr go bhfuil an PPN neamhspleách ón Údarás Áitiúil i bhfeidhmiú a róil, is ceart struchtúr bainistíochta líne ar bith a theorannú chuig saincheisteanna Acmhainní Daonna agus ní féidir leo tionchar a imirt ar oibriú an PPN ná ar fheidhmíocht a ndualgais PPN ag na hOibrithe PPN. An fhad a mhaireann sannachán chuig an PPN, ní féidir dualgais lasmuigh den ról sin a thabhairt d'Oibrithe PPN, ná iarraidh orthu dualgais mar sin a dhéanamh, gan dul i gcomhairle an PPN roimh ré agus comhaontú a fháil uaidh.

Sa chás go nglacann an PPN le oiliúnaithe, oibrithe Tús nó oibrithe ó Scéimeanna eile, ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil rochtain ar oiliúint agus deiseanna um méadú acmhainneachta acu sa ról atá acu, go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán faoi na beartais agus na nósanna imeachta a oibríonn an PPN agus go dtugtar tacaíocht dóibh lena gcuid oibre.

Ról an Oibrí PPN

Tá ról an Oibrí Acmhainní agus an Oibrí Tacaíochta mar atá leagtha amach ina dtuairisc poist faoi seach.

Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag na hOibrithe tacú le:

- Plean Straitéiseach a Fhorbairt
- cur chun cinn an PPN
- riachtanais Bhallghrúpaí PPN maidir le méadú acmhainneachta, líonrú agus faisnéis
- Ionadaithe PPN ar Bhoird agus ar Choistí
- Rúnaíocht PPN
- tacú leis an PPN idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil chun clár oibre an PPN a bhrú chun cinn
- obair PPN ar an leibhéal náisiúnta

Plean Straitéiseach a Fhorbairt

Is ceart do gach PPN Plean Straitéiseach a bheith i bhfeidhm aige a mhaireann tréimhse trí go cúig bliana, ag brath ar leithdháiltí maoinithe bliantúla. Is ceart do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach sin a fhorbairt; is ceart don Rúnaíocht agus do na hOibrithe é a scríobh; agus is ceart don PPN lomlánach é a cheadú.

An PPN a Chur Chun Cinn

Is ceart don PPN na buntáistí a bhaineann le hionadaíocht phobail ar Bhoird agus ar Choistí a chur chun cinn go réamhghníomhach. Tá ról lárnach ag na hOibrithe PPN sa chur chun cinn sin.

Tacaíocht a chur ar fáil do Bhallghrúpaí

An Bunachar Sonraí Ballraíochta a Choimeád

Féadfaidh an Rúnaíocht feidhmiú an Bhunachair Shonraí Ballraíochta ó lá go lá a tharmligean chuig na hOibrithe PPN. Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar na hOibrithe PPN faoin tslí leis an mbunachar sonraí a úsáidtear chun ballraíocht an PPN a bhainistiú a fheidhmiú, chomh maith le hoiliúint faoi chosaint sonraí, lena chinntiú go gcomhlíonann an úsáid a mbaineann siad as an mbunachar sonraí leis an dlí, agus lena chinntiú go bhfuil Treoirlínte maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm.

Oiliúint agus Méadú Acmhainneachta

Is príomh-thacaíocht a chuireann na PPNanna ar fáil iad oiliúint agus deiseanna um méadú acmhainneachta a chur ar fáil do Bhallghrúpaí. Is ceart do na hOibrithe PPN Anailís ar Riachtanais Oiliúna a fhorbairt agus a scaipeadh ar Bhallghrúpaí an PPN gach dhá bhliain ar a laghad lena fháil amach cad iad na riachtanais oiliúna atá acu. Is ceart

don Anailís ar Riachtanais Oiliúna sin díriú ar phríomhchuspóir an PPN – riachtanais na mBallghrúpaí chun deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht bheartais áitiúil. Féadfaidh na hOibrithe PPN teacht ar an eolas, trína gcuid oibre, faoi riachtanais oiliúna eile a bheadh ag na Ballghrúpaí.

Is ceart do na hOibrithe PPN iarracht a dhéanamh deiseanna oiliúna agus méadaithe acmhainneachta a aimsiú do Bhallghrúpaí bunaithe ar bhuiséad oiliúna arna chomhaontú an tráth a fhorbraítear Plean Oibre an PPN agus arna cheadú ag an PPN Iomlánach. Is ceart don oiliúint a bheith saor in aisce nó ar chostas íseal do Bhallghrúpaí. Níl an PPN freagrach as freastal ar na riachtanais ar fad arna sainaitheint ag a Bhallghrúpaí. Tá raon clár oiliúna á thairiscint ag na hearnálacha Pobal agus Deonaí, Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Comhshaoil.

Faisnéis a Sholáthar

Is ceann de na príomhchúiseanna a fhéadfaidh grúpa éirí ina bhallghrúpa is ea faisnéis agus tacaíocht maidir le réimsí ábhartha do na Ballghrúpaí a sholáthar. Beidh spéis faoi leith ag Ballghrúpaí i bhfaisnéis faoi dheiseanna maoinithe.

Ina gcáil mar phríomhphointí teagmhála, is dócha gurb iad na hOibrithe PPN a gheobhaidh an fhaisnéis sin ar dtús agus ní mór dóibh í a scaipeadh ar Bhallghrúpaí an PPN go tráthúil.

Chun tacú le rannpháirtíocht na mBallghrúpaí, forbróidh na hOibrithe PPN tuarascáil don PPN Iomlánach faoi obair an PPN ó dháta an chruinnithe deiridh a bhí ag an PPN Iomlánach.

Tacaíochtaí Comhairliúcháin

Chomh maith le tacú leis na hIonadaithe PPN arna dtoghadh ag an PPN chun ionadaíocht a dhéanamh orthu ar Bhoird agus ar Choistí na nÚdarás Áitiúil, éascaíonn an PPN a Bhallghrúpaí a dtuairimí a thabhairt i raon comhairliúcháin atá tábhachtach dóibh. Is iad na hOibrithe PPN a fhógraíonn na comhairliúcháin sin, de ghnáth, agus is iad a chinneann an tslí ar cheart iad a éascú. Baineann go leor ama leis an obair sin agus braitheann sí go mór ar thacaíocht ón Rúnaíocht agus ón PPN Iomlánach.

Ag brath ar an gcomhairliúchán, d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin:

- Foirm ar líne a scaipeadh
- Aighneachtaí i scríbhinn a iarraidh trí bhíthin post/ríomhphost/foirm ar líne arna forbairt ag na hOibrithe PPN go sonrach don chomhairliúchán
- Imeachtaí comhairliúcháin a réachtáil le Ballghrúpaí

Is iad na hOibrithe is mó seans a thabharfadh “bearnaí” sa rannpháirtíocht faoi deara, i.e. grúpaí imeallacha a mbeadh deacracht acu teacht ar TF chun aighneachtaí ar líne a dhéanamh, nó a bheadh deacrachtaí litearthachta/ uimhearthachta acu, nó a mbeadh drogall orthu tabhairt faoi phróisis oifigiúla mar gheall ar an taithí atá acu orthu. Tá na hOibrithe PPN thar a bheith tábhachtach, mar sin, lena chinntiú go bhféadfaidh gach

Ballghrúpa PPN a bheith rannpháirteach go héifeachtach.

Ní mór go mbeadh Bunreacht i bhfeidhm ag gach PPN chun a ghníomhaíochtaí a rialú. Ní mór don PPN an Bunreacht sin a fhorbairt i gcomhar lena Bhallghrúpaí agus ní mór don PPN lomlánach é a cheadú. Is ceart do na hOibrithe PPN tacú leis an Rúnaíocht athbhreithniú a dhéanamh ar an mBunreacht go rialta lena chinntiú go bhfuil sé i gcomhréir le téarmaí an Lámhleabhair seo, leis na Ciorcláin ar fad ón Roinn agus le cuspóirí an PPN.

Tacú le Fís le haghaidh Folláine Phobail a Fhorbairt

Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fís a leagan amach le haghaidh folláine an phobail don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Is tionscadal tábhachtach don PPN é a chinntiú go gcuireann PPNanna am ar leataobh chun an méid ar mian leis na Ballghrúpaí a bhaint amach dá bpobal a fhiosrú, le go bhféadfaidh na huaillmhianta sin a bheith mar bhonn eolais d'obair na PPNanna. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid mar bhonn eolais dá gcuid oibre i gcomhairliúcháin agus don ionchur ó Ionadaithe. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Is fiú go mór an próiseas chun Fís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt, cé go bhfuil go leor ama i gceist leis. Teastaíonn comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sheoladh chuig an PPN lomlánach lena cheadú, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir. Agus í ag tacú le forbairt na físe sin, beifear ag súil go bhfreastalóidh an Rúnaíocht ar oiliúint ar an bpróiseas a úsáidtear chun an Fhís a fhorbairt agus, nuair is gá, ar na scileanna éascaithe a theastaíonn chun comhairliúcháin le Ballghrúpaí a éascú.

Is ceart do bhaill na Rúnaíochta a bheith ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ionchur do na comhairliúcháin agus chun an dréacht-fhoclaíocht don chomhairliúchán a fhorbairt.

PPNanna Ceantair Bhardasaigh

Tá formhór mór na gcontaetha eagraithe ina gCeantair Bhardasacha anois, áit a bhfuil cumhachtaí áirithe ag comhairleoirí agus ag baill foirne na nÚdarás Áitiúil maidir le hoibreacha oibríochta agus cothabhála sa Cheantar. Moltar do PPNanna Ceantair Bhardasaigh a eagrú i ngach Ceantar Bardasach i gceantar PPN. Is é sin an áit a ndéantar cinnteoireacht agus is ceart láithreach i ngach Ceantar Bardasach a bheith ag gach PPN lena chinntiú go gcloistear guth an phobail. Is ceart do Rúnaíocht an PPN agus d'Oibrithe an PPN oibriú leis na Ballghrúpaí chun iad a spreagadh a bheith rannpháirteach ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh, nó ar leibhéal fo-struchtúir ar bith eile i gcathracha, ach na buntáistí a bhaineann leis sin a chur in iúl ar bhealach soiléir agus inrochtana.

I gcathracha nach bhfuil struchtúr Ceantair Bhardasaigh iontu, seans gur mian le PPNanna fo-PPNanna a bhunú i limistéir gheografacha sainithe, bunaithe ar Thoghanna nó ar Choistí Ceantair Áitiúil an Údaráis Áitiúil, b'fhéidir.

Tacaíocht a chur ar fáil d'Ionadaithe PPN

Toghcháin agus Ceapacháin

Tá ról tábhachtach ag na hOibrithe Acmhainní agus ag na hOibrithe Tacaíochta sna próisis chun Ionadaithe a ainmniú agus a thoghadh. Mar an bpríomhphointe teagmhála, eagraíonn siad na próisis ainmniúcháin, cinntíonn siad go seoltar an fhaisnéis chuig na Ballghrúpaí sách luath lena n-ainmniúchán a dhéanamh (sa chás go gcuirtear faisnéis den sórt sin ar fáil don Oibrí PPN), eagraíonn siad an vótáil sa chás go dteastaíonn toghchán, agus déanann siad cumarsáid ag gach céim den phróiseas leis an Rúnaíocht agus leis na Ballghrúpaí.

Oiliúint Ionductaithe agus Tacaíochtaí

Socraíonn na hOibrithe PPN sceideal an oiliúnaithe ionductaithe do na hIonadaithe nuathofa, anuas ar an oiliúint ionductaithe arna heagrú ag Bord nó Coiste an Údaráis Áitiúil.

Tacaíonn siad le hIonadaithe PPN le linn a dtéarma oifige chomh maith. Ciallaíonn sin go bhfuil rochtain ag na hIonadaithe PPN ar an bhfaisnéis ábhartha roimh a gcruinnithe, go bhfuil rochtain acu ar an Teimpléad Tuairiscithe d'Ionadaithe (féach sampla in Aguisín 4) agus go meabhraítear dóibh an teimpléad a chríochnú sula ndéantar sin taobh istigh de mhéid ama réasúnach.

Tacaíocht a chur ar fáil do Rúnaíocht an PPN

Oibrithe deonacha ar chuid de Bhallghrúpaí iad atá sa Rúnaíocht. Ról deonach atá acu ar an Rúnaíocht, lena n-áirítear na hoibleagáidí agus na freagrachtaí ar fad a bhaineann leis sin, agus cuireann na hOibrithe PPN tacaíochtaí lárnacha ar fáil don Rúnaíocht. Athraíonn an ról sin idir PPNanna ach, tríd is tríd, tugann na hOibrithe PPN tacaíocht le:

1. Toghcháin agus Ceapacháin
2. Oiliúint Ionductaithe agus Tacaíochtaí
3. Faisnéis Ábhartha a chur ar fáil
4. Buiséad Bhlantúil an PPN a Fhorbairt
5. An Plean Oibre a Fhorbairt
6. An Tuarascáil Bhlantúil a Fhoilsiú
7. An Plean Straitéiseach a Fhorbairt

Toghcháin agus Ceapacháin

Tá ról lárnach ag na hOibrithe PPN sna próisis ainmniúcháin agus ceapacháin don Rúnaíocht. Mar an bpríomhphointe teagmhála, eagraíonn siad na próisis ainmniúcháin, cinntíonn siad go seoltar faisnéis chuig na Ballghrúpaí in am trátha chun ainmniúcháin a éascú agus déanann siad maoirseacht ar an bpróiseas ceapachán. Socraíonn siad cruinnithe an PPN lomlánaigh ina dtoghtar agus ina gceadaítear an Rúnaíocht.

Oiliúint Ionduchtaithe agus Tacaíochtaí

Socraíonn na hOibrithe PPN an sceideal oiliúna ionduchtaithe do bhaill nuacheaptha na Rúnaíochta agus cinntíonn siad go dtugtar tacaíocht dóibh ina gcuid oibre. Áirítear air sin a chinntiú go bhféadfaidh gach ball nua den Rúnaíocht rochtain a fháil ar bheartais agus ar nósanna imeachta an PPN, roinnt tacaíochta a thabhairt maidir le cruinnithe Rúnaíochta a eagrú agus tacú leis an Rúnaíocht chun Plean Oibre an PPN a fhorbairt.

Faisnéis Ábhartha a chur ar fáil

Is dócha gurb iad na hOibrithe PPN an chéad phointe teagmhála do raon páirtithe leasmhara agus tabharfar faisnéis áisiúil dóibh faoi réimsí atá tábhachtach don PPN tríd an líonrú eatarthu. Beidh cuid mhaith den fhaisnéis sin ábhartha don Rúnaíocht agus is ceart do na hOibrithe PPN a chinntiú go gcoinnítear an Rúnaíocht cothrom le dáta agus go ligtear dóibh a ndualgais a fheidhmiú. Féadfar iarraidh ar an Oibrí Acmhainní tuairiscí airgeadais agus oibriúcháin a thabhairt don Rúnaíocht ag a gcruinnithe chomh maith.

Buiséad Bliantúil an PPN a Fhorbairt

Is ceart don Rúnaíocht oibriú leis na hOibrithe PPN chun an Buiséad bliantúil a cheapadh lena cheadú ag an PPN lomlánach agus is ceart dó a bheith i gcomhréir le Bunreacht an PPN, lena chuspóirí, lena Phlean Oibre, lena Phlean Straitéiseach agus leis na Ciorcláin ón Roinn.

An Plean Oibre a Fhorbairt

Tá an Rúnaíocht freagrach as Plean Oibre an PPN a fhorbairt agus déantar sin i gcomhairliúchán leis an Údarás Áitiúil, i gcomhar leis na hOibrithe PPN agus i gcomhairliúchán le Ballghrúpaí. Cuirtear an Plean Oibre sin ar aghaidh chuig an PPN lomlánach ansin lena cheadú.

Ní mór do na hOibrithe PPN tacú leis an Rúnaíocht chun an Plean Oibre sin a fhorbairt agus chun a chinntiú gur féidir é a chur faoi bhráid an PPN lomlánaigh in am trátha lena cheadú nó lena leasú sula gcuirtear i bhfeidhm é.

An Tuarascáil Bhliantúil a Fhoilsiú

Déantar soláthar, sna tuairiscí poist do na hOibrithe Acmhainní agus do na hOibrithe Tacaíochta do dhualgais ghinearálta de réir mar a bhíonn de dhíth ag an PPN lena chinntiú go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach. Áirítear ar na dualgais sin, ach níl siad teoranta do, tacú leis an Rúnaíocht tuairisceán na Tuarascála Bliantúla a thabhairt chun críche go tráthúil. Is rithábachtach go dtugtar na tuairisceáin sin chun críche agus go gcuirtear ar ais iad faoin spriocdháta a thugtar ina leith. Mura ndéantar sin, seans go mbeidh tionchar ar na leithdháiltí maoinithe.

An Plean Straitéiseach a Fhorbairt

Is ceart do gach PPN Plean Straitéiseach a bheith i bhfeidhm aige a mhaireann tréimhse trí go cúig bliana, ag brath ar leithdháiltí maoinithe bliantúla. Is ceart do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach sin a fhorbairt; is ceart don Rúnaíocht agus do na hOibrithe é a scríobh; agus is ceart don PPN lomlánach é a cheadú.

Idirchaidreamh leis an Údarás Áitiúil

Is leis an Údarás Áitiúil atá ceann de phríomh-chomhchaidrimh an PPN. Is é an PPN an bealach chun an ionadaíocht phobail ar fad ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil a dhéanamh. Is príomh-chainéal freisin é le haghaidh comhairliúchán leis an Údarás Áitiúil. Féadfaidh PPNanna tacú le hobair an Údaráis Áitiúil ach comhairliúcháin a dhéanamh lena mBallghrúpaí agus tacaíocht a thabhairt maidir le tionscadail ábhartha Údarás Áitiúil a bheadh chun tairbhe a mball.

Is ábhar spéis do Bhallghrúpaí PPN deontais atá ar fáil ón Údarás Áitiúil. Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil faisnéis faoi na deontais sin don PPN agus scaipfidh na hOibrithe PPN an fhaisnéis sin ar Bhallghrúpaí an PPN. Ní ceart iarraidh ar na hOibrithe PPN na deontais sin a riar thar ceann an Údaráis Áitiúil mar go mbeadh tionchar aige sin ar neamhspleáchas an PPN.

Is é an tÚdarás Áitiúil a earcóidh agus a fhostóidh roinnt Oibrithe PPN, ach nuair a shannfar ar an PPN iad, is í an Rúnaíocht a éascófar iad agus a chuirfear ar a gcumas cuspóirí an PPN a bhrú chun cinn. Is ceart téarmaí an tsocraithe sin a leagan amach sa Mheabhrán Tuisceana idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus is ceart iad a shloinneadh go soiléir i socrú sannacháin ar bith atá i bhfeidhm. A mhéid agus is féidir, agus faoi réir ag soláthar buiséid, is ceart go gcuimseodh na socruithe sannacháin tréimhse shonrach ama (trí bliana a mholtar) d'fhonn comhleanúnachas a chur ar fáil don PPN ó thaobh na hOibrithe PPN, fad a aithnítear nach mbeidh imeachtaí áirithe faoi rialú na heagraíochta a dhéanann an sannadh.

Buiséad an PPN

Is iad na hÚdaráis Áitiúla cómhaoinitheoirí an PPN. Tá an PPN freagrach don Údarás Áitiúil maidir le hairgead poiblí a chaitheamh. Ciallaíonn sin nach féidir buiséad an PPN a úsáid ach amháin chun tacú le hobair an PPN de réir cuspóirí an PPN, Bhunreacht an PPN, a Phlean Oibre, a Phlean Straitéisigh agus na gCiorclán ón Roinn. Níl an tÚdarás Áitiúil i dteideal míreanna caiteachais a cheadú roimh ré, seachas i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, más infheidhme.

Idirchaidreamh leis an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail

Anuas ar mhaoiniú, tugann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail tacaíocht do PPNanna maidir le cúrsaí oibriúcháin, trí bhíthin ciorcláin ón Roinn. Ní mór do na hOibrithe PPN tacú leis an Rúnaíocht lena chinntiú go mbíonn na ciorcláin sin ar fáil do gach duine ar cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu, agus lena chinntiú go gcloíonn an PPN lena bhfuil iontu. Sa chás nach bhfuil an Rúnaíocht ná na hOibrithe PPN cinnte faoina bhfuil i gceist ag an Roinn i gceann ar bith dá cuid ciorclán, is ceart dóibh soiléireacht a iarraidh ar an Roinn chomh luath agus is féidir.

Bheith ag obair ar leibhéal náisiúnta

Cé go bhfostaítear Oibrithe PPN go príomha le bheith ag obair i limistéir gheografacha a nÚdaráis Áitiúil féin, beidh deis acu bheith ag obair ar leibhéal réigiúnach nó náisiúnta le comhghleacaithe, mar shampla mar chuid de Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, trí bhíthin an Chomhdháil Náisiúnta PPN a eagrú agus freastal uirthi, agus trí bhíthin bheith rannpháirteach le tionscadail agus coistí ar leibhéal náisiúnta ó am go ham. Ach aistriú ó rannpháirtíocht áitiúil go dtí rannpháirtíocht réigiúnach nó náisiúnta, tugtar deis do na PPNanna a dtaithe agus a saineolas comhchoiteann a úsáid chun ionchur a dhéanamh sna beartais agus sna straitéisí a mbeidh tionchar díreach acu orthu féin, ar a bpobail agus ar a mBallghrúpaí.

Moltar d'Oibrithe Acmhainní bheith rannpháirteach leis an Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainní, áit a bhfaighidh siad tacaíocht ó phiaraí, taithí ar chomhfhoghlaim agus comhairle ar fhorbairtí dea-chleachtais.

Toghchán chuig Oifig Rialtais

D'fhoill neamhspleáchas an PPN a choimeád, ní fhéadfaidh Oibrithe PPN reatha seasamh i dtoghchán chun oifig Rialtais ar bith, bíodh sin ar bhonn áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, fad a bhíonn an post fós acu. Sa chás go gcinnfidh oibrí PPN seasamh i dtoghchán chun oifig Rialtais, ní mór dóibh éirí as a bpost láithreach sula gcuirfidh siad a n-ainm ar aghaidh le haghaidh ainmniúcháin.

Sa chás nach n-éiríonn le hoibrí PPN ina n-iarracht a bheith ainmnithe le seasamh i dtoghchán chun oifig Rialtais, ní mór dóibh fanacht 12 mhí ar a laghad ón dáta ar cuireadh in iúl dóibh nár éirigh lena n-iarracht a bheith ainmnithe sula gcuirfidh siad isteach ar ról mar oibrí PPN an athuair.

Sa chás go n-ainmnítear an t-oibrí PPN le seasamh i dtoghchán, ach nach n-éiríonn leo a bheith tofa, ní mór dóibh fanacht 12 mhí ar a laghad ó dháta an toghcháin sula gcuirfidh siad isteach ar ról mar oibrí PPN an athuair.

Sa chás go n-éiríonn leis an oibrí PPN a bheith tofa, ní mór dóibh fanacht 12 mhí ar a laghad ón dáta a dtéann a dtéarma oifig in éag sula gcuirfidh siad isteach ar ról mar oibrí PPN an athuair.

An Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainní

Tá an Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainní comhdhéanta d'lonadaithe as gach ceann de na 31 PPNanna. Tagann an grúpa sin le chéile chun dea-chleachtas ar feadh an líonra PPNanna a phlé agus chun oibriú le chéile chun an PPN a threisiú tríd is tríd. Cuireann siad na difríochtaí áitiúla agus réigiúnacha san áireamh, agus glacann siad leo.

Spreagtar Oibrithe PPN a bheith rannpháirteach le struchtúir neamhfhoirmiúla ar leibhéal réigiúnach freisin agus comhoibriú leo.

Taisteal agus Costais



Íocfar taisteal agus costais réasúnacha le PPN i leith cruinnithe agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an obair agus a tharlaíonn taobh amuigh dá mbaile nó dá ngnáth-áit oibre. Íocfar costais den sórt sin de réir ghnáthaimh na hearnála poiblí agus Bheartas an PPN um Taisteal agus Costais (féach sampla in Aguisín 6) agus sa chás nach bhfuil na costais sin in-aisghabhála ó fhoinsí eile agus sin amháin (e.g. freastal ar chruinniú Údarás Áitiúil. Sa chás sin, is é an tÚdarás a d'íocfadh na costais).



8

Na hÚdaráis Áitiúla



Is leis an Údarás Áitiúil atá ceann de phríomh-chomhchaidrimh an PPN. Is trí bhíthin ionadaíocht ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil a fhéadfaidh an PPN a chroíchuspóir a chomhlíonadh, eadhon, tacú lena Bhallghrúpaí a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht an rialtais áitiúil. Tá go leor de na hOibrithe PPN fostaithe ag an Údarás Áitiúil. Is tábhachtach go n-oibríonn an caidreamh sin go maith don PPN agus don Údarás Áitiúil araon agus gur féidir déileáil le fadhbanna ar bith go tapa agus go háitiúil, a mhéid agus is féidir.

Chun obair an PPN a bhrú chun cinn, ní mór do na hÚdaráis Áitiúla agus do na PPNanna oibriú le chéile agus caidreamh bríoch a dhéanamh lena chéile chun leasa an dá thaobh. Is é an PPN an príomhbhealach a fhaigheann Údaráis Áitiúla ionchur le haghaidh comhairliúcháin lena bpobail, agus tá ról lárnach ag PPNanna maidir le bheith ag tacú le gach limistéar Údarás Áitiúil a fhorbairt.

Tá caidreamh dearfach idir PPNanna agus Údaráis Áitiúla riachtanach le go n-éireoidh leo. Is ceart do sin a bheith bunaithe ar chomhionannas agus comhpháirtíocht, agus is ceart don dá thaobh meas a léiriú ar theorannacha a chéile agus ar neamhspleáchas na PPNanna. Féadfaidh PPNanna tacú le hobair an Údarás Áitiúil trí bhíthin comhoibriú ar chomhairliúcháin lena mBallghrúpaí agus tacaíocht do thionscnaimh ábhartha Údarás Áitiúil a bheadh chun leasa a mball a spreagadh.

Is ceart do gach PPN agus do gach Údarás Áitiúil Meabhrán Tuisceana soiléir a leagan amach chun oibríochtaí agus maoiniú an PPN a rialú, agus chun soiléireacht a thabhairt maidir le teorainneacha gach páirtí (féach an sampla de Mheabhrán Tuisceana in Aguisín 13).

Is iad seo a leanas na príomh-shaincheistanna atá le bheith sa Mheabhrán Tuisceana:

- Tá PPNanna neamhspleách ón Údarás Áitiúil, i.e. níl an PPN mar eintiteas ná na hOibrithe PPN freagrach don Údarás Áitiúil agus obair an PPN á dhéanamh acu.
- Tá gach Údarás Áitiúil freagrach as tacú leis an PPN a neamhspleáchas a choimeád agus as a chinntiú go gcoimeádtar teorainneacha cuí. Is amhlaidh sin go háirithe sa chás gurb é an tÚdarás Áitiúil a fhostaíonn na hOibrithe PPN.
- Ar fud an Údaráis Áitiúil, ní mór breathnú ar rannpháirtíocht phoiblí mar ghné thábhachtach, luachmhar d'fhorbairt beartais agus de chur i bhfeidhm, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ina leith. Ní choinnítear sin laistigh den Roinn Pobail agus sin amháin.
- Leantar an nós imeachta cuí agus tuarascálacha nó tuairisceáin maidir leis an PPN á gcur ar aghaidh.

Is ceart go bhfaighidh ball foirne uile na nÚdarás Áitiúil, go háirithe iad siúd a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an PPN, oiliúint ionductaithe a fháil ionas go mbeidh cur amach acu ar struchtúir agus ar Phlean Oibre an PPN. Is ceart oiliúint a chur ar fáil freisin d'ionadaithe tofa (i.e. Comhairleoirí, TDanna) ionas go mbeidh níos mó eolais acu faoi ról, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí PPNanna.

Lena chinntiú go ritheann an PPN go réidh agus leis an gcaidreamh idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil a fhorbairt, moltar go mbuailfeadh na daoine ábhartha ón PPN agus ón

Údarás Áitiúil le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad, chun réimsí a bheadh ina n-ábhair spéise agus imní don dá thaobh a phlé.

Buiséad an PPN

€50,000 a bhí sa leithdháileadh bliantúil bunaidh do gach PPN ón Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail, agus bhí ar a laghad €30,000 le teacht ón Údarás Áitiúil. Le blianta beaga anuas, tá leithdháileadh breise déanta ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail chun post breise d'Oibrí Tacaíochta a áirithiú. Táthar ag súil go gcuirfidh Údaráis Áitiúla forlíonadh le leithdháileadh na Roinne trí bhíthin leithdháileadh breise i gcomhréir le Ciorclán CVSP 2/2019 ón Roinn.

Is iad na hÚdaráis Áitiúla cómhaoinitheoirí an PPN. Tá an PPN freagrach don Údarás Áitiúil maidir le hairgead poiblí a chaitheamh. Ciallaíonn sin nach féidir buiséad an PPN a úsáid ach amháin chun tacú le hobair an PPN de réir cuspóirí an PPN, Bhunreacht an PPN, a Phlean Oibre, a Phlean Straitéisigh agus na gCiorclán ón Roinn. Níl an tÚdarás Áitiúil i dteideal míreanna caiteachais a cheadú roimh ré, seachas i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, más infheidhme.

Ní mór don PPN an leithdháileadh maoinithe don Oibrí Acmhainní agus an leithdháileadh maoinithe breise chun an tOibrí Tacaíochta a earcú a imfhálú chun críocha an PPN agus ní ceart iad a úsáid chun aon chríocha eile.



Cé go bhféadfaidh comhlacht eile é a riar, ní mór don bhuiséad sin a bheith faoi rialú an PPN. Tá an PPN saor chun iarratas a dhéanamh ar dheontais agus ar mhaoiniú breise chun tacú le hoibreacha eile arna ndéanamh i gcomhréir le Plean Oibre an PPN. Sa chás go bhfuil an maoiniú PPN á choinneáil i gcuntas bainc a fheidhmíonn an tÚdarás Áitiúil, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil iarraidh ar an PPN caiteachas a dhearbhu ag teacht le ghnáth-nósanna imeachta airgeadais an Údaráis Áitiúil sin. Ní fhéadfaidh an tÚdarás Áitiúil faisnéis a iarraidh taobh amuigh de na nósanna imeachta oibrithe airgeadais sin, ná iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an tslí a gcaitheann an PPN a bhuiséad. Sa chás go dtagann díospóid chun cinn, déanfar í a tharchur chuig eadránaí agus íocfaidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil araon ciar cothrom den chostas ar fad a bhaineann leis an eadráin óna n-acmhainní féin.

Leagtar amach na téarmaí faoin n-oibreoidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil le chéile sa Mheabhrán Tuisceana. D'fhéadfadh imthosca a bheith ann ina mbeadh iarratais bhreise ag an Údarás Áitiúil don PPN agus vice versa. Is faoin PPN / Údarás Áitiúil i gceist a bheadh sé na hiarratais sin a chomhlíonadh agus aird acu ar ualach oibre agus ar Phleananna Oibre faoi seach gach ceann díobh. Ní cheadaítear don Údarás Áitiúil ná don PPN táille a iarraidh le haghaidh na hiarratais bhreise sin.

Sa chás gur Eagraíocht Óstála tríú páirtí a óstálann an PPN, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil Comhaontú Seirbhíse leis an Eagraíocht Óstála sin, ina leagfar amach na téarmaí

agus coinníollacha a bhaineann le maoiniú a bheith á sholáthar ag an Údarás Áitiúil don Eagraíocht Óstála i ndáil leis an PPN. I gcásanna áirithe, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil Comhaontú Seirbhíse leis an PPN go díreach.

Tá samplaí de Chomhaontuithe Seirbhíse in Aguisín 15.

Foireann PPN agus Earcaíocht

Maidir le gach Oibrí PPN a earcú agus a roghnú, is ceart do Rúnaíocht an PPN agus don Oibrí Acmhainní, nuair is cuí, a bheith rannpháirteach go hiomlán i bpróiseas soiléir agus trédhearcach atá cuí chun riachtanais an PPN ar leith agus an tuairisc ghaolmhar ar phost a chomhlíonadh.

Aithnítear go bhféadfadh Oibrithe PPN a bheith fostaithe ag roinnt páirtithe leasmhara éagsúla, agus go bhféadfadh meascán de chonarthaí buana agus sealadacha a bheith i gceist, ag brath ar a gconradh fostaíochta, agus mar sin moltar go bhfostaítear Oibrithe Acmhainní agus Oibrithe Tacaíochta le bheith ag obair leis an PPN, faoi réir ag leithdháilte maoinithe, ar feadh thréimhse trí bliana ar a laghad, nuair is féidir sin. Ní chuirtear cosc ar na hOibrithe PPN leas a bhaint as deiseanna gairme eile, sa chás go dtiocfadh siad chun cinn go mbeadh spéis ag na hOibrithe PPN iontu.

In go leor cásanna, ba é an t Údarás Áitiúil a d'earcaigh agus a d'fhostaigh na hOibrithe PPN. Maidir leis an PPN a bhunú, sannadh na hOibrithe sin le bheith ag obair don PPN, agus ba mhinic gur lean siad orthu ag obair sa réimse céanna lena n-iar-chomhghleacaithe. Thuigfeá go bhféadfaidh sin mearbhall a chur ar dhaoine agus uaireanta d'fhéadfaí iarraidh ar Oibrithe PPN a bheith ag obair thar ceann an Údaráis Áitiúil taobh amuigh de raon feidhme a bpost reatha (mar Oibrí Acmhainní nó mar Oibrí Tacaíochta). Is riachtanach go léiríonn gach duine meas ar theorainneacha an tsannacháin sin agus ar neamhspleáchas na PPNanna. Tá méid mór oibre ag an PPN agus is gá ligean do na hOibrithe PPN a gcuid ama a chaitheamh ar an obair sin, de réir an róil atá acu.

Tá comhleanúnachas tábhachtach le go bhfeidhmeoidh an PPN i gceart, mar gheall go mbaineann go leor den obair ar chaidrimh a bhunú agus ar líonraí a chothú. Ach amháin sa chás go n-iarrann an tOibrí PPN a mhalairt, is ceart don Údarás Áitiúil a dhícheall a dhéanamh, faoi réir ag leithdháiltí bliantúla maoinithe, a chinntiú go bhfanann na hOibrithe PPN ina ról agus nach ndéantar iad a ath-implonnú laistigh den Údarás Áitiúil go ceann trí bliana ar a laghad. Sa chás go mbíonn deiseanna ar fáil don Oibrí PPN tríd an Údarás Áitiúil, féadfaidh siad roghnú leas a bhaint astu trí bhíthin an ghnáth-chomórtais.

Boird agus Coistí Údarás Áitiúil

Nuair a bhíonn ionadaí á iarraidh ag Bord nó Coiste ionadaí, is ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an PPN leis an mionsonraí seo a leanas:

- Teideal an Bhoird nó an Choiste
- Feidhm agus raon feidhme an Bhoird nó an Choiste
- Baill reatha an Bhoird nó an Choiste
- An tiomantas a bhfuiltear ag súil leis ó Ionadaí PPN e.g. am agus áit cruinnithe, rannpháirtíocht i bhfoghruaí, bheith ina stiúrthóir cuideachta, etc.
- Na scileanna ar mian leo go mbeadh ag an Ionadaí. (Tugtar ar aird: ní féidir leo a bheith ró-shrianta, e.g. ghlacfaí le “spéis sna saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus eolas orthu”, ach seans nach nglacfaí le “bheith ina g(h)airmí cúraim sláinte cáilithe”).
- Cad iad na costais iníoctha.
- Sriantha ar bith ar bhallraíocht ar an mBord nó ar an gCoiste, e.g. gan a bheith ina f(h)ostaí nó ina b(h)all d’eagraíocht a fhaigheann maoiniú go díreach ón mBord nó ón gCoiste (coinbhleacht leasa), nó gan a bheith ina b(h)all d’earnáil ainmniúcháin eile, e.g. feirmeoireacht a bhfuil ionadaíocht aici ar an mBord nó ar an gCoiste cheana féin, nó bheith as limistéar geografach nó cineál eagraíochta áirithe. Mar shampla, d’fhéadfadh Local Link Ionadaí a lorg ó gach Ceantar Bardasach i limistéar Údarás Áitiúil; d’fhéadfadh Comhpháirtíocht Spóirt Ionadaithe a lorg as spriocghruaí difriúla, e.g. daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas etc.
- Aon choinbhleacht leasa a d’fhéadfadh a bheith ann a mbeadh tionchar aici ar rannpháirtíocht iomlán Ionadaí ar an mBord nó ar an gCoiste.
- Cúrsaí ábhartha eile.

Ceartha agus Freagrachtaí Bhoird agus Choistí

Bíonn tionchar ollmhór ag an tslí a ndéanann an Coiste a ghnó ar éifeachtacht na hionadaíochta PPN. Ach stíl oscailte, éascaitheach a bheith aige, bíonn sé éasca do na baill ar fad a bheith rannpháirteach agus rannchuidiú. Tá na ceartha agus na freagrachtaí seo a leanas ar shainchúraimí an Chathaoirligh nó an Phríomhoifigigh (nó a chomhionann).

Freagrachtaí an Bhoird nó an Choiste

- Téarmaí tagartha agus nósanna imeachta / buanorduithe soiléire a leagan amach agus a chur in iúl, chomh maith le fis don Bhord nó don Choiste.
- Cruinnithe rialta a reáchtáil ag amanna agus áiteanna agus ar dhátaí a éascaíonn d’oibrithe deonacha a bheith rannpháirteach. Go hidéalach, is ceart na dátaí sin a shocrú don bhliain féilire.

- Cruinniú ionductaithe a thionól agus paca ionductaithe a thabhairt do bhaill nua chun próisis agus nósanna imeachta an Bhoird nó an Choiste a mhíniú.
- Clár oibre a leagan amach i gcomhairliúchán le baill agus a chur ar chumas na mball míreanna a chur ar an gclár oibre.
- Fógra míosa ar a laghad a thabhairt maidir le cruinnithe agus an clár oibre agus aon doiciméadúchán a bheadh le léamh a scaipeadh ar a laghad coicís roimh na cruinnithe. Dhéanfaí sin chun deis a thabhairt d'lonadaithe PPN dul i gcomhairle a Nascghrúpa / a nGrúpa Téamach roimh an gcruinniú lena chinntiú go bhfuil go leor faisnéise ag na hlonadaithe PPN chun tuairimí eolacha a thabhairt agus chun cinntí eolacha a dhéanamh.
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú ar bhealach oscailte agus trédhearcach. A chur ar chumas gach ball rannchuidiú a dhéanamh agus meas a léiriú air, agus cultúr de bheith ag éisteacht a chothú. Is ceart go mbeadh san áireamh air sin go leor ama a thabhairt chun míreanna ar an gclár oibre a phlé agus machnamh a dhéanamh orthu, agus chun foghrúpaí a chur ar bun, más gá, chun moltaí a chur faoi bhráid an phríomh-Bhoird nó an phríomh-Choiste. Is ceart cinntí a dhéanamh ar bhealach oscailte agus trédhearcach.
- A chinntiú go gcuirtear aon choinbhleacht leasa in iúl go soiléir agus go ndéileáiltear leo go cuí.
- Gach rud a phléitear a chur san áireamh sna miontuairiscí, a mhéid agus is féidir agus laistigh de theorainneacha na rúndachta agus na cosanta sonraí. Ní chiallaíonn sin gach focal a deirtear a chur sna miontuairiscí, ach go ndéantar nóta i gceart de gach phointe a phléitear.
- Ráiteas ar Thorthaí Comhaontaithe a tháirgeadh nó a chur sna miontuairiscí ag deireadh gach cruinnithe, ráiteas is féidir a roinnt leis an Nascghrúpa / leis an nGrúpa Téamach.
- Costais taistil agus costais eile a íoc le hlonadaithe PPN go tráthúil agus de réir chaighdeán an Údaráis Áitiúil maidir le Beartas um Taisteal agus Costais (is ceart go mbeadh cóip den bheartas sin i bpaca ionductaithe an Ionadaí).
- Oiliúint ábhartha a thairiscint do na baill ar fad agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill maidir le doiciméid theicniúla a thuiscint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí an Bhoird nó an Choiste ar bhonn rialta agus moltaí ar bith a dhéantar de bhun an athbhreithnithe sin a bhreithniú.

Oibleagáidí lonadaithe PPN mar bhaill de Bhoird nó de Choistí Údarás Áitiúil

- Freastalóidh baill ar chruinnithe, nó sannfaidh siad duine eile le freastal ina n-áit (más féidir sin).
- Déanfaidh baill ullmhúchán cuimsitheach do chruinnithe agus beidh siad rannpháirteach go hiomlán iontu.

- Tabharfaidh baill faisnéis ar ais dá Nascghrúpaí / dá nGrúpaí Téamacha agus glacfaidh siad treoir uathu.
- Beidh ról iomlán ag baill in oibríochtaí an Bhoird nó an Choiste, lena n-áirítear rannpháirtíocht i bhfoghgrúpaí, comhairliúcháin, etc.
- Beidh baill oscailte agus macánta agus iad ag plé leis an mBord nó leis an gCoiste. Cuirfidh siad aon choinbhleachtaí leasa in iúl.

An Fhís le haghaidh Folláine Phobail agus an tÚdarás Áitiúil

Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fíis a leagan amach le haghaidh folláine an phobail áitiúil don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Déantar í a fhorbairt i gcomhairliúchán le Ballghrúpaí i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin fairsing agus cuimsitheach. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid acu mar bhonn eolais dá gcomhairliúcháin agus don ionchur ó lonadaithe. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Baineann an próiseas chun an Fhís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt le comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sholáthar, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir.

Tá sé réimse san Fhís:

- Sláinte (Sláinte Coirp agus Meabhairshláinte)
- Eacnamaíocht agus Acmhainní
- Forbairt Shóisialta agus Phobail
- Rannpháirtíocht, Daonlathas agus Dea-Rialachas
- Luachanna, Cultúr agus Brí
- Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

Mar gheall ar an éagsúlacht atá i gceist agus ar fhairsinge na gcomhairliúcháin, féadfaidh an Fhís teimpléad a chur ar fáil chun rannchuidiú leis na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail le haghaidh gach limistéar Údarás Áitiúil. Is ceart don Údarás Áitiúil oibriú leis an PPN i ndiaidh dó a Fhís a fhorbairt chun comhoibriú a dhéanamh ar chomhairliúcháin a bheadh ag teacht leis an bhFís, d'fhonn dúbláil iarrachtaí agus “tuirse ó thaobh comhairliúcháin” a íoslaghdú.

Neamhspleáchas agus Cuntasacht

Cé go n-oibríonn sé go dlúth leis an Údarás Áitiúil, is líonra neamhspleách, ar leithligh é an PPN. Is ríthábhachtach d'ionracas an PPN agus do mhuinín a Bhallghrúpaí é an neamhspleáchas sin a chothabháil. Déanfaidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil dea-chaidreamh oibre a fhorbairt agus a chothabháil, ar an tslí a mhínítear sa gCuid seo.

Mar chómhagainitheoir, is príomhpháirtí leasmhar sna PPNanna é an tÚdarás Áitiúil agus tá an PPN freagrach don Údarás Áitiúil maidir le rialachas airgeadais agus airgead poiblí á chaitheamh.

Réiteach Díospóidí







Is ceart gach díospóid idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil a réiteach go háitiúil ar bhealach a léiríonn an caidreamh oibre idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus meas ar neamhspleáchas an dá thaobh.

Díospóid ar bith nach féidir a réiteach go háitiúil idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, déanfar é a tharchur chuig eadráin arna héascú ag eadránaí neamhspleách. Is trí bhíthin chomhaontú idir an Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil a roghnófar an t-eadránaí. Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú i ndáil le headránaí, ceapfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail eadránaí neamhspleách. Beidh feidhm leis sin freisin maidir le headránaí ionaid a cheapadh, sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa ag an eadránaí bunaidh nó nach féidir leis feidhmiú ar chúis ar bith eile. I gcás eadrána, íocfaidh an tÚdarás Áitiúil agus an PPN leath de chostais na headrána agus de chostais ghaolmhara, i.e. íocfaidh an PPN a sciar de chostas na headrána as a bhuiséad féin agus íocfaidh an tÚdarás Áitiúil a sciar óna acmhainní féin. Ní féidir leis an Údarás Áitiúil an méid sin a bhaint óna leithdháileadh don PPN.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail cinneadh faoin gceist agus is cinneadh críochnaitheach é a bheidh ceangailteach ar an PPN agus ar an Údarás Áitiúil.



Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna



Moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach i Rialtas Áitiúil gur cheart faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar obair PPNanna i gcomhréir le dea-chleachtas. Is é ról Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna an fheidhm faireacháin agus meastóireachta sin a dhéanamh. Tá grúpa oibre de chuid Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar eagrú Chomhdháil Bhliantúil na PPNanna freisin. Is éard a dhéanann Grúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna:

- a. Príomhtháscairí feidhmíochta do PPNanna a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn.
- b. Anailís agus plé ar dhul chun cinn áitiúil agus idirchaidreamh leis an Roinn maidir le dul i ngleic leis na príomh-shaincheisteanna a aithnítear.
- c. Faireachán ar an dul chun cinn maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm PPNanna ar fud na tíre chun comhleanúnachas a chinntiú ó thaobh chur i bhfeidhm ar fud na limistéar Údarás Áitiúil.
- d. Sa chás go sainaithnítear neamhréireanna, moltaí a dhéanamh faoin mbealach chun iad a réiteach.

Tá ballraíocht Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna comhdhéanta de:

- Ionadaí amháin as gach ceann de na hearnálacha Pobail agus Deonaí, Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Comhshaoil,
- Triúir Ionadaithe ó Rúnaíocht PPN, duine amháin as gach ceann de na hearnálacha Pobail agus Deonaí, Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Comhshaoil,
- Triúir Oibrithe Acmhainní PPN,
- Beirt bhall foirne Údarás Áitiúil (ar a laghad duine amháin ar leibhéal an Stiúrthóra Seirbhísí agus duine amháin a thacaíonn go díreach le PPN) agus
- Oifigeach ón Roinn (Cathaoirleach). Ball foirne ón Roinn a chuireann seirbhísí Rúnaíochta ar fáil.






Is féidir cur le ballraíocht an ghrúpa de réir mar is gá.

Lena chinntiú go ndéanann Grúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna ionadaíocht iomlán ar na grúpaí éagsúla ar páirtithe leasmhara PPN iad, déantar baill an Ghrúpa a ainmniú, a thoghadh nó a roghnú ar bhealach atá go hiomlán oscailte agus daonlathach. Fágтар faoi gach grúpa páirtithe leasmhara/earnáil é an próiseas chun ainmniúcháin a lorg a chinneadh. An t-aon cheanglas atá ar an Roinn, go mbeadh cibé próiseas a nglactar leis uilechuimsitheach, trédhearcach agus cóir, agus go mbeadh na daoine a ainmnítear sásta agus ar fáil chun glacadh le post ar Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna. Ceaptar baill Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna ar feadh téarma trí bliana.

Tagann Grúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna le chéile ar a laghad ceithre huair sa bhliain, uair sa ráithe de ghnáth. Scaiptear an clár oibre agus na miontuairiscí ar na baill taobh istigh de choicís ó dháta na gcruinnithe. Eagraítear cruinnithe breise más gá. Is féidir cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí pobail ábhartha agus do pháirtithe leasmhara eile freastal ar chruinnithe Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna chun faisnéis a sholáthar agus sin amháin.

Anuas ar a ról faireacháin, cuireann Grúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna comhairle ar an Roinn, agus tacaíonn léi, maidir leis na PPNanna a fhorbairt.

10 An Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail



Is ar an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail (an Roinn) atá an fhreagracht fhoriomlán as an líonra náisiúnta PPNanna a mhaoirsiú agus a fhorbairt. Cuireann sí raon tacaíochtaí ar fáil do na PPNanna agus déanann sí gach iarracht a chinntiú go gcloítear agus go dtacaítear le dea-chleachtas. Is iad príomhróil na Roinne:

- Na PPNanna a Mhaoiniú
- Na PPNanna a Chur Chun Cinn
- Dearbhú Cáilíochta
- Gníomhú mar Réiteoir Críochnaitheach i ndíospóidí idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil
- Tacú le Dea-Chleachtas

Na PPNanna a Mhaoiniú

€50,000 a bhí sa leithdháileadh bliantúil bunaidh do gach PPN ón Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail, agus bhí ar a laghad €30,000 le teacht ón Údarás Áitiúil. Le blianta beaga anuas, tá leithdháileadh breise déanta ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail chun post breise d'Oibrí Tacaíochta a áirithiú. Cuirfidh Údaráis Áitiúla forlíonadh le leithdháileadh na Roinne trí bhíthin leithdháileadh breise i gcomhréir le Ciorclán CVSP 2/2019 ón Roinn.

Ní mór don PPN an leithdháileadh maoinithe don Oibrí Acmhainní agus an leithdháileadh maoinithe breise chun an tOibrí Tacaíochta a earcú a imfhálú chun críocha an PPN agus ní ceart iad a úsáid chun aon chríocha eile.

Leithdháiltear an maoiniú sin ar an mbunús go gcinnteoidh gach PPN dea-chleachtas ina nósanna imeachta airgeadais, agus go mbeidh próiseas comhaontaithe i bhfeidhm acu, ag teacht le treoirlinnte um sholáthar poiblí arna gceadú ag an PPN lomlánach, le haghaidh caiteachas nach mbaineann le tuarastail, agus go mbeidh próiseas soiléir cinnteoireachta acu.

Na PPNanna a Chur Chun Cinn

Cinntíonn an Roinn go ndéantar na PPNanna a chur chun cinn go réamhghníomhach ar feadh an Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit ar fad agus gur eol do Ranna Rialtais poitéinseal na PPNanna ó thaobh a bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin áitiúla agus náisiúnta. Sampla amháin de sin is ea suíomh na PPNanna sa straitéis dar teideal *Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Cumhachtaithe: Straitéis cúig bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019–2024*.

Dearbhú Cáilíochta

Feidhmíonn an Roinn mar Chathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna agus oibríonn le páirtithe leasmhara ar an nGrúpa sin chun tacaíocht a thabhairt do na PPNanna ar fad maidir le dea-chleachtas.

Tá raon ciorclán foilsithe ag an Roinn chun tacú le dea-chleachtas in PPNanna. Is éigeantach do na PPNanna é cloí leis na ciorcláin sin agus tá siad mar chuid de phróiseas cinnteoireachta na Roinne nuair a dhéantar athbhreithniú ar leithdháiltí maoinithe.



Féadfaidh an Roinn, ó am go ham, iniúchtaí a dhéanamh ar PPNanna chun cleachtais a athbhreithniú agus chun tacú le dearbhú cáilíochta. Déantar na hiniúchtaí sin ar bhonn na samplála randamaí. Tabharfar fógra do na PPNanna sula ndéanfar an t-iniúchadh.

Réiteoir Críochnaitheach

Is ceart gach díospóid idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil a réiteach go háitiúil ar bhealach a léiríonn an caidreamh oibre idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus meas ar neamhspleáchas an dá thaobh.

Díospóid ar bith nach féidir a réiteach go háitiúil idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, déanfar é a tharchur chuig eadráin arna héascú ag eadránaí neamhspleách. Is trí bhíthin chomhaontú idir an Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil a roghnófar an t-eadránaí. Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú i ndáil le headránaí, ceapfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail eadránaí neamhspleách. Beidh feidhm leis sin freisin maidir le headránaí ionaid a cheapadh, sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa ag an eadránaí bunaidh nó nach féidir leis feidhmiú ar chúis ar bith eile. I gcás eadrána, íocfaidh an tÚdarás Áitiúil agus an PPN leath de chostais na headrána agus de chostais ghaolmhara, i.e. íocfaidh an PPN a sciar de chostas na headrána as a bhuiséad féin agus íocfaidh an tÚdarás Áitiúil a sciar óna acmhainní féin. Ní féidir leis an Údarás Áitiúil an méid sin a bhaint óna leithdháileadh don PPN.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail cinneadh faoin gceist agus is cinneadh críochnaitheach é a bheidh ceangailteach ar an PPN agus ar an Údarás Áitiúil.

Tacú le Dea-Chleachtas

Thacaigh an Roinn le raon tacaíochtaí a fhorbairt do PPNanna chun a gcuid oibre a chur i gcrích:

- Lámhleabhar PPN
- Tuarascáil Bhliantúil PPN
- Sraith straitéisí chun Fís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt
- Ciorcláin ón Roinn
- An Straitéis a thacaíonn le Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Cumhachtaithe.
- Tacaíochtaí oiliúna




11 Fís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt



Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fís a leagan amach le haghaidh folláine an phobail don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Ní mór do PPNanna am a chur ar leataobh chun an méid ar mian leis na Ballghrúpaí a bhaint amach dá bpobal a fhiosrú, le go bhféadfaidh na huaillmhianta sin a bheith mar bhonn eolais d'obair na PPNanna. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid acu mar bhonn eolais dá gcomhairliúcháin agus don ionchur ó lonadaithe ag cruinnithe Bhoird agus Choistí éagsúla. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Is fiú go mór an próiseas chun Fís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt, cé go bhfuil go leor ama i gceist leis. Teastaíonn comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sholáthar, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir. Agus í ag tacú le forbairt na Físe sin, beifear ag súil go bhfreastalóidh an Rúnaíocht ar oiliúint ar an bpróiseas a úsáidtear chun an Fhís a fhorbairt agus, nuair is gá, ar na scileanna éascaithe a theastaíonn chun comhairliúcháin le Ballghrúpaí a éascú. Ní mór dóibh amanna agus áiteanna oiriúnacha a eagrú ansin chun cruinnithe comhairliúcháin a thionól, a bheith rannpháirteach san ionchur comhairliúcháin agus i ndréachtú na dréacht-Fhíse le haghaidh ionchur ar líne sula gcuirtear bailchríoch ar an leagan críochnaitheach den Fhís, a bheidh ina bonn d'ionchur beartais ag an PPN.

Cuirtear an tsraith straitéisí chun an Fhís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt i láthair mar leabharlann acmhainní gréasán-bhunaithe, a bhfuil rochtain oscailte uirthi, agus tá sí le fáil [anseo](#). Sainithníodh an fhormaid sin mar an gceann is iomchuí, ó thaobh éifeachtachta costais agus inbhuanaitheachta de. Bíonn ábhair a ndéantar rochtain orthu ar an idirlíon le fáil go forleathan agus saor in aisce agus is éasca iad a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú, de réir mar is gá. Is féidir iad a íoslódáil freisin.



Tugtar forléargas ar an bPróiseas Folláine PPN sa chur i láthair ar PowerPoint dar teideal “An Próiseas Folláine PPN – Achoimre agus Sraith Straitéisí”. Féadfaidh úsáideoirí dul tríd an bpróiseas sa chur i láthair sin agus tugtar nasc chuig na hábhair acmhainní ábhartha a táirgeadh ag gach céim de.

Mínítear sna hacmhainní ar láithreán gréasáin na Físe a bhfuil i gceist don PPN ó thaobh tabhairt faoin bpróiseas. Is féidir an láithreán gréasáin a úsáid chun an próiseas a chur in iúl agus a mhíniú, mar lámhleabhar comhordaithe a ghabhann leis, agus mar phointe tagartha le haghaidh ábhar acmhainní.

Teastaíonn tiomantas ama agus tacaíocht ó na páirtithe leasmhara ar fad, go háirithe ó Rúnaíocht na PPNanna, chun Fís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt lena dtabharfar fíor-léiriú ar na PPNanna, ar a mbaill agus ar a bpobail. Is ceart go mbeadh Fís le haghaidh Folláine Phobail a thugann deis próifíl áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chruthú ag gach PPN, ionas go bhféadfaidh PPNanna pobail a chumhachtú chun teacht le chéile chun sochaithe níos inbhuanaithe a thógáil.

Buntáistí a bhaineann le Fís le haghaidh Folláine Phobail a Fhorbairt


Tugtar le tuiscint ón aiseolas ó na PPNanna a bhí rannpháirteach sa phróiseas seo go dtí seo gur bhain tairbhe leis an bpróiseas chun Físeanna Folláine a fhorbairt, ó thaobh cáilíocht an inneachair sna Físeanna féin agus mar phróiseas lena soláthraítear acmhainneacht níos fearr laistigh den PPN.

Luaigh lucht na PPNanna a bhí rannpháirteach sa chéim phíolótach na nithe seo a leanas mar bhuntáistí a fuarthas ón bpróiseas seo:

- tuiscint níos fearr ar bhainistiú tionscadal;
- meas níos mó ar an luach a bhaineann le pleanáil mhionsonraithe le haghaidh comhairliúcháin;
- an poitéinseal a bhaineann le comhairliúcháin a úsáid chun aschur bunaidh agus ardcháilíochta a chruthú; agus
- scileanna éascaithe a fhorbairt i measc na ndaoine a bhí rannpháirteach sa chéim phíolótach.



12 Measúnú ar an PPN



Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an PPN measúnú ar a chuid struchtúr, oibríochtaí agus feidhmíochta uair amháin sa bhliain ar a laghad. Ba chóir struchtúir agus feidhmíocht a bheith i gcomhréir le téarmaí an Lámhleabhair seo agus le Ciorcláin Roinne. Tugtar sampla de Sheicliosta Measúnaithe chun na críche sin in Aguisín 16.

Braithfidh measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an PPN ar Phlean Oibre aonair gach PPN. Ba chóir do gach PPN na nithe seo a leanas a mheas:

- na hionchuir a cuireadh ar fáil - airgeadas, acmhainní daonna, fisiciúil,
- na heaschuir, agus
- na torthaí do gach réimse oibre ar leith.

Bunaithe ar na torthaí, beifear ábalta ansin tionchar an phíosá oibre ar an bpobal, ar an PPN agus / nó a nGrúpaí Comhaltais a mheas. Ba chóir na torthaí agus na tionchair sin a athbhreithniú in aghaidh chuspóirí an PPN ar an iomlán lena chinntiú go bhfuil na cuspóirí sin á mbaint amach, agus go mbeidh siad fós ábhartha don PPN agus do riachtanais a nGrúpaí Comhaltais agus bainteach leo.

Tá eagraíochtaí éagsúla ann atá ábalta tacú le PPNanna chun na córais measúnaithe seo a fhorbairt. Ní féidir liosta cuimsitheach de na heagraíochtaí sin a chur ar fáil sa Lámhleabhar seo, mar dá ndéanfaí sin, bheadh claontacht nach bhfuil féarálte i gceist do na heagraíochtaí roghnaithe agus an baol ann go gcuirfí eagraíochtaí eile as an áireamh. Ba chóir do PPNanna a bhíonn i bpáirt le heagraíochtaí dul i mbun measúnuithe den chineál i gcomhréir leis na treoirlínte soláthair phoiblí.



**An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail**
Department of Rural and
Community Development

